




Éire a cheangal leis
an domhan

Cé sinn féin?

Grúpa domhanda aerfort agus miondíola taistil sinn a bhfuil gnólachtaí in 16 thír againn. Táimid faoi úinéireacht Stát na hÉireann agus tá ár gceanncheathrú suite ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is é ár bhfís bheith mar cheannairí thionscal an aerfoirt. Is é ár gcuspóir chun Éire a cheangal leis an domhan.

Buaicphointí 2019



Léargas ginearálta

- 1 Buaicphointí 2019
- 4 Faisnéis faoinár ngnólacht
- 6 Sracfhéachaint ar ár ngnólacht

Tuascáil straitéiseach

- 8 Ráiteas an Chathaoirligh
- 12 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
- 26 Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais
- 32 Ár straitéis
- 46 Príomhtháscairí feidhmíochta
- 51 Tuascáil ar Rioscaí
- 56 Inbhuanaitheacht

Rialachas

- 64 Bord na Stiúrthóirí
- 66 Foireann bhainistíochta feidhmiúcháin
- 68 Ár struchtúr rialachais
- 69 Tuascáil ar rialachas
- 77 Tuascáil na Stiúrthóirí
- 79 An ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Ráitis airgeadais

- 80 Tuascáil an iniúcháora neamhspleáigh
- 82 Cuntas brabúis agus caillteanais an ghrúpa
- 83 Ráiteas ioncaim chuimsithe an Ghrúpa
- 84 Clár Comhardaithe an Ghrúpa
- 85 Clár comhardaithe na cuideachta
- 86 Ráiteas an ghrúpa maidir leis an sreabhadh airgid
- 87 Ráiteas grúpa ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna
- 88 Ráiteas na cuideachta ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna
- 89 Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais
- 119 Achoimre cúig bliana ar thorthaí airgeadais
- 123 Faisnéis aerloingseoireachta
- 124 Faisnéis Ghinearálta Ghnó

Láimhdeachas

Airgeadais 2019

€935m

+4%

EBITDA

€302m

+4%

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 16

Trácht


Paisinéirí ag ár n-aerfoirt in Éirinn

35.5m

Méadú ar líonta paisinéirí
ag Aerfort Chorcaí

+8.3%

→ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 16



Miondíol

Díolacháin mhiondíola, bhia agus dí ag
aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí

€348m

+5% i gcomparáid
le 2018

→ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 16

D'oibrigh **53** aerlíne
eitiltí go beagnach
200 ceann scríbe
in **43** tír, ó Aerfort
Bhaile Átha Cliath
i samhradh 2019.

Oibríochtaí

Meáneitiltí sa lá ag Aerfort Bhaile
Átha Cliath

655

Feidhmíocht in am ag Aerfort Chorcaí

83.7%

→ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 16



Dámhachtainí



Bhuaigh Aerfort Chorcaí an **tAerfort is Fearr san Eoraip** a fhreastalaíonn ar líon níos lú ná cúig milliún paisinéir ag Tionól agus Comhdháil Bhliantúil 2019 Chomhairle Aerfort Idirnáisiúnta na hEorpa (CAI).

Bhuaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath **an Fotha Twitter Aerfoirt is Fearr** ag Dámhachtainí Mheáin Shóisialta agus Dhigiteacha 2019 Moodies.

Ainmníodh ARI Mheiriceá Thuaidh (ARINA) mar **an Oibríocht Mhiondíola Aerfoirt is Fearr** i gCríocha Mheiriceá sa chatagóir faoi bun 50 milliún paisinéir ag Cruinniú Mullaigh Idirnáisiúnta Duty Free News.

Ainmníodh ARI Mheiriceá Thuaidh mar **an tOibreoir Saor ó Dhleacht Aerfoirt is Fearr** i gCeanada an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile ag Coinbhinsiún Chomhlachas Saor ó Dhleacht Frontier.



Bhuaigh Aerfort Chorcaí won **Feachtas B2C is Fearr (Business-to-Consumer)** ag Dámhachtainí Spider 2019.



Bhuaigh Aerfort Chorcaí an Úsáid is Fearr a bhaint as Facebook (Aerfort) ag Dámhachtainí Mheáin Shóisialta agus Dhigiteacha 2019 Moodies.

Ba chomhbhuaiteoir Aerfort Bhaile Átha Cliath sna **Dámhachtainí um Cháilíocht Seirbhíse Aerfoirt an Domhain de chuid Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (CIA)** a iompraíonn idir 25 agus 40 milliún paisinéir sa bhliain.



Bhuaigh láithreán gréasáin The Loop an duais ab fhearr ag dámhachtainí **na Ríomhthrachtála Bia agus Dí is Fearr agus na Ríomhthrachtála Taistil, Ticéadaithe agus Siamsaíochta is Fearr** ag Dámhachtainí Ríomhthrachtála agus Íocaíochta 2019.



Bhuaigh siopa Avoca ag Aerfort Bhaile Átha Cliath **Comhoibriú na Bliana** ag Dámhachtainí Frontier.

An Méid a Dhéanaimid

Grúpa bainistíochta aerfort domhanda agus miondíola taistil sinn a bhfuil gnólachtaí in 16 thír timpeall an domhain againn.

01

Déanfaimid bainistiú

Tá úinéireacht againn agus déanaimid bainistiú ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí in Éirinn, agus déanaimid bainistiú ar Chríochfort 5 ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid in Riyadh, an Araib Shádach. Tá bun 20% againn in Aerfort Düsseldorf agus bun 11% in Aerfort Hermes, a oibríonn Aerfort Larnaca agus Phafas. Tá baint againn in oibríochtaí miondíola taistil timpeall an domhain.



Aerfort a Oibriú agus a Bhainistiú

Déanaimid bainistíocht ar nó tá bunanna againn in aerfoirt a láimhseáil beagnach 87 milliún paisinéir in 2019, Aerfort Bhaile Átha Cliath, a d'fhreastail ar 32.9 milliún paisinéir, Aerfort Chorcaí, a d'fhreastail ar 2.59 milliún, agus Críochfort 5 ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid, Riyadh, a d'fhreastail ar 15.9 milliún paisinéir ina measc.

Miondíol Aerfoirt Idirnáisiúnta

Tá oibríochtaí miondíola taistil ar bun ag ARI, ár ngnólacht miondíola aerfoirt idirnáisiúnta, i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh in Éirinn, Montréal, Winnipeg, Halifax agus Cathair Quebec i gCeanada, Bridgetown i mBarbadós, Larnaca agus Pafas sa Chipir, Béiriút, an Liobáin, Riyadh, an Araib Shádach, Muscat in Óman, Manama i mBairéin, Doha i gCatar, Deilí san India, Iacarta san Indinéis agus Auckland sa Nua-Shéalainn. Thaistil beagnach 185 milliún duine trí aerfoirt ina bhfuil láithreacht mhiondíola againn anuraidh.

An méid a chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí le geilleagar na hÉireann*

€10.7bn

* Foinse: Tuarascáil InterVistas 2019




02

Déanaimid infheistiú

Tá bun 20% againn, trí ARI, in Aerfort Idirnáisiúnta Düsseldorf agus tá bun 11% againn in Aerfoirt Hermes, a bhfuil úinéireacht acu ar agus a oibríonn Aerfoirt Larnaca agus Phafas sa Chipir. Tá úinéireacht ag CTC-ARI, fochuideachta atá bunaithe sa Chipir, ar an tairiscint mhiondíola taistil ag Larnaca agus Pafas, anuas ar scairsheilbhe chomhfhiontair san oibríocht Bhia agus Dí ag an dá aerfort.

Láimhdeachas an Ghrúpa de réir aicme ghnó



03

Cuirimid comhairle ar fáil


Tá cliaint daa Idirnáisiúnta san Astráil, Singeapór, na hOileáin Philipíneacha, an Araib Shádach agus an Ríocht Aontaithe (an RA) agus soláthraíonn sé bainistíocht aerfoirt, oibríochtaí agus sainchomhairleoireacht chothabhála.



Taistealaithe san aer chuig oileán na hÉireann a úsáideann Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí

74%

Láimhdeachas an Ghrúpa de réir aicme chatagóire



An áit a bhfeidhmímid

Tá ceanncheathrú Ghrúpa daa i mBaile Átha Cliath agus tá oibríochtaí i 16 thír. Tá oibríochtaí aerfoirt ag an nGrúpa ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí in Éirinn agus ag Críochfort 5, Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid in Riyadh, an Araib Shádach, agus tá infheistíochtaí aerfoirt aige in aerfoirt Düsseldorf, Larnaca agus Phafas.

Tá oibríochtaí ag ARI, fochuideachta mhiondíola taistil daa, i 12 thír. Cuireann daa Idirnáisiúnta seirbhísí comhairleacha agus bainistíochta ar fáil go hidirnáisiúnta a dhéanann taithí agus saineolas Ghrúpa daa a ghíarail.



Aerfort Bhaile Átha Cliath

Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an tairseach idirnáisiúnta is mó in Éirinn agus d'iompair sé an líon ba mhó paisinéirí, 32.9 milliún, in 2019 a iompraíodh riamh. D'oibrigh 53 aerlíne eitiltí go beagnach 200 ceann scríbe in 43 tír, ón aerfort Bhaile i samhradh 2019. Is é an t-ochtú haerfort is mó san Aontas Eorpach.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 16



Aerfort Chorcaí

Is é Aerfort Chorcaí an dara haerfort idirnáisiúnta is mó in Éirinn agus iompraíodh 2.6 milliún paisinéir ann in 2019. Cuirtear breis agus 50 bealach ar fáil ar fud na hEorpa san aerfort agus tá roinnt roghanna cianaistir ar fáil trí phríomh-mhoil idirnáisiúnta, Londain Heathrow, Amstardam Schiphol, Páras CDG agus Zürich ina measc.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 19



ARI

Is é ARI fochuideachta mhiondíola taistil an Ghrúpa, agus tá oibríochtaí aige in 12 thír. Déanann sé bainistiú ar a asraonta féin in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, agus tá leasanna aige in 11 thír eile. Tá scairseilbhe an Ghrúpa ag ARI in Aerfoirt Düsseldorf agus Aerfort Hermes, chomh maith, a oibríonn Aerfoirt Larnaca agus Phafas sa Chipir.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 21




daa Idirnáisiúnta

Cuireann daa Idirnáisiúnta seirbhísí comhairleacha, bainistíochta agus infheistíochta ar fáil do chliant go domhanda. Is é an conradh bainistíochta do Chríochfort 5, Aefort Idirnáisiúnta Rí Khalid in Riyadh, an Araib Shádach, an príomhchonradh don ghnóilacht. Tháinig méadú 9% ar na líonta paisinéirí aníos go dtí 15.9 milliún paisinéir sa chríochfort in 2019.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 24

Láimhdeachas Grúpa de réir réigiúin



Straitéis dhírithe a sholáthar don todhchaí

“Bhí bliain mhaith ag daa in 2019, agus tháinig méadú ar líonta paisinéirí ag a aerfoirt Éireannacha agus ag a phríomhoibríochtaí aerfoirt thar lear sa Chipir, an Ghearmáin agus an Araib Shádach.”

Basil Geoghegan
Cathaoirleach

“Mar ghnólacht atá faoi úinéireacht an Stáit, bainistimid Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar bhealach iomlán tráchtála, ach tuigimid go bhfuil na sócmhainní seo á sealbhú againn ar iontaobhas don Stát agus oibrímid agus forbraímid iad chun sárleasa gheilleagar níos fairsinge na hÉireann.”



Tá gliondar croí orm mar Chathaoirleach daa chun Tuarascáil Bhliantúil an Ghrúpa don bhliain 2019 a chur i láthair.

Bhí bliain mhaith ag daa, agus tháinig méadú ar líonta paisinéirí ag a aerfoirt Éireannacha agus ag a phríomhoibríochtaí aerfoirt thar lear sa Chipir, an Ghearmáin agus an Araib Shádach Tháinig feabhas ar dhíolacháin ag ár ngnólacht miondíola taistil, Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI), agus tháinig borradh ar láimhdeachas sna príomh-mhargáí go léir, nach mór.

Tá dearcadh níos dúshlánaí don bhliain reatha ag an nGrúpa, áfach, mar gheall ar an tionchar tubaisteach atá á imirt ag paindéim dhomhanda COVID-19.

Is deas liom a thabhairt le fios nár tháinig aon saincheistanna suntasacha sábháilteachta nó slándála aníos ag Aerfort Bhaile Átha Cliath nó ag Aerfort Chorcaí i rith na bliana. Tugann an Grúpa tús áite i gcónaí do shábháilteacht agus slándáil phaisinéirí agus foirne ag ár n-aerfoirt.

D'úsáid 35.5 milliún paisinéir, ar an iomlán, ár n-aerfoirt Éireannacha anuraidh, tráth inar tháinig méadú 5% ar thrácht paisinéirí i rith na bliana i mBaile Átha Cliath agus Corcaigh. In Aerfort Chorcaí a tháinig an fás ba thapúla i measc na n-aerfort in Éirinn i rith 2019, i ndiaidh gur tháinig borradh 8% ar líonta paisinéirí.

Tháinig méadú ar leibhéil bhrabúis sa bhaile agus thar lear araon i rith na bliana. D'éirigh go maith le daa ina phríomhoibríocht ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid san Araib Shádach agus leanann sé le gnó nua a bhuachan agus le deiseanna breise a lorg.


Imreoidh an cinneadh a rinne an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (an CRE) chun na meántáillí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a laghdú 18% ina chinntiúchán praghsála don tréimhse 2020-2024, áfach, tionchar suntasach airgeadais ar an nGrúpa sna chéad chúig bliana eile amach romhainn. Laghdaíonn an cinneadh seo táillí anuas go dtí €7.87 in aghaidh an phaisinéara, i gcomparáid leis an tsamhail bhuntáillí €9.65 a ghearr daa i dtráth ina raibh riachtanais infheistíochta nach a raibh a leithéid díobh ann riamh roimhe sin.

Tá táillí Aerfort Bhaile Átha Cliath i measc na dtáillí is saoire san Eoraip cheana féin, i gcomparáid lenár bpiarghrúpa agus níl aon údar le laghdú ar an scála seo. Tá achomharc á dhéanamh againn ar chinneadh an rialtóra faoi phraghsanna do na chéad chúig bliana eile amach romhainn, agus tá an praghsanna seo ar bun ag tráth an scríofa.

Mar ghnólacht atá faoi úinéireacht an Stáit, bainistimid Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar bhealach iomlán tráchtála, ach tuigimid go bhfuil na sócmhainní seo á sealbhú againn ar iontaobhas don Stát agus oibrímid agus forbraímid iad chun sárleasa gheilleagar níos fairsinge na hÉireann.

Is faoin Stát a bhíonn sé cinneadh a dhéanamh faoina beartas aerfoirt maidir le riachtanais gheilleagar na hÉireann, a théann san iomaíocht, amanna, agus riachtanais an cháiníocóra, phaisinéirí agus na n-aerlíní a chur sa mheá. Caithefear glacadh le cur chuige comhcheangailte i leith na riachtanas beartais seo.

Brabús i ndiaidh cánach (réamheisceachtúil)



Glanfhiachas

€430m

Caiteachas caipitiúil 2019

€222m

+65% i gcomparáid le 2018

Brabús i ndiaidh cánach (réamheisceachtúil)

€150m

+13%

“Rinne an Grúpa caiteachas caipitiúil €222 milliún a infheistiú i rith na bliana, ar mhéadú mór é seo i gcomparáid leis an tréimhse 12 mhí anuas.”

Ráiteas an Chathaoirligh ar leanúint

Caithfidh an Grúpa aird a thabhairt, chomh maith, ar bhonneagar bunriachtanach fadtéarmach a bhainistiú agus a sholáthar a theastaíonn ó fhorbairt gheilleagrach an Stáit; an díbhinn a theastaíonn ón Stát; agus a inghlacthacht i leith riosca airgeadais. Caithfear aird a thabhairt freisin ar na rioscaí inathraithe a bhaineann le tuartha paisinéirí, ar nós thionchar féideartha na díospóireachta faoi inbhuanaitheacht, dúshlán Brexit, treochtaí taistil dhomhanda agus móirmeachtaí, ar nós COVID-19.

Sa chomhthéacs sin, tagann an cinneadh a rinne an CRE chun táillí a laghdú fad a thuairtar borradh aníos ar phaisinéirí amháin, salach ar bheartas an Stáit agus ar riachtanais pháirtithe leasmhara agus téann sé chun sochair scairshealbhoirí aerlíne ar bhealach éagothrom.

Rinne an Grúpa caiteachas caipitiúil €222 milliún a infheistiú i rith na bliana, ar mhéadú mór é seo i gcomparáid leis an tréimhse 12 mhí anuas agus ba é an méid ba mhó le beagnach deich mbliana anuas.

Rinneamar dul chun cinn mór ar thionscadal suntasach an Rúidbhealaigh Thuaidh agus leanamar le hinfheistiú a dhéanamh freisin in áiseanna eile aerpháirce agus paisinéirí a uasghrádú agus a fhairsingiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Rinne tógáil an chéad dá bhloc oifig laistigh d'fhorbairt nua Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath dul chun cinn i rith na bliana, chomh maith.

Tá súil againn go dtiocfaidh fairsingiú breise ar chaiteachas caipitiúil sa mheántearma, fad a dhéanaimid infheistiú sa Chlár Infheistíochta Caipitil €2 billiún atá pleanáilte, a sholáthróidh an chéad chéim eile d'fhorbairt ag Aerfort

Bhaile Átha Cliath chun beartas an Rialtais a chomhlíonadh chun leanúint le nascacht an aerfoirt ar mhaithe le geilleagar na hÉireann.

D'fhág an RA an tAontas Eorpach go foirmiúil roimh dheireadh na bliana, an Eanáir 31. Ní cinnte go fóill cad go díreach a bheidh i gceist leis an gcaidreamh a bheidh idir an AE agus an RA amach anseo. Tá cainteanna trádála ar bun anois mar chuid d'idirtheimhse, agus deirtear faoi láthair go dtabharfar chun críche iad an 31 Nollaig.

Leanfaidh an Comhlimistéar Taistil, faoinar féidir le saoránaigh Éireannacha agus an RA gluaiseacht gan srian idir an dá thír, a bheith i bhfeidhm agus tá seo tairbhiúil dár ngnólacht, a bhraitheann go trom ar thaisteal idir Éirinn ag brath ar an Bhreatain. Ní léir go fóill, áfach, an tionchar níos fairsinge geilleagrach a imreoidh Brexit, an tionchar a imreoidh sé ina measc ar an earnáil eitleoachta.

Ag tráth an scríofa, is soiléir cheana féin go bhfuil tionchar an-trom á imirt ag paindéim COVID-19 ar eitleocht dhomhanda.

De réir mar a chuireann aerlínte seirbhísí ar ceal agus go dtugtar toirmisc isteach i dtíortha áirithe ar thaisteal, tá laghdú suntasach tagtha ar thrácht paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Mar fhreagairt dó seo, beartaímid chun seirbhísí paisinéirí a laghdú sa ghearrthearma, agus leanfaidh ár n-aerfoirt

Éireannacha a bheith oscailte chun oibríochtaí bunriachtanacha lastais a éascú.

Mhol Rialtas na hÉireann do shaoránaigh Éireannacha le déanaí gan gach taisteal bunriachtanach thar lear a dhéanamh go dtí ar a laghad an 29 Márta, agus d'fhógair an Coimisiún Eorpach pleananna an 17 Márta chun srian 30 lá a thabhairt isteach ar an taisteal neamh-bhunriachtanach go léir chuig an Aontas Eorpach.

Mar gheall ar chineál domhanda na géarchéime, imríodh tionchar trom freisin ar ár n-aerfoirt idirnáisiúnta agus ár ngnólachtaí miondíola taistil freisin. Dhírigh Foireann Feidhmiúcháin daa ar ár bhfoireann, paisinéirí, agus custaiméirí miondíola a chosaint i rith na géarchéime sláinte poiblí seo, agus bainistiú stuama a dhéanamh i gcomhthráth ar an ngnólacht i dtráth ina bhfuil go leor éiginnteachta.

Tá ár ndícheall á dhéanamh againn chun ár bhfostaithe a choimeád ar an eolas maidir leis an gcomhairle sláinte poiblí i ngach ceann de na tíortha ina n-oibrímid. Baineann rithabhacht lena sláinte agus sábháilteacht, agus le sábháilteacht ár gcustaiméirí agus ár gcomhpháirtithe. Oibreoimid go tréan chun na rioscaí gaolmhara a íoslaghdú atá roimh an nGrúpa agus déanaimid bainistíocht stuama ar an ngnólacht i rith na paindéime domhanda seo nár thit a mhacasamhail amach riamh roimhe seo.

“Rinneamar dul chun cinn mór ar thionscadal suntasach an Rúidbhealaigh Thuaidh agus leanamar le hinfheistiú a dhéanamh freisin in áiseanna eile aerpháirce agus paisinéirí a uasghrádú agus a fhairsingiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.”

Clár caipitil beartaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath

€2bn

Tá Bord daa tiomanta do leanúint leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a bhaint amach ar fud an Ghrúpa. Déantar bainistiú stuama ar rioscaí, agus is é straitéis an Ghrúpa a bhainistiú an rud is mó ar a ndírímid. Cuimsítear sna gnéithe Bainistíochta Riosca agus Rialachais sa tuarascáil seo, ar féidir teacht orthu ar leathanaigh 51 agus 68, faoi seach, breis faisnéise ar an mBord agus roinnt de na príomhlimistéir ar a ndíríonn sé.

Nuair a chuirtear tionchar airgeadais phaindéim COVID-19 san áireamh, níor mhol an Bord aon díbhinn maidir leis an mbliain 2019.

Rinneadh roinnt athruithe ar an mBord ó foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2018. Tháinig deireadh le téarma oifige Gerry Walsh i ndiaidh dheireadh na bliana agus cheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag an tráth sin, Shane Ross, T.D. Ray Gammell, Marie Joyce, agus Karen Morton ina Stiúthóirí Neamhfheidhmiúcháin ar an nGrúpa.

Chuaigh Barry Nevin ar scor ón mBord in Eanáir 2020, i ndiaidh gur ceapadh é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Ceapadh Joseph O'Sullivan leis an mBord chun an folúntas sin a líonadh.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Barry agus Gerry as an tréimhse fhada bhlianta seirbhíse a sholáthair siad agus as an méid a chuir siad leis an nGrúpa. Tá eolas breise ar fáil faoi bhallraíocht an Bhoird ar leathanach 64.

Cabhraíonn na hathruithe a rinneadh ar ár mBord le dul i ngleic leis an easpa éagsúlachta a thug mé faoi deara a bhí le sonrú i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite. Rinne trí cheapachán nua leis an bhfoireann bhainistíochta feidhmiúcháin éagsúlacht níos mó a chruthú don ghrúpa seo le 12 mhí anuas.



Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine d'fhostaithe daa a oibríonn chomh dian sin ar fud an Ghrúpa chun an t-eispéireas is fearr agus is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí aerlíne, ár bpaisinéirí, ár lucht siopadóireachta agus ár gcomhpháirtithe éagsúla. Téann a n-iarrachtaí leanúnacha chun sochair ár bpáirtithe leasmhara agus na bpobal ina n-oibrímid ar fud an domhain.

Basil Geoghegan
Cathaoirleach
An 20 Márta 2020

**Paisinéirí a d'úsáid Baile Átha Cliath
mar mhol in 2019**

2.2m

“Sa chomhthéacs sin, tagann an cinneadh a rinne an CRE chun táillí a laghdú fad a thuartar borradh aníos ar phaisinéirí amháin, salach ar bheartas an Stáit agus ar riachtanais pháirtithe leasmhara agus téann sé chun sochair scairshealbhóirí aerlíne ar bhealach éagothrom.”

Aghaidh a thabhairt ar ár gcroífhís a bhaint amach a bheith mar cheannairí thionscal an aerfoirt

“Oibrímid agus tá úinéireacht againn in Éirinn ar an dá aerfort is mó sa Stát, a sholáthraíonn, i dteannta a chéile, beagnach 75% den aer-rochtain ar oileán na hÉireann agus 92% den aer-rochtain ar Phoblacht na hÉireann.”

Dalton Philips
Príomhfheidhmeannach

Láimhdeachas an Ghrúpa

€935m
+4%



Grúpa domhanda é daa a bhfuil gnólaictaí aige i 16 thír.

Tá dhá shaghas ar leith de ghnólaict ag ainm atá faoinár n-úinéireacht, oibrímid agus infheistímid in aerfoirt agus oibrímid asraonta miondíola taistil saor ó dhleacht agus dleachta íoctha freisin.

Oibrítear ár ngnólaict aerfoirt i gcúig thír. Reáchtálaímid Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí in Éirinn; déanaímid infheistíochtaí in Aerfort Düsseldorf sa Ghearmáin, agus in Aerfort Larnaca agus Phafas sa Chipir, agus oibrímid críochfort ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid (AIRK) in Riyadh, an Araib Shádach. Reáchtálaímid gnólaict miondíola taistil domhanda, Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI), chomh maith, agus tá asraonta aige sin in 12 thír. Tá ár ngnólaict miondíola ar fud na cruinne agus tá oibríochtaí aige ó Chéanada go dtí an Nua-Shéalainn.

Fostaíonn an Grúpa 4,139 duine go díreach (coibhéis lánaimseartha) ag a oibríochtaí in Éirinn agus thar lear agus fostaítear 4,000 duine breise ag gnólaictaí miondíola taistil thar lear ARI.

Rinneadh beagnach 87 milliún paisinéir a éascú trí na haerfoirt agus na críochfoirt a fheidhmímid nó ina bhfuil bun airgeadais againn anuraidh. D'úsáid thart ar 150 milliún paisinéir na haerfoirt ina n-oibrímid asraonta miondíola taistil.

I rith 2019, lean daa ag oibriú ar aon dul lena straitéis chorparáideach, 'Ár dTodhchaí a Chruthú', don tréimhse ó 2018 go 2021. Leag an Grúpa treoirphlean soiléir amach trínár straitéis don tréimhse reatha a chuirfidh ar chumas na Cuideachta chun aghaidh a thabhairt ar a croifhís. Is é ár sprioc chun aerfoirt iontacha agus sárshíopaí saor ó dhleacht a reáchtáil.

Dírítear i straitéis an Ghrúpa ar phríomhlimistéir ar nós méaduithe leanúnacha a sholáthar ar nascacht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus

cur leis an bhfillleadh ar bhorradh ag Corcaigh, sármhaitheas oibríochtúil a chinntiú sa tsábháilteacht agus sa tsáidáil ag an dá aerfort, tionscadail chasta bhonneagair a thabhairt chun cinn i mBaile Átha Cliath, an Rúidbhealach Thuaidh ina measc, díriú níos mó ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, brabúis a mhéadú ó ARI, daa Idirnáisiúnta agus Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus daoine agus foirne iontacha a fhorbairt atá réidh don lá amárach. Rinneadh dul chun cinn láidir ar na limistéir seo le dhá bhliain anuas.

Tháinig méadú 4% ar láimhdeachas an Ghrúpa aníos go dtí beagnach €935 milliún anuraidh, i ndiaidh go raibh an borradh ar ioncam intíre, arb ionann sin agus breis agus dhá thrian den ghnó, beagán ní b'airde ná an borradh thar lear. Tháinig méadú 5% aníos go dtí €446 milliún ar chostais oibríocháin agus tháinig méadú ní ba thapúla ar chostais neamhphá ná mar a tháinig ar chostais a bhaineann le párolla. Tháinig méadú beagnach 4% aníos go dtí €302 milliún ar thuilleamh roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh. Tháinig méadú 13% aníos go dtí beagán os cionn €150 milliún ar ár mbrabús don bhliain roimh earraí eisceachtúla.

Oibrímid agus tá úinéireacht againn in Éirinn ar an dá aerfort is mó sa Stát, a sholáthraíonn beagnach 75% den aer-rochtain, i dteannta a chéile, ar oileán na hÉireann agus a sholáthraíonn 935 den aer-rochtain ar Phoblacht na hÉireann. Is eol go rímhaith dúinn an ról ríthábhachtach atá ag an nascacht seo i mbeatha na hÉireann, mar gheall go bhfuil sé i gcroílár gheilleagar na hÉireann.

Tuigimid, chomh maith leis sin, an gá atá lenár ngnólaictaí a bhainistiú go hinbhuanaithe, agus aghaidh á tabhairt againn, chomh maith, ar Bheartas Eitlíochta Náisiúnta na hÉireann chun nascacht le margáí nua a fhás ar mhaithe le geilleagar agus pobal níos fairsinge na hÉireann.


Brabús don bhliain roimh earraí eisceachtúla

€150m
+13%

Tuilleamh roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh

€302m
+4%

Láimhdeachas Grúpa de réir aicme ghnó



- Láimhdeachas aerloingseoireachta
- Gníomhaíochtaí miondíola idirnáisiúnta agus eile
- Gníomhaíochtaí tráchtála eile
- Miondíol díreach agus gníomhaíochtaí miondíola/lónadóireachta

“Mar gheilleagar, a dhíríonn go láidir ar an turasóireacht, trádáil, agus infheistíocht dhíreach eachtrach, baineann ríthábhacht le haer-rochtain leanúnach maidir le borradh geilleagrach leanúnach na hÉireann, go háirithe sa domhan i ndiaidh Brexit atá ag déileáil le tionchar phaindéim COVID-19.”



Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leanúint

Mar gheilleagar, a dhíríonn go láidir ar an turasóireacht, trádáil, agus infheistiú dhíreach eachtrach, baineann ríthábhacht le haer-rochtain leanúnach maidir le borradh geilleagrach leanúnach na hÉireann, go háirithe sa domhan i ndiaidh Brexit atá ag déileáil le tionchar phaindéim COVID-19.

Sa chomhthéacs geilleagrach sin, ba dheas a thabhairt faoi deara gur tháinig méadú anuraidh ar líonta paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath don naoú bliain i ndiaidh a chéile, agus tháinig méadú ar thrácht paisinéirí ag Aerfort Chorcaí le ceithre bliana anuas.

Tháinig méadú 4% ar na líonta paisinéirí aníos go dtí 32.9 milliún paisinéir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath anuraidh. Thosaigh agus chríochnaigh thart ar 30.7 milliún duine a n-aistear ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus d'úsáid 2.2 milliún paisinéir de bhreis air sin an t-aerfort mar mhol ceangail. Tháinig méadú 8% ar na líonta paisinéirí aníos go dtí 2.6 milliún paisinéir ag Aerfort Chorcaí anuraidh.

A bhuíochas le hoibriú go dlúth lena gcomhpháirtithe aerlíne, faoi seach, d'éirigh leis an dá aerfort na leibhéil nascachta, ar an iomlán, a mhéadú, agus sholáthair seo rogha ní ba mhó don lucht taistil gnó agus fóillíochta agus chabhraigh sé le buntacú le borradh geilleagrach.

Gineann Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí go leor gníomhaíocht gheilleagrach ina gceart féin, chomh maith, de réir staidéir a rinne sainchomhairleoirí geilleagracha idirnáisiúnta InterVistas. I dteannta a chéile, tacaíonn siad le nó éascaíonn siad beagnach 142,000 post i ngeilleagar na hÉireann agus ranníocann siad €10.7 billiún i dtaobh gníomhaíocht gheilleagrach.

Mar Ghrúpa, táimid tiomanta dár ngnólacht a fhás go hinbhuanaithe agus go freagrach. Tá gach gné den earnáil eitlíochta – oibreoirí aerfoirt agus aerlínte ina measc – dírithe le chéile ar astaíochtaí carbóin a laghdú agus bheith níos inbhuanaithe – táimid tiomanta to dár bpáirt a ghlacadh.

Dírítear cuid mhaith ar eitlíocht sa phlé a dhéantar ar athrú aeráide, ach ba cheart a chur i gcuimhne, ámh, go dtáirgeann an earnáil eitlíochta dhomhanda 2% den CO₂ de dhéantús an duine, arb ionann sin agus an méid céanna a tháirgeann an earnáil TF, a bheag nó a mhór, agus is lú sin ná an méid a tháirgeann an tionscal éadaigh.

Is iad astaíochtaí carbóin an tsaincheist nach mór dul i ngleic léi, seachas eilt. De réir an hGrúpa Gníomhaíochta Aeríompair, a dhéanann ionadaíocht do gach earnáil den earnáil eitlíochta, tá breis agus \$15 billiún sa bhliain á chaitheamh ag déantúsóirí aeraspáis chun aerárthaí a fhorbairt atá níos breosla-éifeachtúla.

Tá feabhas suntasach tagtha cheana féin ar astaíochtaí carbóin aerárthaigh – táirgeann eilt a dhéantar inniu thart ar leath an CO₂ a tháirgeadh an eilt chéanna sa bhliain 1990, mar shampla. Ach is an-fhada an bóthar atá amach romhainn go fóill, agus tacaímid go hollmhór lenár gcomhpháirtithe aerlíne a leanann le hinfheistiú go trom sa limistéar seo.

Chomh maith leis sin, tá an tionchar a imríonn ár n-aerfoirt agus ár ngnólachtaí miondíola taistil ar an gcomhshaol faoi á laghdú agus tá planáil stuama a déanamh acu don todhchaí.

Cistí a tiomsaíodh do charthanas Éireannach ó 2007

€3m

Ciste an Phobail atá á oibriú i gcaitheamh tréimhse 25 bliain

€10m

Fostaithe a ghlac páirt i gclár forbartha ceannaireachta foirmiúla

650

Iarratasóirí an chláir chéimithe

4,000

Poist a éascaíonn Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí*

141,880

*Foinse: Tuarascáil InterVistas 2019

Líon na bpaisinéirí a d'eitil go dtí agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath chuig mór-roinn na hEorpa

17.3m

“Gineann Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí go leor gníomhaíocht gheilleagrach ina gceart féin, chomh maith, de réir staidéir a rinne sainchomhairleoirí geilleagracha idirnáisiúnta InterVistas.”

Shínigh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ceangaltas mór i rith na bliana go mbainfidh siad neodracht amach i dtaobh a n-astaíochtaí carbóin faoin mbliain 2050, ar a dhéanaí. Rinneamar, agus breis agus 190 aerfort eile a ndéanann CAI na hEorpa, arb é sin an cumann trádála do thionscal aerfort na hEorpa, ionadaíocht dóibh, an gealltanais seo.

Tá spriocdháta 2050 ar aon dul leis an bhfianaise is déanaí ó Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (an PIRAA) agus leis an straitéis dícharbónaithe a leag an Coimisiún Eorpach amach agus lenar ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Beartaíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath bheith neodrach ó thaobh carbóin de níos déanaí i mbliana faoin gclár Creidiúnaithe Carbóin Aerfort (CCA), ar caighdeán neamhspleách domhanda bainistíochta carbóin é d'aerfort. Bainfear seo amach trí chúiteamh carbóin a cheannach. Glacann Aerfort Chorcaí páirt freisin i scéim an CCA agus bhain sé deimhniúchán Leibhéal 2 amach i ngeall ar a leibhéal astaíochtaí CO₂ a laghdú. Ón mbliain 2009 ar aghaidh, laghdaigh Aerfort Chorcaí a astaíochtaí 44%.

Leanaimid ag oibriú go dian chun ár n-úsáid fuinnimh agus uisce a laghdú agus chun dramhaíl a íoslaghdú. Thugamar beartas soláthair ghlaist isteach, tá feithiclí astaíochtaí ísle á gcur in ionad ár bhflit agus tá soilsíú LED á athsholáthar againn ar fud champais na n-aerfort, chomh maith. Tá eolas breise ar fáil maidir le clár inbhuanaitheachta an Ghrúpa agus conas atá ag éirí linn in aghaidh ár spriocanna ar leathanach 56 na tuarascála seo.

Táimid leabaithe freisin laistigh de chreatlach shóisialta ár bpobal áitiúil sna 16 thír ina n-oibrímid.

Tá clár Carthanais na Bliana ar siúl againn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí a thacaíonn le réimse cúiseanna áitiúla a roghnaíonn fostaithe. Tacaítear le tionscnaimh áitiúla charthanúla, chomh maith, inár ngnólahtáí thar lear.

Thacaigh Aerfort Chorcaí le hOspidéal agus Ospis na hOllscoile, Marymount in 2019, agus thacaigh foireann Aerfort Bhaile Átha Cliath le Debra Ireland, Ionad Tacaíochta Ailse Gary Kelly agus Spina bifida Hidricefealas Ireland. Thiomsaigh an fhoireann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath €330,000 in 2019, a roinneadh go cothrom idir na trí charthanais agus tiomsaíodh breis agus €20,000 ag Aerfort Chorcaí. Tiomsaíodh thart ar €3 milliún do charthanais Éireannach ó bunaíodh an scéim in 2007.

Oibríonn Aerfort Bhaile Átha Cliath Ciste Pobail €10 milliún freisin, a bhfuil €400,000 á infheistiú gach bliain aige i réimse fairsing tionscnaimh phobail áitiúil i gcaitheamh tréimhse 25 bliain. Tacaíonn an ciste le tionscadail i limistéir ar nós



“Dírítear cuid mhaith ar eitlíocht sa phlé a dhéantar ar athrú aeráide, ach ba cheart a chur i gcuimhne, ámh, go dtáirgeann an earnáil eitlíochta dhomhanda 2% den CO₂ de dhéantús an duine, arb ionann sin agus an méid céanna a tháirgeann an earnáil TF, a bheag nó a mhór, agus is lú sin ná an méid a tháirgeann an tionscal éadaigh.”

na timpeallachta agus inbhuanaitheachta, oideachais, spóirt agus áineasa, agus cuimsiú sóisialta i bpobail atá suite i ngar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Is í an tsócmaínn is tábhachtaí atá againn ná na daoine a oibríonn don ghnólaht, agus a dhéanann a ndícheall gach lá dár gcustaiméirí. Leanamar i rith na bliana le hinfheistiú a dhéanamh inár ndaoine agus ár bhfoirne a fhorbairt.

Tá thart ar 650 fostaí i ndiaidh tabhairt faoi chlár forbartha ceannaireachta foirmiúla a dhíríonn ar limistéir ar nós cumarsáid straitéiseach, neartú na foirniúlachta agus réiteach faidhbe. Tá na 140 ceannaire is sinsearaí laistigh den eagraíocht ag oibriú freisin ar chlár forbartha foirne agus aonair, agus tá súil leis go dtabharfar tairbhí na gclár siúd faoi deara sna míonna agus sna blianta amach romhainn. Tá tús curtha againn freisin le clár sonrath do mhná ardfeidhmíochta laistigh den Ghrúpa.

Leanann ár gclár céimí rathúil le hiarrthóirí ardchaighdeána a sholáthar óna mbainfear roinnt dár gceannairí amach anseo. Chuir thart ar

4,000 iarratasóir isteach air anuraidh, agus thosaigh 15 chéimí ag oibriú leis an nGrúpa i ndiaidh próiseas dian roghnaithe. Tá na céimithe a fhostaímd roinnte go cothrom idir iarrthóirí fireanna agus baineanna.

Ina theannta sin, chuireamar feabhas ar áiseanna i rith na bliana, go háirithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil formhór ár bhfostaithe suite, agus chuireamar dhá spás nua chomhchoiteanna ar fáil d'fhostaithe.

Ag féachaint chun cinn, faoi mar ar thug ár gCathaoirleach cuntas air, tá an tionchar tromchúiseach atá imirt ag briseadh amach domhanda COVID-19 ar an ngnólaht á thabhairt faoi deara cheana féin againn le tamall anuas. Tá sé ró-luath leis an éifeacht ar an nGrúpa in 2020 a chainníochtú, ach tionchar an-suntasach a bheidh ann.

Díreoidimid go príomha ar shláinte agus sábháilteacht ár bhfostaithe agus chustaiméirí ár n-aerfort agus ár ngnólahtáí miandíola taistil. Déanfaimid bainistiú cúramach freisin ar an nGrúpa i rith na tréimhse seo nár thit a mhacasamhail amach riamh.

Príomhthairseach é Aerfort Bhaile Átha Cliath idir an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh

Aerfort Bhaile Átha Cliath

Faoi mar a thug mé le fios i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo caite, imreoidh an leibhéal a táillí a ghearrtar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a leag an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (an CRE) amach tionchar suntasach ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa go ceann cúig bliana. Bhí na táillí a gearradh in Aerfort Bhaile Átha Cliath 30-40% ní ba shaoire ná mar a ghearr a phiaráí Eorpacha agus rinne an CRE iad a laghdú 18% de bhreis air sin.

Tá achomharc á dhéanamh in aghaidh chinneadh an CRE, ach is eol dúinn, mar gheall gur caomhnóirí sinn ar cheann de phríomhshócmhainní geilleagracha na hÉireann, nach mór dúinn leanúint leis an táirge is fearr agus is féidir a chur ar fáil dár bpaisinéirí agus dár gcustaiméirí aerlíne ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chruthaigh an borradh ollmhór ar líonta paisinéirí le blianta beaga anuas dúshlán éagumais a bhfuil géarghál leis go dtéitear i ngleic leo.

B'fhéidir nach mbeifear in ann bhunfhoirm an chlár chaipitil €2 billiún ar comhaontaíodh air roimhe seo a sholáthar go hiomlán ná laistigh den amlíne a raibh coinne leis i dtosach. Táimid tiomanta, áfach, chun a mhéid agus is féidir linn a sholáthar, a thapúla agus is féidir linn, i leith an chaighdeáin chuí agus a chost-éifeachtúla agus is féidir linn.

Aerfort éifeachtúil é Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomparáid lena phiaraí Eorpacha, ach díronn gnólaigh maíthe i gcónaí ar conas is féidir leo feabhsúcháin bhreise a chur ar a n-oibriú agus leanaimid le hamhlaidh a dhéanamh ag Baile Átha Cliath agus ar fud na coda eile den Ghrúpa.

Tháinig méadú 4% ar an trácht paisinéirí anuraidh, i ndiaidh gur úsáid breis agus 32.9 milliún paisinéir an t-aerfort i rith 2019. Tháinig méadú 10% ar an trácht sa chéad leath den bhliain, ach ní raibh an borradh a tháinig air chomh tapa céanna sa dara den bhliain mar gheall ar an tionchar a d'imir an gearradh siar a rinne roinnt aerlíne ar a n-oibríochtaí domhanda.

Lean Aerfort Bhaile Átha Cliath lena shuíomh a threisiú mar príomhthairseach idir an Eoraip agus Meiriceá Thuaidh agus chabhraigh seo le

cur leis an mborradh, ar an iomlán, a tháinig ar phaisinéirí. Thosaigh agus chríochnaigh thart ar 30.7 milliún duine a n-aistear ag Aerfort Bhaile Átha Cliath anuraidh, agus d'úsáid beagnach 2.2 milliún paisinéir an t-aerfort mar mhol.

Chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath fáilte roimh bhreis agus dhá milliún paisinéir gach mí i rith na bliana den chéad uair. Tháinig méadú 5% ar thrácht gearraistir aníos go dtí 27.7 milliún, agus bhí méadú 4% go dtí beagnach 5.2 milliún tagtha ar thrácht fadaistir. B'ionann an margadh cianaistir, ar tháinig fairsingiú mór air le blianta beaga anuas, agus 16% den trácht iomlán paisinéirí in 2019, agus thaistil 84% de phaisinéirí ar bhealaí gearraistir.

Ba iad na deighleoga trasatlantacha agus Eorpacha den mhargadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar éirigh ab fhearr leo i rith na bliana. Tháinig méadú beag ar líonta paisinéirí ar eitiltí go dtí agus ó aerfoirt an RA, agus níor tháinig aon athrú ar an trácht go dtí cinn scríbe idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear an Meánoirthear, an Afraic agus an Áise.

Tháinig méadú 6% aníos go dtí beagnach 17.3 milliún paisinéir ar an líon paisinéirí a d'ímigh ar eitiltí go dtí agus ó mhór-roinn na hEorpa anuraidh. Thaistil 10.2 milliún duine ar eitiltí idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an RA, arbh ionann sin agus méadú 1% i gcomparáid le 2018. Is é Baile Átha Cliath-Londain an dara haerbhealach idirnáisiúnta is gnóthaí agus thaistil 5.1 milliún paisinéir ar an aerbhealach sin anuraidh, arbh ionann sin agus méadú 2% i gcomparáid leis na 12 mhí roimhe sin.

Paisinéirí a thosaigh agus a chríochnaigh a n-aistear ag Aerfort Bhaile Átha Cliath


30.7m

Líonta paisinéirí trasatlantacha

4.2m

+6%

Trácht Mhór-Roinn na hEorpa ag Aerfort Bhaile Átha Cliath



“Thaistil 10.2 milliún duine ar eitiltí idir Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an RA, arbh ionann sin agus méadú 1% i gcomparáid le 2018.”

Líon na bpaisinéirí a d'úsáid
Aerfort Bhaile Átha Cliath mar
mhol

2.2m

Tháinig méadú 6% ar líonta paisinéirí trasatlantacha anuraidh, i ndiaidh gur imigh 4.2 milliún duine ar eitiltí go dtí agus ó chinn scríbe i Meiriceá Thuaidh. Níor tháinig aon athrú ar trácht go dtí cinn scríbe idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear eitiltí go dtí an Áise, an Meánoirthear, agus an Afraic i rith na bliana, agus d'imigh beagán de bhreis ar 1 milliún paisinéir ar eitiltí go dtí agus ó na láithreacha seo. Tháinig laghdú 7% ar líonta paisinéirí intíre anuas go dtí 104,000 mar gheall gur imigh líon ní ba lú custaiméirí ar eitiltí laistigh den Stát.

Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an cúigiú haerfort is mó san Eoraip anois maidir le nascacht thrasatlantach agus bhuntacaigh na líonta méadaitheach de phaisinéirí ceangail a roghnaíonn le heitilt trí Bhaile Átha Cliath leis an mborradh a tugadh faoi deara le déanaí sa limistéar seo. Tháinig méadú 5% ar na líonta paisinéirí aistrithe aníos go dtí 1.9 milliún paisinéir anuraidh, agus iompraíodh 235,000 paisinéir eile trí Bhaile Átha Cliath in 2019 – i.e. stop a n-eitilt chun athbhreoslú, ach níor athraigh siad eitleáin.

Oibríodh 25 bealach nua aerlíne ag Aerfort Bhaile Átha Cliath anuraidh agus méadaíodh an acmhainneacht i 28 seirbhís reatha trí mhinicíochtaí breise nó trí aerárthaí níos mó a thabhairt isteach. I measc na mbealaí cianaistir a seoladh anuraidh, bhí a seirbhís go dtí Calgary le WestJet, seirbhís American Airlines go dtí Dallas-Fort Worth agus bealach nua Aer Lingus go dtí Minneapolis-St Paul. Cuireadh seirbhísí nua gearraistir ar fáil, chomh maith, go dtí cinn scríbe ar nós Bodrum, Dubrovnik, Cív, Lourdes

agus Thessaloniki. Tháinig méadú ar acmhainneacht ar 28 bealach reatha, i ndiaidh gur chuir aerlínte eitiltí lena sceidil nó i ndiaidh dóibh seirbhísí a oibriú le haerárthach níos mó ná mar a bhí á oibriú acu roimhe sin.

D'ainneoin líonta paisinéirí méadaithe, lean Aerfort Bhaile Átha Cliath de bheith meáite ar eispéireas ardchaighdeáin a sholáthar do phaisinéirí. Baineadh amach gach ceann de na príomhbhearta cáilíochta seirbhíse do chustaiméirí a leag an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta amach, lena n-áirítear amanna scuaineála ag slándáil, cairdiúlacht na foirne, agus glaineacht na leithreas, i rith na bliana.

Ghlac sé ní ba ghiorra ná 15 nóiméad ar 89.7% de phaisinéirí dul trí shlándáil i rith na bliana, agus príomh-mhéadracht seirbhíse do chustaiméirí é seo don ghnólacht.

Ainmníodh Aerfort Bhaile Átha Cliath ceann de na haerfoirt is fearr ar domhan i mí an Mhárta an bhliain seo caite i rangú neamhspleách domhanda ar eispéireas paisinéirí. Ba chomhbhuaiteoir Aerfort Bhaile Átha Cliath ina chatagóir d'Aerfoirt Eorpacha a iompraíonn idir

Bealaí nua aerlíne ag Aerfort Bhaile Átha
Cliath

25

Paisinéirí a thaistil trí shlándáil laistigh
de 15 nóiméad

89.7%

25 agus 40 milliún paisinéir sa bhliain i nDámhachtainí um Cháilíocht Seirbhíse Aerfoirt an Domhain (CSA) de chuid Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (CIA). Bhí an bua ag Aerfoirt Osló Gardermoen agus Zürich, chomh maith, sa chatagóir. Tá dámhachtainí CSA bunaithe ar thorthaí suirbhé ar 640,000 paisinéir in 84 tír a dhéanann príomhghnéithe eispéireas paisinéara a thomhas ag gach aerfort.

“Baineadh amach gach ceann de na príomhbhearta cáilíochta seirbhíse do chustaiméirí a leag an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta amach, lena n-áirítear amanna scuaineála ag slándáil, cairdiúlacht na foirne agus glaineacht na leithreas, i rith na bliana.”



Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leanúint

Tháinig méadú 9% ar ioncam tráchtála anuraidh. Gineadh ioncam ní b'airde ó oibríochtaí carrchlóis, lamháltóirí agus gnólacht seirbhísí taistil Aerfort Bhaile Átha Cliath, ina gcúimsítear a Tholglann, a Mhodh Mear agus a oibríochtaí Seirbhísí Platinum. Osclaíodh an Tolglann Thoir nua, a dearadh do scothphaisinéirí ar eiltí cianaistir, i Meán Fómhair agus tá úsáid á baint ag go leor paisinéirí as. Tháinig méadú tréan ar ioncam fógraíochta i rith na bliana i ndiaidh gur imir ár gcur chuige comhpháirtíochta le brandaí tionchar dearfach.

Rinne an t-aerfort a lamháltais bhia agus dí a chomhdhlúthú i rith na bliana isteach i bpacáistí tairisceana níos mó chun go mbíonn siad níos réamhghníomhaí agus bainistíocht straitéiseach á déanamh ar an ngné thábhachtach seo den eispéireas paisinéirí. I ndiaidh dheireadh na bliana, i ndiaidh próiseas soláthair phoiblí, bronnadh conradh ar SSP chun 24 asraon ar leith bia agus dí a oscailt i meascán de láithreacha thaobh an aeir agus thaobh na talún. Déanfaidh na hasraonta réimse fairsing de bhrandaí Éireannacha bia agus dí a chur ar taispeáint. Cuirfear tairiscint isteach do dhá chonradh nua bia agus dí eile níos déanaí i mbliana.

Leanamar le hinfheistiú a dhéanamh i mbonneagar nua agus feabhsaithe ag an aerfort do phaisinéirí agus ár gcustaiméirí aerlíne. Tá infheistiú á dhéanamh againn i halla méadaithe inimirce do phaisinéirí a eitlíonn isteach ag Bealach Bordála 1 agus 2.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór ar thionscadal Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath i rith 2019. Cuireadh an t-imeacht casta fóid oifigiúil ar siúl i bhFeabhra agus bhí an chéad

sraith de choincreit ar chaighdeán pábhála á doirteadh faoi Mheán Fómhair ag tairseach thiar an rúidbhealaigh nua. Bhí a mhéid le 400 duine ag oibriú ar an tionscadal ag an bpointe ab airde i rith 2019.

Leanfar leis an tógáil i mbliana agus tá an chéim seo den tionscadal le críochnú in Earrach 2021. Glacfaidh sé thart ar naoi mí bhreise ar ullmhacht agus tástáil oibríochtúil a dhéanamh sula mbeidh an Rúidbhealach Thuaidh i mbun seirbhíse.

Déanfaimid iarratas pleanála a thaisceadh níos déanaí i mbliana faoin gcreat nua reachtaíochta maidir le torann aerfoirt chun an dá choinníoll dhochraideacha a leasú a bhaineann leis an mbunchead pleanála atá le cur i bhfeidhm ar oibriú Aerfort Bhaile Átha Cliath a luaithe a osclofar an rúidbhealach nua. Is maith is eol dúinn buarthaí cónaitheoirí áitiúla maidir leis an bhforbairt seo agus is gá cothromaíocht a bhaint amach idir na buarthaí siúd agus riachtanais gheilleagracha na hÉireann.

Críochnaíodh roinnt cláir chaipitil ag an aerfort i rith na bliana. Rinne Halla Áilleachta nua a oscloíodh i gCríochfort 2 san Fhómhar uasghrádú mór ar limistéar miondíola thaobh an aeir sa chríochfort a thabhairt chun críche, agus déanfaidh seo ceiliúradh ar a bhreithlá deich mbliana níos déanaí i mbliana.

Tugadh córas treorach nasctha amhairc uathoibríoch nua isteach ag gach seastán

páirceála teagmhála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath anuraidh. Cuireann an córas seo eolas fíor-ama ar fáil do phiólótaí fad a bhíonn eitleán á pháirceáil acu ar theacht dóibh nó fad a bhíonn an t-eitleán á bhrú siar chun go n-imeoidh sé agus cuireann sé gnéithe breise sábháilteachta ar fáil freisin.

Rinneadh aonaid chumhachta talún leictreacha fheistithe nua a shuiteáil freisin ag seastáin pháirceála aerárthaigh mar chuid de chlár inbhuanaitheachta foriomlán an aerfoirt. Trína cheadú an t-aerárthach a plugáil go díreach isteach i bhfoinse fheistithe fuinneamh leictreachais, laghdaítear an gá a bhíonn le gineadóirí soghluaiste faoi chumhacht díosail atá níos díobhálaí don chomhshaol.

Lean Aerfort Bhaile Átha Cliath lena shuíomh a choimeád i suirbhé bliantúil Reptrak ar bhrandaí Éireannacha anuraidh agus leanann sé leis an naoú cáil chorpóraideach is fearr a bhaint amach in Éirinn. Ainmníodh cuntas Twitter an aerfoirt an cuntas aerfoirt is fearr ag Dámhachtainí Moodies don cheathrú huair le sé bliana anuas.

Tá fáilte le cur ag Aerfort Bhaile Átha Cliath roimh 12 bhealach nua i mbliana. Áirítear leis na seirbhísí cianaistir nua San Francisco le United Airlines. I measc na gceann scribe nua gearraistir, tá Caireo le EgyptAir, Marseille le Ryanair, Ródas le Aer Lingus agus Tel Aviv le El Al.

Líon na n-asraonta nua
bia agus dí a bronnadh
ar SSP

24

“Rinne Halla Áilleachta nua a oscloíodh i gCríochfort 2 san Fhómhar uasghrádú mór ar limistéar miondíola thaobh an aeir sa chríochfort a thabhairt chun críche, agus déanfaidh seo ceiliúradh ar a bhreithlá deich mbliana níos déanaí i mbliana.”



Aerfort Chorcaí

Lean ag éirí go sármhaith le hAerfort Chorcaí in 2019 agus ba é an t-aerfort ba thapúla fáis sa Stát anuraidh. Tháinig méadú breis agus 8% ar líonta paisinéirí aníos go dtí beagnach 2.6 milliún, arbh é sin an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile inar tháinig borradh ar an trácht. Tháinig méadú 198,000 ar na líonta paisinéirí, ar an iomlán, i ndiaidh gur tháinig borradh 10% ar acmhainneacht agus ar lódfhachtóirí a chothabháil.

Tháinig méadú 17% ar an trácht go dtí Mór-Roinn na hEorpa agus tháinig méadú 4% ar an trácht go dtí an RA. Bhuntacaigh fairsingiú mhéid na suíochán ar bhealaí reatha agus ocht mbealach nua bhreise a chur ar fáil, leis an mborradh. Sheol Ryanair seirbhísí nua go dtí Búdapeist, Londain Luton, Málta, Poznan agus Napoli, agus thosaigh Aer Lingus seirbhísí nua go dtí Dubrovnik, Liospóin agus Nice. Mar gheall ar an bhfairsingiú suntasach a tháinig ar Ryanair ag Aerfort Chorcaí anuraidh, is í an aerlíne an t-iompróir is mó anois atá ag oibriú ag an aerfort.

Bhí ocht n-aerlíne sceidealaithe ag Aerfort Chorcaí in 2019 agus mhéadaigh na cinn scríbe seo a chur ar fáil líonra díreach Aerfort Chorcaí aníos go dtí breis agus 50 bealach. Cuireann sé roghanna iolracha cianaistir stad amháin trí príomh-mhoil idirnáisiúnta ar fud na hEorpa.

Tháinig borradh na bliana seo caite ar phaisinéirí in ainneoin nár oibrigh Norwegian a sheirbhís ó Chorcaigh go Providence i rith 2019 mar gheall nár ceadaiodh d'aerárthaí de dhéanamh Boeing 737 Max ar fud an domhain eiltit. Rinne Norwegian an cinneadh ina dhiaidh sin chun deireadh a chur le gach oibríocht thrasatlantach go dtí agus ó Éirinn.


Beidh trí bhealach nua ag oibriú in Aerfort Chorcaí sa bhliain 2020, agus meastar go gcabhróidh tosú na seirbhísí nua seo chun bliain eile de bhorradh paisinéirí a sholáthar. Cuirfidh KLM Royal Dutch Airlines tús le seirbhís nua laethúil go hAmsterdam Schiphol ó Mhárta, a chuirfidh nascacht ar fáil do líonra fairsing 170 ceann scríbe ar na haerlíne ar fud an domhain, agus cuirfidh Ryanair bealaí nua ar fáil go dtí cathair Zadar sa Chróit agus go dtí cathair Katowice sa Pholainn.

Tá cainteanna seasta ar bun ag Aerfort Chorcaí le custaiméirí nua agus reatha aerlíne maidir leis an deis chun seirbhísí nua a sholáthar ó Chorcaigh. Sa chomhthéacs sin, leanaimid le deiseanna a lorg le hoibreoirí féideartha seirbhísí trasatlantacha ó Chorcaigh. Tugann na pobail turasóireachta agus ghnó agus dá gcomhlachtaí ionadaíocha ar fud réigiún dheisceart na hÉireann tacaíocht iomlán do na hiarrachtaí seo.

Líonta paisinéirí ag Aerfort Chorcaí

2.6m
+8%

Trácht Mhór-Roinn na hEorpa ag Aerfort Chorcaí



Ba é Aerfort Chorcaí an t-aerfort ba thapúla fáis in Éirinn anuraidh



Ioncam tráchtála

+9%

Líon na mbealaí gréasáin dhíreach ag Aerfort Chorcaí

50

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leanúint

Tháinig méadú 9% i rith na bliana ar ioncam tráchtála, agus d'éirigh go láidir le hoibríochtaí carrchlóis agus ár lamháltóirí bia agus dí. Rinneadh an chéad aerfort in Éirinn d'Aerfort Chorcaí ina ndéantar a phónairí caife féin ar an láthair i ndiaidh gur osclaíodh Blue Bird Coffee Roasters i mí na Nollag. Úsáideann an coincheap caifé nua inbhuanaithe pónairí caife a fhoinsítear go heiticiúil, agus tá na cupáin, na claibíní, na soip agus an sceanra go léir inmhúirínithe agus in-bhithmhílte.

Bhuaigh Aerfort Chorcaí roinnt dámhachtainí idirnáisiúnta in 2020. Ba é Aerfort Chorcaí ant-aerfort ba phoncúla in Éirinn in 2019; an dara bliain i ndiaidh a chéile gur baineadh seo amach. Chinn anailísithe eitleochta domhanda OAG gur bhain Aerfort Chorcaí an chéad áit amach maidir le poncúlacht i measc aerfort idirnáisiúnta in Éirinn in 2019, i ndiaidh don aerfort rátáil Feidhmíochta in Am (FIA) 84% a bhaint amach.

Chomh maith leis sin, bhuaigh Aerfort Chorcaí an tAerfort is Fearr san Eoraip a fhreastalaíonn ar líon níos lú ná cúig milliún paisinéir ag Tionól agus Comhdháil Bhliantúil 2019 Chomhairle Aerfort Idirnáisiúnta na hEorpa (CAI). Ba é seo an dara huair i dtí bliana gur bhuaigh Aerfort Chorcaí an dámhachtain seo. D'aithin an dámhachtain tacaíocht Aerfort Chorcaí le paisinéirí faoi mhíchumas, a rannpháirtíocht láidir phobail, agus an díriú san aerfort ar shábháilteacht agus slándáil.

Bhí Aerfort Chorcaí ina bhuaiteoir sa chatagóir An Úsáid is Fearr a Bhaint as Facebook ag Dámhachtainí Moodies, agus bhuaigh sé freisin Feachtas B2C is Fearr (Business-to-Consumer) ag Dámhachtainí Spider 2019.



“Ba é Aerfort Chorcaí an t-aerfort ba phoncúla in Éirinn in 2019; an dara bliain i ndiaidh a chéile gur baineadh seo amach.”



Tréimhse inar tháinig borradh láidir ar dhíolacháin ag ARI

Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI)

Is é ARI fochuideachta mhiondíola taistil an Ghrúpa, agus tá ár gcuid infheistíochtaí gnáthscaire aige, chomh maith, in oibríochtaí aerfoirt thar lear. Tá leasanna aige i siopaí miondíola taistil san Eoraip, Mheiriceá Thuaidh, an Meánoirthear agus i Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise.

Tréimhse a bhí sa bhliain seo caite inar tháinig borradh láidir ar dhíolacháin agus feidhmíocht airgeadais fheabhsaithe. D'imir scaipeadh COVID-19 tionchar an-suntasach, áfach, ar an ngnó go luath sa chuid luath den bhliain 2020. Tá an Chuideachta ag tabhairt faoi ghníomhaíocht faoi láthair chun tionchar airgeadais agus oibríochtúil na paindéime a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Lean cláir shuntasacha athchóirithe ar siúl i rith 2019 i láithreacha ár bpríomhaerfoirt, agus chríochnaíomar athbhreithniú mionsonraithe ar straitéis agus struchtúr eagraíochta an ghnóilachta.

Rinneadh dul chun cinn maith cheana féin ar struchtúr a chuichóiríú a chuirfidh an t-ardán ar fáil chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin agus deiseanna a ghíarail i margadh miondíola taistil domhanda atá ag éirí níos iomaíche.

Leanadh ag díriú go príomha ar thallann, cumas agus cultúr in 2019 agus leagadh béim ar struchtúr eagraíochta agus ar dhaoine nua

a fhostú ar leibhéal sinsearach. Forbraíodh Creat Forbartha Miondíola cuimsitheach chun tacú lenár gcomhghleacaithe trína ngairmeacha beatha ag ARI. Rinneadh infheistíocht shuntasach, chomh maith, in oiliúint ar fud na láithreacha éagsúla, agus díriodh go príomha ar scileanna a dhíol agus eolas ar tháirgí a leathnú.

In Éirinn, oibríonn ARI ár ngnólacht miondíola, The Loop, ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus bainistíonn sé roinnt lamháltais mhiondíola, chomh maith, ag an dá aerfort. Tháinig méadú 5% ar dhíolacháin iomlána ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, díolacháin mhiondíola agus bhia agus dí ina measc ag lamháltóirí aníos go dtí €348 in 2019.

D'oscail ARI Halla Áilleachta nua i nDeireadh Fómhair, an halla is mó dá chineál in Éirinn, ag Críochfort 2 in Aerfort Bhaile Átha Cliath mar chuid d'uasghrádú foriomlán ar bhreis agus 2,000 méadar cearnach de spás miondíola thaobh an aeir ag an aerfort. Garspíoc shuntasach dár ngnólacht miondíola intíre é tabhairt chun críche an tionscadail. Tá an spás miondíola nua 944 méadar cearnach dhá oiread níos mó ná an spás a bhíodh ann roimhe sin, agus bhí 90 branda ar tairiscint nuair a osclaíodh é, 30 ceann san áireamh nach raibh ar fáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath roimhe sin.

Osclaíodh príomhshíopa nua licéir nua i rith na bliana i gCríochfort 2, agus chuireamar roinn nua fheabhsaithe mílseogra leis.

Borradh ar dhíolacháin i nDeilí

+13%

Rinneadh uasghrádú ar spás miondíola ag Críochfort 2, Aerfort Bhaile Átha Cliath

2,000m²

Brandáí atá ar tairiscint ag an Halla Áilleachta i gCríochfort 2 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

90

Díolacháin iomlána ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí

€348m

+5%



Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh ar leanúint

D'oscail The Loop siopa nua in Aerfort Bhaile Átha Cliath freisin chun scoth dhearadh agus cheardaíocht na hÉireann a thaispeáint. Tá sa siopa nua Design Ireland ag Críochfort 2 baillúchán a roghnaíodh go speisialta d'obair le 24 branda Éireannach dearaidh agus ceardaíochta ina bhfuil réimse táirgí a dheantar agus a dhéantar in Éirinn i measc catagóirí ar nós seodra, ceirmeachta, bronnatanas, folláine, oiriúintí agus éadaí.

D'éirigh le seoladh ár n-ardáin ríomhthráchtála a bhuaigh gradam, The Loop.ie, dár ngnólacht intíre go luath in 2019. Tosaíodh le hé a oibriú in Auckland i Samhain 2019 é agus tabharfar isteach i gCeanada i mbliana é.

Thug gnólacht idirnáisiúnta ARI borradh maith ar dhíolacháin in 2019 agus tháinig borradh láidir ar dhíolacháin 'macasamhail le macasamhail' ar fud na punainne idirnáisiúnta chomh maith le hollfeidhmíocht fheabhsaithe chorráigh. Lean corrlaigh ag dul i méid trí struchtúr lárnach ceannaigh domhanda ARI.

B'ionann brabús Ghrúpa ARI ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais agus ar leasanna neamhrialaithe agus €13 milliún, i gcomparáid le €11.1 milliún in 2018.

Baineadh borradh tréan ar dhíolacháin amach arís eile in 2019 in oibríochtaí comhfhiontair ARI ag Aerfort Idirnáisiúnta Dheilí, áit a bhfuil bun 33.1% againn, agus bhí an láimhdeachas nach mór 13% ní b'airde ná láimhdeachas 2018. Rinneadh an siopa Saor ó Dhleacht ag Imeachtaí in Aerfort Dheilí a uasghrádú i rith na bliana, a rinneadh i ndiaidh oscailt rathúil siopa nua ag Eitiltí Isteach.

Is é ARI an Mheánoirthir (ARIME), ina gcuimsítear gnólachtaí i mBairéin, an Chipir, an Liobáin, Óman, Catar agus an Araib Shádach agus an miondíoltóir taistil il-láithreach is mó sa réigiún agus ba bhliain láidir é 2019 don ghnólacht. Ba shásúil do thorthaí i mBairéin agus Catar don bhliain 2019. Lean an meánmhéid a chaith paisinéirí in Muscat a bheith dúshlánach mar

gheall ar an tionchar a imríonn líonta méadaithe de phaisinéirí aistrithe agus amanna níos giorra san áit chéanna.

Rinne ár ngnólacht i mBéiriút trádáil mhaith ar feadh go leor den bhliain 2019, ach tugadh cur isteach faoi deara mar gheall ar an leibhéal de shuaitheadh sibhialta i dtreo dheireadh na bliana. Lean an suaitheadh seo le tionchar a imirt ar an ngnólacht seo i ndiaidh dheireadh na bliana.

Ag féachaint chun cinn, tá an Críochfort Lár Páirce a bhfuil súil mhór leis ag Aerfort Idirnáisiúnta Abú Daibí le hoscailt go déanach in 2020. Oibreoidh ARIME siopaí éagsúla ag an gcríochfort nua, asraonta cumhráin agus cosmaidí, spéaclaí gréine agus seodra ina measc.

Is le ARI, trína fhochuideachta CTC-ARI, an tairiscint mhiondíola taistil ag Larnaca agus Pafas sa Chipir anuas ar scairsheilbhe comhfhiontair san oibríocht Bhia agus Dí ag an dá aerfort.

Ba bhliain mhaith é d'oibríochtaí miondíola ARI ag Aerfort Larnaca agus Pafas. Bhí a fheabhas a d'éirigh le díolacháin ní b'ísle ach d'imir an t-athchóiriú suntasach a rinneadh ar an limistéar miondíola in Aerfort Larnaca tionchar díolacháin air seo, agus bhí spás miondíola 30% ní ba lú ann ar feadh go leor den bhliain dá bharr.

Oscailíodh an tairiscint níos mó agus fheabhsaithe chumhrán agus chosmaidí ag Aerfort Larnaca ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2019 agus oscailíodh an siopa nua

licéir i ndiaidh dheireadh na bliana in Eanáir 2020. Tá an obair athchóirithe ag Larnaca ar bun agus tá súil leis go dtabharfar chun críche é go hiomlán faoi Lúnasa 2020.

Tháinig méadú 2% ar líonta paisinéirí ag Larnaca aníos go dtí 8.2 milliún, agus bhí méadú 6% go dtí trí milliún tagtha ar líonta paisinéirí i bPafas. Tháinig méadú 3% ar líonta paisinéirí iomlána in Aerfort Hermes, ina bhfuil bun 11% ag ARIME, aníos go dtí 11.3 milliún.

Leannann ARIME le seirbhísí tacaíochta bainistíochta a sholáthar don oibríúchán dleachtíochta miondíola i gCríochfort 5 ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid, Riyadh, an Araib Shádach. Osclaíodh an chéad cheann de na hasraonta seo in Eanáir 2018 faoi chonradh seacht mbliana. Dúnadh ár n-infheistíocht ghnáthscaire 70% sa chuideachta i ndiaidh dheireadh na bliana, i bhFeabhra 2020.

D'éirigh go tréan le hoibríochtaí miondíola ARI i gCeanada agus Auckland in 2019, agus tháinig méadú 7% ar dhíolacháin sa dá láthair agus thacaigh borradh ar líonta paisinéirí agus níos mó airgid á chaitheamh, ar an meán, ag paisinéirí, leis seo.

Bhí laghdú tagtha ar bhrabúis in Auckland mar gheall ar mheascán de thimpeallacht a bhí ag éirí ní b'iomáiche agus feidhmíocht láidir díolacháin i measc na gcatagóirí táirgí lamhála níos ísle. Ba shásúil do na leibhéil bhrabúis i gCeanada agus bhí siad os cionn leibhéil 2018.



“B'ionann brabús Ghrúpa ARI ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais agus ar leasanna neamhrialaithe agus €13 milliún.”

Tá scairseilbhe 20% an Ghrúpa ag ARI in Aerfort Düsseldorf. Tháinig méadú ar líonta paisinéirí aníos go dtí 25.5 milliún in 2019, arbh ionann sin agus méadú 5% ar an mbliain roimhe sin. Leanann ár n-infheistíocht in Aerfort Düsseldorf le brabús agus ranníocaíocht airgid thirim dhearfach a dhéanamh leis an nGrúpa agus tháinig méadú arís eile ar an mbrabús in 2019.

In 2019, bhuaigh ARI roinnt dámhachtainí suntasacha móra le rá idirnáisiúnta dá thairiscint mhiondíola. Ainmníodh ARI Mheiriceá Thuaidh (ARINA) mar an Oibríocht Mhiondíola Aerfoirt is Fearr i gCríocha Mheiriceá uile sa chatagóir faoi bun 50 milliún paisinéir ag Cruinniú Mullaigh Idirnáisiúnta Duty Free News. Bronnadh an tOibreoir Saor ó Dhleacht Aerfoirt is Fearr i gCeanada ar ARINA an ceathrú bliain i ndiaidh a chéile ag Coinbhinsiún Chomhlachas Saor ó Dhleacht Frontier. Thug Saor ó Dhleacht Dheili 18 ndámhachtainí chorpáraídeacha agus aonair i rith na bliana, lena n-áirítear Miondíoltóir Taistil na Bliana ó Chomhdháil Mhiondíola agus Ríomh-Mhiondíola na hIndia.

Bhuaigh siopa Avoca, ar comhpháirtíocht é idir The Loop agus an miondíoltóir Éireannach, Avoca, Comhoibriú na Bliana ag Dámhachtainí Frontier, a cheiliúránn nuálaíocht agus cruthaitheacht laistigh den earnáil taistil agus mhiondíola idirnáisiúnta. Bhuaigh láithreán gréasáin The Loop an duais ab fhearr ag dámhachtainí na Ríomhthráchtála Bia agus Dí is Fearr agus na Ríomhthráchtála Taistil, Ticéadaithe agus Siamsaíochta is Fearr ag Dámhachtainí Ríomhthráchtála agus Íocaíochta 2019 in Éirinn i Márta 2019.

Líonta paisinéirí ag Aerfort Larnaca

8.2m
+2%


Líonta paisinéirí ag Aerfort Phafas

3.1m
+6%

Líonta paisinéirí ag Aerfoirt Hermes

11.3m
+3%

Brabús an Ghrúpa ar ghnáthghníomhaíochtaí



Díolacháin mhiondíola i gCeanada agus Auckland

+7%

Líonta paisinéirí ag Aerfoirt Düsseldorf

25.5m
+5%



Fairsingíonn daa a réimse gníomhaíochtaí

daa Idirnáisiúnta

Cuireann daa Idirnáisiúnta seirbhísí comhairleacha, bainistíochta agus infheistíochta ar fáil do chliant timpeall an domhain a dhéanann taithí agus saineolas Ghrúpa daa níos fairsinge a ghairil.

Is é an conradh bainistíochta do Chríochfort 5, Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid in Riyadh, an Araib Shádach, an príomhchonradh don ghnólacht. Osclaíodh an críochfort intíre seo go hoifigiúil in 2016, inar thaistil beagán de bhreis ar 12 milliún paisinéir trí Chríochfort 5 i rith a chéad bhliana iomláine d'oibriú. Tháinig méadú gach bliain ó shin i leith ar líonta paisinéirí agus tháinig méadú 9% orthu aníos go dtí 15.9 milliún in 2019.

Le trí bliana anuas, rinne daa Idirnáisiúnta a réimse gníomhaíochtaí ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid a fhairsingiú, agus cuireadh ról i gcarrpháirceáil, eitlíocht forbairt gnó eitlíochta agus bainistíocht lastais leo ar fud an aerfort.

Tá brainse tráchtála iomlán bunaithe againn freisin san Araib Shádach leis an tábhacht a léiriú a bhaineann leis an Meánoirthear don ghnólacht.

In 2019, chríochnaigh 22 comhghleacaí ó Chuideachta Aerfort Riyadh cláir oiliúna shaincheaptha inar tugadh cuairteanna ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí mar chuid díobh. Déanann na cláir seo daa Idirnáisiúnta a shuíomh ar thús cadhnaíochta ceannairí eitlíochta na todhchaí a fhorbairt i réigiún na Murascaille.

In 2019, lean daa Idirnáisiúnta lena lorg coise domhanda a mhéadú le cliant san Astráil, Singeapór, the na hOileáin Philipíneacha, an RA agus áiteanna eile san Araib Shádach. Cuimsítear sa scóip sheirbhísí a sholáthraítear príomhghnéithe de bhainistíocht aerfort, sainchomhairleoireacht oibriochtúil agus chothabhála, maoirseacht, diagnóisic TF, soláthar straitéiseach agus athbhreithniú piaraí ina measc.

Tá píblíne fholáine forbartha ag daa Idirnáisiúnta freisin agus tá deiseanna ann sa Mhurascaill, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, Meiriceá Thuaidh agus sa réigiún Cairibeach. Cuimsítear deiseanna le haghaidh sainchomhairleoireacht straitéiseach, conarthaí bainistíochta agus lamháltais agus infheistíochta sna deiseanna seo.

Is í an sprioc straitéiseach do daa Idirnáisiúnta chun conradh fadtéarmach bainistíochta aerfort a bhaint amach agus go gcuirfidh líon conarthaí ar leith agus tábhachtacha sainchomhairleoireachta leis seo.

Buíochas

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bhfostaithe ar fud an Ghrúpa agus lenár gcomhpháirtithe miondíola thar lear as na hiarrachtaí a rinne siad le 12 mhí anuas. Cinntíonn siad oibriú gan fhadhbanna ár n-aerfort agus ár n-asraonta miondíola taistil ar fud na cruinne agus fáiltíonn siad roimh na milliúin paisinéir chuig ár ngnólachtaí gach bliain.

Dalton Philips

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An 20 Márta 2020



Líonta paisinéirí ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid, Riyadh, an Araib Shádach

26m



“Le trí bliana anuas, rinne daa Idirnáisiúnta a réimse gníomhaíochtaí ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid a fhairsingiú, agus cuireadh ról i gcarrpháirceáil, forbairt gnó eitlíochta agus bainistíocht lastais leo ar fud an aerfoirt.”

Líonta paisinéirí ag Críochfort 5 ag Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid, Riyadh, an Araib Shádach

15.9m
+9%

Feidhmíocht agus borradh láidir an Ghrúpa

“Léirítear i dtorthaí 2019 feidhmíocht fheabhsaithe i measc an Ghrúpa, agus tháinig borradh láidir ar láimhdeachas, EBITDA agus brabús oibriúcháin, ach ceaptar gurb iad na héifeachtaí a bheidh ag paidéim dhomhanda COVID-19 na héifeachtaí is suntasaí a bheidh i gceist sa bhliain 2020, áfach.”

Ray Gray
Príomhoifigeach Airgeadais



Tháinig borradh €17 milliún (13%) ar bhrabús an Ghrúpa agus tháinig méaduithe ar bhrabús i measc gníomhaíochtaí intíre agus idirnáisiúnta araon. Tá ár dtosaíochtaí straitéiseacha ar aon dul lenár sprioc chun ‘Luach ár ngnóilachta a mhéadú’. Is iad an phríomh-mhéadracht a úsáidtear chun ár ndul chun cinn a rianú in aghaidh an chuspóra seo EBITDA, brabús i ndiaidh cánach roimh earraí eisceachtúla agus gluaiseachtaí eisceachtúla agus ar luach cóir agus toradh ar ghnáthscair (TAG). Cé go bhfuil ár dtorthaí ar aon dul leis an sprioc seo a bhaint amach, tá dúshlán roimh an nGrúpa sna blianta amach romhainn.

Léirítear achoimre ar phríomhthorthaí airgeadais an Ghrúpa thíos.

Brabúsacht (€'m)	2019	2018
Láimhdeachas	935	897
Fás %	4%	5%


EBITDA an Ghrúpa ¹	302	289
Fás %	4%	7%

Brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach – roimh ghluaiseachtaí eisceachtúla agus ar luach cóir	150	133
Gluaiseachtaí eisceachtúla agus ar luach cóir	26	7
Brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach – i ndiaidh coigeartuithe agus gluaiseachtaí ar luach cóir	176	140

Príomh-chóimheasa	2019	2018
EBITDA an Ghrúpa: Glanmhuirear úis ²	16.5x	9.8x
Glanfhiachas: EBITDA an Ghrúpa	1.4x	1.5x
EBITDA an Ghrúpa: Láimhdeachas an Ghrúpa	32%	32%
Toradh ar mheán-ghnáthscair ³	10.4%	10.1%


- 1 Is éard atá in EBITDA an Ghrúpa tuilleamh an Ghrúpa roimh ús, cáin, dímhéas, amúchadh roimh earraí eisceachtúla ó ghníomhaíochtaí Grúpa, gan ranníocaíochtaí a áireamh ó ghnóthais ghaolmhara agus chomhfhiontair.
- 2 Is éard atá muirear glanús ná glanús an Ghrúpa roimh earraí eisceachtúla, gan iad sin a áireamh a bhaineann le gnóthais ghaolmhara agus chomhfhiontair.
- 3 Bunaítear toradh ar mheánghnáthscair ar bhrabús Grúpa, gan earraí eisceachtúla a áireamh a léirítear mar chéatadán de mheánchistí scairshealbhoirí.

EBITDA an Ghrúpa*



* Roimh earraí eisceachtúla agus gluaiseachtaí ar luach cóir.

Brabús i ndiaidh cánach (réamheisceachtúil)*



* Inchurtha i leith an Ghrúpa.

Brabús don bhliain airgeadais (earraí réamheisceachtúla)

€150m
+13%

EBITDA

€302m
+4%

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leanúint

Bhain an Grúpa brabús €150 milliún i ndiaidh cánach, roimh earraí eisceachtúla amach don bhliain airgeadais, ar tháinig borradh 13% air aníos ó €133 milliún in 2018.

Tháinig méadú €38 milliún (4%) ar láimhdeachas an Ghrúpa aníos go dtí €935 milliún, i gcomparáid le €897 milliún in 2018. Is éard atá ann seo ná méadú €28 milliún (4%) ar ár láimhdeachas gaolmhar aerfoirt agus láimhdeachas idimnáisiúnta €10 milliún (4%). Is éard atá i gceist leis an láimhdeachas a gineadh ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí táillí aerloingseoireachta a gearradh, láimhdeachas ó mhiondíol díreach agus ó ghníomhaíochtaí tráchtála, ar nós carpháirceála, gluaisteáin a fhuiliú agus rudaí eile.

Tháinig méadú 4% go dtí €302 milliún ar EBITDA an Ghrúpa ó €289 milliún in 2018. Is éard is cúis leis an méadú seo ná méadú €33 milliún ar ollbhrabús, a rinne méadú €20 milliún ar chostais oibriúcháin a sheach-chur.

Tháinig méadú €20 milliún (5%) ar chostais oibriúcháin an Ghrúpa aníos go dtí €446 milliún ó €426 milliún. B'ionann costais aerfoirt agus €320 milliún; is méadú 7% é seo aníos ó €300 milliún in 2018 agus níor tháinig aon athrú ar chostais idimnáisiúnta agus b'ionann iad agus €126 milliún (2018: €126 milliún).

Tháinig méadú €3 milliún aníos go dtí €127 milliún ar chostais dímhéasa agus amúchta.

Tháinig gnóthachain eisceachtúla €26 milliún aníos ó ghluaiseachtaí ar luach cóir glan ar chánachas i réadmhaoin infheistíochta, a mhéadaigh brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach, earraí eisceachtúla san áireamh, aníos go dtí

€176 milliún (2018: €140 milliún). Ba é an luacháil a rinneadh ar ár dara foirgneamh campais ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a rinneadh i mí na Nollag dár gcéad phríomhthionónta, Kellogg's, ba mhó ba chúis leis an ngnóthachan neamhréadaithe.

Aonaid ghnó

Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath brabús €134 milliún amach i ndiaidh cánach (roimh ghluaiseachtaí eisceachtúla agus ar luach cóir). Is ionann seo agus méadú €11 milliún (9%) i gcomparáid le 2018. Chuir borradh 4% ar líon na bpaisinéirí in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus borradh láidir ar láimhdeachas tráchtála €31 milliún (10%) leis an mborradh ar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ba dhearfach an bhliain 2019 in Aerfort Chorcaí agus tháinig méadú ar líonta paisinéirí ann don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile. Tháinig méadú €2 milliún anuas go dtí €13 milliún ar bhrabús ARI Idimnáisiúnta, agus baineadh ranníocaíocht láidir bhrabúis amach ó infheistíocht an Ghrúpa in Aerfort Düsseldorf, chomh maith. Níor tháinig mórán athrú ar an scair de na brabúis ó infheistíochtaí an Ghrúpa i gComhpháirtithe agus Comhfhiontair agus b'ionann é agus €17 milliún in 2019.

Ba láidir an bhliain í do daa Idimnáisiúnta agus leanann borradh ag teacht air i ndiaidh gur bhain sé an láimhdeachas ab airde riamh amach in 2019, agus d'éirigh go tréan leis in KIA san Araib Shádach anuas ar roinnt conarthaí nua a baineadh amach in 2019.

Dearcadh agus margadh

Tháinig méadú 2% sa chéad dhá mhí in 2020 ar líonta paisinéirí in Éirinn, ar príomhearraí iad a chuireann láimhdeachas agus gníomhaíocht chun cinn ar fud aerfort agus ghnólaighaí miondíola an Ghrúpa. Ar bhunús leibhéil níos ísle de bhorradh tuartha ar phaisinéirí in 2020 agus níos faide amach romhainn, sa mhullach ar laghdú ar tháillí rialaithe paisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, bhí súil ag an nGrúpa le laghdú ar ioncaim in 2020.

Roimh phaindéim COVID-19, a dtagraítear di thíos, ba é an príomhdhúshlán airgeadais a bhí roimh an nGrúpa dul i ngleic leis an ngá atá le clár caipitil rithábachtach agus tábhachtach a thosú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a chistiú i gcomhthéacs chinntiúcháin rialála 2019. Ina chinntiúchán, rinne an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (an CRE) an leibhéal uasta táillí paisinéara a laghdú go suntasach (thart ar 20%) anuas go dtí €7.87 (fiortháille), ar an meán, don tréimhse 2020-24 in ainneoin go raibh súil le hinfheistíocht chaipitil €2.3 billiún a dhéanamh sa tréimhse.


Brabús Aerfort Bhaile Átha Cliath i ndiaidh cánach

€134m
+9%

Glanfhiachas

€430m
-2%


Láimhdeachas an Ghrúpa



Glanfhiachas agus gníomhaíochtaí sreabhaidh airgid

	2019 Iarbhír €'m	2018 Iarbhír €'m
Glanfhiachas		
Ollfhiachas	(760)	(802)
Airgead Tirim	330	361
Glanfhiachas	(430)	(441)
	2019 Iarbhír €'m	2018 Iarbhír €'m
Breisiúcháin chaipitil		
Breisiúcháin sócmhainní seasta inláimhsithe	212	115
Breisiúcháin sócmhainní seasta doláimhsithe	8	2
Breisiúcháin mhaoin infheistíochta	24	15
Breisiúcháin chaipitil iomlána	244	132

Tugaimid faoi deara ag tráth an scríofa, áfach, gur thosaigh briseadh amach domhanda COVID-19 le tionchar an-suntasach a imirt ar na geilleagair dhomhanda agus áitiúla, ár gcomhpháirtithe aerlíne, paisinéirí agus custaiméirí miondíola. Is éard a bhí mar thoradh air ná gur thug Rialtais náisiúnta réimse fairsing beart isteach mar gheall ar scaipeadh COVID-19 agus é mar aidhm chun stop a chur le scaipeadh an víris agus baineann an ceann is suntasaí díobh seo le srianta a thabhairt isteach ar thaisteal neamh-bhunriachtanach i réimse fairsing tíortha ar fud an domhain. Cur isteach an-mhór agus gan choinne ar thaisteal aerlíne atá mar thoradh air seo agus d'fhógair formhór na n-aerlínte nach mbeidh a bhflit aerárthaí agus a sceidil eitiltí á bhfeidhmiú acu agus/nó go mbeidh a dtuilleadh á laghdú acu in go leor cásanna ar feadh tréimhse thosaigh thart ar dhá mhí.

Líonta paisinéirí

D'imir seo tionchar suntasach ar na líonta paisinéirí a d'úsáid Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Fógraíodh an 19 Márta 2020, cé go bhfanfadh aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar oscailt, laghdófaí oibríochtaí ag an dá aerfort. Is soiléire atá sé i gcónaí gurb iad na héifeachtaí a bheidh ag paindéim dhomhanda COVID-19 na héifeachtaí is suntasaí a bheidh i gceist sa bhliain 2020.

Deimhneoidh roinnt tosca atosú oibríochtaí iomlána paisinéirí amach anseo, beartais leanúnacha taistil na hÉireann ina measc maidir le paindéim an choróinvíris, oibríochtaí aerlíne, agus beartais taistil phríomh-mhargáí thar lear na n-aerfort ina measc. Cé go dtugaimid tús áite d'infhuanaitheacht agus inmharthanacht fhadtearmach ghnólaigh an Ghrúpa a chinntiú agus fad a bhíonn an cás ag forbairt go fóill, agus fad atá mórmhéid éiginnteachta ann go fóill, táimid sásta go bhfuil clár comhardaithe láidir agus dóthain leachtachta i bhfeidhm againn chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Leagtar amach níos mó sonraí faoi leachtacht an Ghrúpa níos déanaí san athbhreithniú seo. Leagtar sonraí breise amach faoi leachtacht an Ghrúpa níos faide ar aghaidh san athbhreithniú seo.

Cáin

Tháinig méadú €2 milliún aníos go dtí €23 milliún ar mhúirear cánachais an Ghrúpa, earraí réamheisceachtúla ina measc. Ba é ráta éifeachtach cánach an Ghrúpa, earraí réamheisceachtúla ina measc 13% (2018: 13%).

Cé nár tháinig aon athrú ar an ráta cánach éifeachtach bliain ar bhliain, d'aistrigh comhdhéanamh an mhuirir chánach, ar an iomlán, go suntasach idir cáin reatha agus cáin iarchurtha. Is é is mó a chuireann seo go

príomha ná gur aistrigh Cuideachta Phoiblí Theoranta daa chuig suíomh cánach airgid thirim in Éirinn maidir le 2019, agus bhí úsáid á baint, ina ionad sin, i mblianta roimhe seo as caillteanais trádála a tugadh anonn.

Glanfhiachas agus gníomhaíochtaí sreabhaidh airgid

Tháinig laghdú €11 milliún (2%) ar ghlanfhiachas anuas go dtí €430 milliún. Bhain an Grúpa insreafaí airgid oibríocháin €275 milliún ag an nGrúpa in 2019 i gcomparáid le €280 milliún in 2018. Ghin an Grúpa airgead tirim €71 milliún roimh ghníomhaíochtaí maoinithe ar tháinig laghdú 58% air anuas ó 2018. Ba é an leibhéal méadaithe de chaiteachas caipitiúil i rith na bliana an rud ba mhó a chuir in laghdú ar shreabhadh airgid chun cinn.

Tá beartas cistithe ag daa le soláthar comhsheasmhach de chistiú tiomnaithe a chinntiú ar leibhéal an Ghrúpa ar chostas réasúnta, chun riachtanais chistithe an Ghrúpa a bhfuil súil leo a shásamh agus aird ar an tréimhse a chumhdaigh an plean gnó fadtéarmach chun solúbthacht a sholáthar d'imeachtaí eile gan choinne. B'ionann an ghíaráil agus 22% ag deireadh na bliana ar tháinig laghdú 2% air anuas ón mbliain 2018. Tá feabhas aníos ó 1.5x tagtha ar an gcóimheas idir glanfhiachas agus EBITDA anuas go dtí 1.4x uair agus tá feabhas mór tagtha ar chumhdach uís aníos ó 9.8 uair in 2018 go dtí 16.5 uair an 31 Nollaig 2019.

Taispeántar an ráiteas ar shreabhadh airgid mionsonraithe ar leathanach 86 agus tacaíonn Nótaí 24 agus 25 leis na Ráitis Airgeadais leis seo.

Infheistíochtaí caipitil

B'ionann breisiúcháin chaipitil don bhliain 2019 agus €244 milliún, ar méadú €112 milliún é seo aníos ó 2018. Áiríodh leis an gclár infheistíochta caipitil faoinar tugadh i rith na bliana obair ar an Rúidbhealach Thuaidh, saoráid HBS, obair ar an Rúidbhealach Trasna agus leanúint leis an tógáil ag Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Bainistíocht cisteáin

Oibríonn an Grúpa feidhm láraithe chisteáin a oibrítear i gcomhlíonadh bheartais faoifa an Bhoird a athbhreithníonn an bhainistíocht agus Iníúcháireacht Inmheánach go tréimhsiúil i dtaobh oiriúnacht agus éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais ar leanúint

Baineann príomhrioscaí airgeadais an Ghrúpa, a bhainistítear ó pheirspictíocht cisteáin, le:


- Cistiú – rochtain a choimeád ar mhargaí fiachais agus foinsí eile airgeadais.
- Leachtacht – leachtacht dhóthanach a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais an Ghrúpa.
- Gluaiseachtaí ar an ráta úis ar riachtanais reatha agus thuartha fiachais amach anseo an Ghrúpa.
- Luaineacht in airgeadra eachtrach go príomha mar gheall ar oibríochtaí thar lear.
- Riosca i leith creidmheas contrapháirtí

Is féidir roinnt de na rioscaí seo a mhaolú trí úsáid a bhaint as ionstraimí díorthacha airgeadais ionstraimí agus, sa chás gur cuí, forghníomhaítear na hionstraimí siúd i gcomhlíonadh Shonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Údaraítear san Acht seo an Grúpa chun iontráil isteach i gconarthaí díorthacha chun riosca i leith caillteanais a dhíbirt nó a laghdú a eascraíonn as athruithe ar rátaí úis, airgeadra nó tosca eile atá den chineál céanna.

Cistiú agus leachtacht

Baineann tábhacht straitéiseach le hoibríochtaí cistithe an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, athmhaoiniú fiachais atá ag aibiú agus leachtacht leordhóthanach a sholáthar. Cinntíonn beartas leachtachta an Ghrúpa go bhfuil dóthain leachtachta ar fáil dó chun a dhliteanais a shásamh nuair a bhíonn siad dlite trína chinntiú go mbíonn foinsí leachtachta ar a laghad 1.5 uair níos mó ná úsáidí airgid thirim go ceann 12 mhí agus gur féidir leo an fód a sheasamh in aghaidh imeachtaí ardtionchair ísealdóchúlachta gan a bheith orthu athmhaoiniú a dhéanamh. Bhí leachtacht €979 milliún ag an nGrúpa an 31 Nollaig 2019 ina raibh airgead tirim €330 milliún

Glanfhiachas : EBITDA



agus saoráid chreidmheasa imrothlaigh (SCI) gheallta agus saoráid iasachta neamhtharraingthe ón mBanc Eorpach Infheistíochta i gceist a sholáthraíonn leachtacht dhóthanach ar fuireachas don Ghrúpa. B'ionann ceangaltas chaipitil a conraíodh an 31 Nollaig 2019 agus €112 milliún agus d'údaraigh na Stiúrthóirí €468 milliún sa bhreis ach ní dhearnadh é a chonrú.

Léirítear i gcáipéisíocht mhaoinithe agus próifíl aibíochta an Ghrúpa a bhunláidreacht airgeadais agus a bhunrátaí chreidmheasa ina bhfuil dearcadh cobhsaí 'A-/A-1' de réir na gníomhaireachta rátála creidmheasa S&P Global (S&P). Thiomsaigh S&P an rátaíl chreidmheasa seo aníos ó 'A-/A-2' i Nollaig 2019, i ndiaidh go ndearnadh Éire a uasghrádú go dtí 'AA-' aníos ó 'A+' mar gheall go gcreideann S&P go bhfuil dóchúlacht measartha ard ann go bhfaigheadh daa tacaíocht thráthúil agus leordhóthanach neamhghnách ó Rialtas na hÉireann. Léirítear sa dearcadh cobhsaí i leith oibreoir aerfort na hÉireann, daa, ár ndearcadh go mbíonn súil againn leis go leanfaidh an chuideachta Rátálacha Domhanda S&P a chothabháil. Ba é an meán-FFO ualaithe i leith fiachais a dhéantar a choigeartú in 2020-2021 idir 25% agus 30%.

Léirítear i bpróifíl aibíochta fiachais an Ghrúpa, faoi mar a leagtar amach thíos, seasamh ar féidir é a bhainistiú gan stró, go háirithe i gcomhthéacs glansreabhadh airgid láidir ó fheidhmíocht oibríochtaí (€275 milliún in 2019) agus leachtacht €980 milliún. Shínigh an Grúpa saoráid iasachta €350 milliún an 21 Meitheamh 2019 le Banc Eorpach Infheistíochta chun tionscadail shonracha chaipitil a chistiú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is féidir an iasacht seo a tharraingt ar bhonn amúchta 20 bliain nó ar chnap-aisíocaíocht 12 bhliain agus is féidir é a tharraingt a fhad leis an 21 Meitheamh 2022. Nuair a chuirtear scála an chláir chaipitil i gcaitheamh na tréimhse ó 2020 go 2025 san áireamh, rinne an Grúpa socruithe a chur i bhfeidhm i ndiaidh dheireadh na bliana chun a SCI a mhéadú aníos ó €300 milliún go €450 milliún agus chun a aibíocht a shíneadh ó Shamhain 2022 go Márta 2025. Leanann an Grúpa le hidirchaidreamh a dhéanamh lena bhainc, an Banc Eorpach Infheistíochta, infheisteoirí banna agus S&P lena chinntiú go mbainistíonn sé a chumas chun cistiú a dhéanamh amach anseo.


Leachtacht an Ghrúpa

€979m

Breisiúcháin chaipitil

€244m

Próifíl aibíochta fiachais an Ghrúpa an 31 Nollaig 2019



Ceangaltas chaipitil

€468m

Conarthaí a socraíodh


€112m

Bainistíocht riosca ráta úis agus airgeadra eachtraigh

Is é beartas an Ghrúpa chun cóimheas íosta seasta 70% a choimeád maidir le fiachas reatha d'fhonn an cuntas brabúis agus cailteanais agus sreafaí airgid thirim a chosaint ó dhrochghluaiseachtaí ábhartha ar rátaí úis. An 31 Nollaig 2019, bhí 100% d'fhiachas an Ghrúpa seasta i dtaobh aibíochta ar an gcaoi sin a rinne an nochtadh do luaineachtaí ar an ráta úis a íoslághdú. Is é an meánráta úis ualaithé atá infheidhme le hiasachtaí an Ghrúpa 2.2% (2018: 2.6%).

Gintear tromlach shreafaí airgid an Ghrúpa ó oibríochtaí atá ainmnithe in Euro ag aerfoirt Éireannacha. Tá roinnt fochuideachtaí, gnóthais

Toradh ar ghnáthscaireanna



chomhfhiontair agus ghaolmhara thar lear ag an nGrúpa óna n-ainmnítear díbhinní agus muirir bhainistíochta in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa chun riosca i leith idirbheart airgeadra a íoslághdú, trína lorg, sa chás gur cuí, nochtadh d'idirbheart airgeadra eachtraigh a fhálú, agus úsáid á baint as díorthaigh, ar nós conarthaí réamhcheannacháin. Ní dhéanann an Grúpa does riosca aistrithe a fhálú a eascraíonn as brabúis agus glansócmhainní na bhfochuideachtaí, na ngnóthas comhfhiontair agus gaolmhar seo. Déantar nochtar airgeadra a nochtadh i Nóta 26 de na Ráitis Airgeadais.

Riosca i leith creidmheas contrapháirtí

Is éard atá i riosca creidmheas contrapháirtí an Ghrúpa, go príomha, féichiúnaithe trádála agus taiscí bainc. Is é beartas an Ghrúpa chun nochtadh do chontrapháirtithe a theorannú bunaithe ar mheasúnú ar riosca creidmheasa agus nochtadh tuartha do chreidmheas. Tá nósanna imeachta foirmiúla ag an nGrúpa chun riosca creidmheasa a bhainistiú, teorainneacha creidmheasa a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar fhéichiúnaithe trádála agus leibhéil éarlaise bainc ina measc. Beartas Grúpa é barrachas airgid thirim a thaisceadh le bainc a bhfuil rátáil chreidmheasa chuí acu faoi mar a chinneann na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa.

Torthaí do scairshealbhóirí

Beartas Rialtais é gur cheart do chuideachtaí tráchtála brabúsacha Stáit díbhinn airgeadais a íoc leis an Stát agus gur cheart go mbeadh beartas díbhinní a luaitear go soiléir i bhfeidhm acu. Is é an figiúr treoirlíne 30% de bhrabúis i ndiaidh cánach, (Beartas Eitlíochta Náisiúnta 2015) ach ba cheart go gcuirfidís i gcuntas cúinsí reatha airgeadais agus pleananna an aonáin don todhchaí.

Bhí beartas díbhinní comhaontaithe i bhfeidhm ag daa lena scairshealbhóirí don tréimhse a fhad leis an 31 Nollaig 2018. Cé go bhfuil an Grúpa ag oibriú chun beartas leasaithe a chur i bhfeidhm do na blianta amach romhainn, níor tugadh seo chun críche go fóill. Tá súil leis go leanfaidh aon bheartas díbhinní a bheith faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil agus faoi réir na tosaíochta go gcoimeádann an Grúpa leibhéal íosta de rátáil chreidmheasa ar ghrád infheistíochta. Níor mhol an Bord aon díbhinn maidir leis an 31 Nollaig 2019 (2018: €45 milliún).

Ray Gray

Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa
An 20 Márta 2020

Ár dTodhchaí a Chruthú

Is é ár sprioc chun luach ar ngnólachta a mhéadú agus is é ár bhfís bheith mar cheannairí thionscal an aerfoirt. Bainfimid seo amach trinár ngnó a fhás le daoine oilte agus seirbhís agus luach iontach a sholáthar d'aerlínte, paisinéirí agus ár gcomhpháirtithe gnó.

Ár dtosaíochtaí straitéiseacha a fhad le 2021

01

Airdí nua a bhaint amach ag ár n-aerfoirt



Ár nAidhmeanna

Táimid i gcónaí dírithe ar bheith a fheabhas agus is féidir linn, an t-eispéireas is fearr agus is féidir a chruthú don phaisinéir, agus a chur ar chumas ár gcustaiméirí agus comhpháirtithe fás in éineacht linn.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 34

02

Tógáil dár dtodhchaí



Ár nAidhmeanna

Dírímid go fadtéarmach agus go straitéiseach ar ár ngnólachtaí aerfoirt lena chinntiú gur féidir leo leanúint i mbun forbartha ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara go léir.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 36

03

Ár nGrúpa a fhás sa bhaile agus thar lear



Ár nAidhmeanna

Is mian linn ár nGrúpa a fhás agus a fhairsingiú chun an saineolas a d'fhorbraíomar inár n-aerfoirt agus ár n-oibríochtaí miondíola a thabhairt chuig margáí nua.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 38

Buntacaithe ag ár ngealltanas:

Daoine agus foirne iontacha a fhorbairt atá réidh don lá amárach



Geallaimid an méid seo a leanas:

Chun tacú lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, forbróimid acmhainneacht agus ceannaireacht ar fud ár n-eagraíochta agus feabhsóimid taithí fostaithe taithí a mhealladh agus a choimeád. Tá de chuspóir againn oibriú go héifeachtúil chun eagraíocht ardfeidhmíochta a fhorbairt atá tiomanta d'éifeachtúlacht. Bainfimid leas as an teicneolaíocht do chultúr atá faoi stiúir sonraí.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 40

Ár Luachanna



Meas a léiriú ar luach a chéile



An fhreagracht a thabhairt, seachas a leagan ar dhuine

Ár bhFeidhmíocht

Tá borradh ar phaisinéirí tugtha faoi deara againn ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon agus tá borradh leanúnach tréan tugtha faoi deara againn in Aerfort Chorcaí agus tá moilliú tagtha ar an mborradh in Aerfort Bhaile Átha Cliath in aghaidh 2018.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 46

Borradh ar Phaisinéirí – Corcaigh

8.30%
+4.6%

➔ Chun teacht ar fhaisnéis faoi Phríomhriosca, féach leathanach 51

Baineadh na spriocanna próiseála slándála amach

100%
+0.05%

Ár bhFeidhmíocht

Déanann ár gclár forbartha bonneagair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ár gcaitheamh níos airde caipitiúil in 2019 a thabhairt chun cinn. Tá laghdú tagtha ar ídiú fuinnimh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 47

Caitheamh caipitiúil

€222m

➔ Chun teacht ar fhaisnéis faoi Phríomhriosca, féach leathanach 51

Ídiú fuinnimh – Aerfort Bhaile Átha Cliath

-5.40%

Ár bhFeidhmíocht

Bhaineamar borradh láidir 8% bliain ar bhliain ar dhíolacháin amach lenar bhuntacaigh infheistíocht i gclár athchóirithe miondíola. Tháinig méadú bliain ar bhliain ar ár Láimhdeachas Idirnáisiúnta mar gheall ar an mborradh ag ARI agus daa Idirnáisiúnta.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 48

Láimhdeachas a Bainistíodh

€1.19bn
+7.86%

➔ Chun teacht ar fhaisnéis faoi Phríomhriosca, féach leathanach 51

Ioncam Idirnáisiúnta

€266.3m
+3.95%

Ár bhFeidhmíocht

Díríodh go príomha in 2019 ar Chaighdeán Ceannaireachta daa a bhunú agus a leabú (féach leathanach 45) agus cultúr níos éagsúla agus níos cuimsithí a chruthú.

➔ Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 49

Rannpháirtithe sa Chaighdeán Ceannaireachta

650
+100%

➔ Chun teacht ar fhaisnéis faoi Phríomhriosca, féach leathanach 51

Baill bhaineanna den Fhoireann Feidhmiúcháin

30%
+20%



Na bunrudáí
a dhéanamh
go sármaith



Bheith níos
fearr i gcónaí




Airdí nua a bhaint amach ag ár n-aerfoirt

Táimid i gcónaí dírithe ar bheith a fheabhas agus is féidir linn, an t-eispéireas is fearr agus is féidir a chruthú don phaisinéir, agus a chur ar chumas ár gcustaiméirí agus comhpháirtithe fás in éineacht linn. Dírimid ar thrí limistéar chun seo a bhaint amach:

Comhpháirtíocht a dhéanamh le custaiméirí, lúcháir a chur ar phaisinéirí
Fás a mhúscailt
Bheith sábháilte, slán agus iontaoifa

Láimhdeachas aerloingseoireachta



An straitéis i ngníomh



Feabhas a chur ar aistear an phaisinéara

Tugann Foireann Léargais agus Phleandla Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi bhreis agus 30,000 suirbhé gach bliain.

Tugadh chun solais i gceann amháin de na suirbhéanna seo gur paisinéirí neirbhíseacha iad 20% de phaisinéirí. Mar fhreagairt dó sin, d'oibrigh Aerfort Bhaile Átha Cliath as lámh le dhá charthanas, Irish Therapy Dogs agus My Canine Companion i rith an tsamhraidh, an tréimhse is gnóthaí san aerfort, chun tabhairt faoi thionscadal píolótach chun cabhrú le haon duine a mbíonn inní orthu faoi eiltit chun taisteal tríd an aerfort níos éasca. Chuir madraí teiripe agus madraí teiripe faoi oiliúint fáilte roimh phaisinéirí sular thug siad aghaidh ar shlándáil dhá uair sa tseachtain ó Mheitheamh go Deireadh Fómhair chun a gcineál féin ar leith de chompond a chur ar fáil. Ba léir go raibh an-tóir go deo ar an tionscadal píolótach i measc go leor taistealaithe a bhain taitneamh as an sonas ar leith a bhí na madraí in ann a chur ar fáil sular imigh siad leo ar a n-eiltití.

Trácht Mhór-Roinn na hEorpa ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

17.3m





An straitéis i ngníomh



Eitleoirí tábhachtacha


Cuirtear cláir speisialta ar fáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon do dhaoine atá ag taisteal a bhféadfadh tacaíocht agus cúnamh breise a bheith ag teastáil uathu.

D'eisigh an t-aerfort breis agus 5,000 láinnéar agus banda riosta in 2019. Cuireann iad seo in iúl d'fhoireann an aerfort gur taistealaithe iad a bhfuil riachtanais speisialta acu a bhféadfadh breis ama agus spáis a bheith ag teastáil uathu nuair a bhíonn scuainí rompu agus nuair a bhíonn seiceálacha slándála á ndéanamh. Cuirtear Láinnéar a Lus na Gréine ar fáil in Aerfort Chorcaí a cheadaíonn do phaisinéirí atá faoi mhíchumas ceilte chun tacaíocht bhreise a fháil nuair a thaistealaíonn siad tríd an aerfort.

Osclaíodh seomra céadfach a tógadh le sainchuspóir in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019 a bhí dírithe ar chabhrú le paisinéirí a shuaimhniú a d'fhéadfadh bheith trína chéile i dtimpeallacht ghnóthach agus nach bhfuil aithne acu uirthi. Dearadh an spás nua go sonrach do dhaoine ar a bhfuil uathachas, néaltrú, cognaíoch lagú nó eile riachtanais speisialta.

Líon na mbandaí riosta agus na láinnéar 'Eitleoir Tábhachtach' a d'eisigh Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019

5,000






Tógáil dár dtodhchaí

Teastaíonn díriú fadtéarmach straitéiseach ónár ngnólachtaí aerfoirt lena chinntiú gur féidir leo leanúint ag forbairt ar bhealach inbhuanaithe ar mhaithe le gach páirtí leasmhar. Chun seo a dhéanamh, dírimid ar dhá phríomhlimistéar:

Toilleadh a scaoileadh
Ceadúnas chun fáis

Glanfhiachas





An straitéis i ngníomh



Ceadúnas chun fáis

Tá méadú 59% tagtha ar nascacht ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sa tréimhse cúig bliana idir 2014 agus 2018, agus d'eascair tionchair fhorleathana agus fhadtréimhseacha as ar fud oileán na hÉireann. Cuimsítear i dtionchar geilleagrach Aerfort Bhaile Átha Cliath na gníomhaíochtaí siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an aerfort, tionchar an iolraitheora, agus ear nálacha eile laistigh de gheilleagar na hÉireann a n-imríonn Aerfort Bhaile Átha Cliath tionchar indíreach orthu.

Tá baint lárnach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath le turasóireacht mhórsála, easpórtálacha ardluacha agus ceangail le margáí idirnáisiúnta atá ag éirí níos éagsúla a éascú. Mar gheall ar an méadú ar nascacht Aerfort Bhaile Átha Cliath, tá méadú 56.7% tagtha ar phaisinéirí, chomh maith, a dhéanann poist agus tionscal laistigh d'Éirinn a thabhairt chun cinn.

Éascaíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath nach mór 130,000 post faoi láthair agus ghin sé luach bliantúil €9.8 billiún d'Oil-Bhreislúach (a dhéanann an méid a chuireann cuideachta leis an tír a thomhas), arb ionann sin agus 3.1% den gheilleagar náisiúnta. Tá na poist seo laistigh d'Aerfort Bhaile Átha Cliath féin, tionscal turasóireachta na hÉireann agus i ngnólachtaí ilnáisiúnta a bhunaigh oibríochtaí i mBaile Átha Cliath mar gheall ar an tairseach a sholáthraíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath don chuid eile den domhan agus in go leor ear nálacha eile de gheilleagar na hÉireann.

Is é Ceantar Fhine Gall an áit is mó ina mbaintear tairbhe as tionchar geilleagrach Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus imrítear 89% den tionchar post díreach air. Ó osclaíodh é den chéad uair sa bhliain 1940, lean Aerfort Bhaile Átha Cliath le daoine a fhostú go comhsheasmhach laistigh den cheantar áitiúil agus tacaíonn Ciste an Phobail, ar fiú €10 milliún é, a cruthaíodh le déanaí, leis na pobail máguaird, chomh maith le cur go dearfach leo.

Oil-Bhreislúach a ghin Aerfort Bhaile Átha Cliath*

€9.8bn

Méadú ar líonta paisinéirí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó 2014*

31.4%

Céatadán phoist dhíreacha Aerfort Bhaile Átha Cliath i bhFine Gall*

89%

* Foinse: Tuarascáil InterVistas 2019




Ár nGrúpa a fhás sa bhaile agus thar lear

Is mian linn ár nGrúpa a fhás agus a fhairsingiú chun an saineolas a d'fhorbraíomar inár n-aerfoirt agus ár n-oibríochtaí miondíola a thabhairt chuig margat nua. Chun seo a bhaint amach, dírimid ar na limistéir seo a leanas:

Sármhaitheas i miondíol taistil lonchais a fhairsingiú

Láimhdeachas idirnáisiúnta



An straitéis i ngníomh



Sármhaitheas i miondíol taistil

Rinne oibríúchán comhfhiontair ARI in Aerfort Idirnáisiúnta Dheilí athchóiriú \$10 milliún a chur i gcrích in 2019 ar an siopa Saor ó Dhleacht in eiltí isteach agus eiltí amach i gCríochfort 3 ag Aerfort Idirnáisiúnta Indira Gandhi. Tá réimse brandaí nua sna siopaí athdheartha sna catagóirí alcóil agus áilleachta agus chuir tithe Estée Lauder agus L'Oréal Luxe go leor earraí breise ar fáil, chomh maith leis an réimse nua uisce beatha braiche Game of Thrones. Baintear úsáid freisin sa dearadh nua as cláir fógraíochta digití anuas ar dhearadh níos iomasaí don phaisinéir chun taisteal trí na siopaí.



Infheistíocht in athchóiriú na siopaí Saor ó Dhleacht ag Aerfort Idirnáisiúnta Dheilí

\$10m

Céatadán an lucht saothair ban ag Críochfort 5, Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid

25%



An straitéis i ngníomh



Mná i gCríochfort 5, Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid

Tá bainistíocht á déanamh ag daa Idirnáisiúnta ar Chríochfort 5, Aerfort Idirnáisiúnta Rí Khalid in Riyadh, an Araib Shádach ó 2016 ar aghaidh. Cuireadh tús san Araib Shádach le roinnt blianta anuas le roinnt athchóirithe sóisialta agus tá mná ag iontráil an lucht saothair anois san earnáil eitíochta agus i ról túsline.

D'úsáid daa Idirnáisiúnta an deis seo chun mná a oibríonn i gCríochfort 5 a chur chun cinn trí chomhaontas le hOllscoil an Bhanphrionsa Nourah in Riyadh, an ollscoil bhan is mó ar domhan, agus le seóthaispeántas bliantúil eitíochta do mhná. Tá breis agus 25% de na ról i gCríochfort 5 ag mná Shádacha faoi láthair i ról túsline, riaracháin, mhaoriseachta agus bhainistíochta.




Daoine agus foirne iontacha a fhorbairt atá réidh don lá amárach

Buntacaíonn na daoine agus na foirne iontacha atá in daa lenár straitéis. Dírímid ar thrí phríomhlimistéar a bhaineann le gach saghas róil ar fud ár nGrúpa agus is iad:

Iontaoibh a fhorbairt
Oibriú go héifeachtúil
An teicneolaíocht a úsáid

Deighilt inscne



An straitéis i ngníomh



An teicneolaíocht a úsáid

Rinneadh Ardchóras Treorach Feistithe Amhairc (A-VDGS) a shuiteáil in Aerfort Bhaile Átha Cliath ag gach seastán páirceála teagmhála aerárthaigh in 2019. Taispeántán amhairc leictreonach é A-VDGS a chuireann faisnéis fíor-ama ó chóras oibriúcháin an Aerfoirt (COA) ar fáil anuas ar chúnamh páirceála do phíolótaí fad a ghluaiseann siad a fhad leis an ngeata. Cuireann A-VDGS, trí chomhtháthú le COA, faisnéis fíor-ama ríthábhachtach faoi sheal fuirigh aerárthaí ar fáil don fhoireann eiltilte agus talún, sonraí ina measc faoi Chinnteoireacht Chomhoibritheach Aerfoirt (A-CDM). Cabhraíonn seo, ar a uain sin, le hagaí slánaithe níos tapúla agus le níos lú moilleanna mar gheall go mbíonn amharc coiteann ag na páirtithe leasmhara go léir a bhíonn páirteach sa seal fuirigh ar an stádas.

Próiseas oibriochtúil é A-CDM a bhfuil de chuspóir aige feabhas a chur ar shruth tráchta agus bainistíocht toillte ag aerfoirt Eorpacha. Tá A-CDM mar chuid de chlár ar fud na hEorpa agus tá ann na príomhchéimeanna de theacht, seal fuirigh agus imeacht aerárthaí. Tá de chuspóir aige faisnéis chruinn a bhailiú trí nósanna imeachta trédhearcacha agus malartú forleathan sonraí agus faisnéise idir aerfoirt Eorpacha a chur chun cinn.



Líon fhostaithe daa

4,139



Cabhraíonn na forbairtí seo le héifeachtúlacht phróiseas seal fuirigh agus thoilleadh an aerspáis Eorpaigh a mhéadú agus bíonn brú tráchta níos lú agus cur amú slótán mar thoradh orthu. Tá de chuspóir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath deimhniúchán a chríochnú do A-CDM faoi Shamhradh 2020. Cabhraíonn tabhairt faoin dá thionscnamh nuálach seo go mór le hAerfort

Bhaile Átha Cliath agus baineann soláthraithe seirbhíse na n-aerlínte an úsáid is fearr as na hacmhainní atá ar fáil fad a bhíonn an méid breosla atá á dhó, astaíochtaí CO₂ agus moilleanna ar an rúidbhealach fad a bhíonn aerárthaí i mbun innealta, á laghdú acu i gcomhthráth.



Tá A-CDM mar chuid de chlár ar fud na hEorpa agus tá ann na príomhchéimeanna de theacht, seal fuirigh agus imeacht aerárthaí.

Éagsúlacht agus rannpháirtíocht

Creidtear go bhfuil daoine agus foirne i gceartlár na heagraíochta agus buntacaíonn seo leis an díriú a bhíonn ag an gcuideachta ar dhaoine.

An straitéis i ngníomh



Éagsúlacht

Ó 51 tír agus idir aois 18 agus níos sine ná 65 bliain iad fostaithe daa agus ábhar bróid dó é go bhfuil an fhoireann chomh héagsúil agus chomh láidir sin. Leanamar leis an bpróiseas athraithe i gcaitheamh 2019 trí ghealladh chun feabhas a chur ar éagsúlacht agus ionchuimsiú ar fud na heagraíochta trína chéile. Ceapadh triúr bainisteoirí sinsearach a Meán Fómhair 2019 leis an bhfoireann feidhmiúcháin ag daa. Cabhróidh Ceann Margaíochta Aerfort Bhaile Átha Cliath a ceapadh, Louise Bannon; Catherine Gubbins, Stiúrthóir Airgeadais; agus Ceann Straitéise an Ghrúpa, Miriam Ryan, chun grúpa feidhmiúcháin a chruthú ina bhfuil cothromaíocht inscne níos fearr ann, anuas ar na tairbhí a chruthóidh a gceannaireacht agus a dtaithí do chinnteoireacht an Ghrúpa.

Rinne daa a lucht saothair éagsúil a aithint agus a cheiliúradh in 2019 trí imeachtaí éagsúla, an tSeachtain Mhórtais agus Lá Idirnáisiúnta na mBan ina measc. Mar cheiliúradh ar chomóradaí 50 Bliain ar an gcéad Mhórshíúl Mórtais agus ar an gcéad Seachtain Mhórtais, rinne ranna laistigh d'Aerfort Bhaile Átha Cliath ceiliúradh le sólaistí agus cuireadh caint ar siúl in Aerfort Bhaile Átha Cliath chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhórtas agus chun feasacht a chur chun cinn. Faoi na fostaithe go léir a bhí sé agus spreagadh an lucht freastail chun stair agus tosaíochtaí LADT+ a fhiosrú agus tuiscint níos fearr a fháil orthu.

Rinneadh ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan ar fud daa, i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Riyadh san Araib Shádach agus i láithreacha eile idirnáisiúnta. Bhí an téama bunaithe ar an gcoincheap 'Cothrom na Féinne' ('Balance for Better') agus bronnadh dámhachtainí ar an bhfoireann bhaineann a ainmníodh as deiseanna a chruthú do mhná eile chun dul chun cinn a dhéanamh laistigh den eagraíocht agus as bheith ina n-eiseamláirí



Líon na dtíortha as a bhfuil fostaithe, an Chróit, an Úisbéiceastáin agus na hOileáin Philipíneacha ina measc

51




Meánaois fhostaí daa

43



maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil bhaineann a chumasú. Cuireadh na dámhachtainí i láthair ag lón inar phléigh cainteoirí inmheánacha agus seachtracha faoin éagsúlacht agus cothromaíocht inscne laistigh den earnáil ghnó níos fairsinge.



An straitéis i ngníomh



Tionscnaimh rannpháirtíochta fostaithe/Fócas Ort (‘Focus On You’)

Creideann daa go bhfuil páirt lárnach ag folláine ár mball foirne agus ár bhfoirne maidir le todhchaí na cuideachta a thógáil. Forbraíodh an clár ‘Fócas Ort’ in 2018 chun gach seirbhís agus gníomhaíocht folláine a thabhairt chun solais agus a chomhtháthú ar fud daa agus chun go soláthraíonn an chuideachta gealltanais níos mó don fholláine ar fud na heagraíochta.

I measc na snáitheanna, tá ‘Fócas ar do Chorp’, atá bunaithe ar an tuisceant go bhfuil páirt lárnach ag corpacmhainn fhisiciúil maidir le saol atá sláintiúil, ar an iomlán. I measc na n-imeachtaí i rith 2019 chun foireann daa a spreagadh chun díriú ar bhfolláine fhisiciúil, bhí clár reatha ‘Ón Tolg a fhad le 5 Chilliméadar’ (‘Couch to 5 K’), tionscnaimh caillteanais meáchain ‘Operation Transformation’, agus ranganna ióga.

Chuir an tionscnaimh ‘Fócas Ort’ saineolaithe cothúcháin, cóitseáil sláinte, clinici vacsaínithe agus fisiteiripeoir ar fáil ar bhonn rialta don fhoireann. Dhírigh colún ‘Fócas ar d’Intinn’ ar chabhrú le daoine folláine mheabhrach a fhorbairt agus a sháru agus díriú príomha ar athléimneacht in aghaidh breoiteacht mheabhrach a fhorbairt.

I gcaitheamh na bliana, cuireadh seimineáir agus imeachtaí rialta ar siúl faoin gclár ‘Fócas Ort’ ar mhaithe le bainistíocht struis, aireachas agus imní a sháru. Áiríodh leo seo seirbhís chomhairleoireachta EAP VHI ar an nguthán agus oiliúint teastais ar Gharchabhair Mheabhairshláinte 1:1 le Meabhairshláinte Éireann.

Cabhraíonn an colún ‘Fócas ar do Shaol’ le foireann daa chun scrúdú a dhéanamh ar limistéir éagsúla an tsaoil ina bhfeadfadh tacaíocht a bheith ag teastáil ó dhaoine, tacaíocht tuistithe, airgeadais agus shóisialta ina measc. Cuireann sé dúshlán faoin bhfoireann freisin chun machnamh a dhéanamh ar an áit ar féidir leo a saol a fheabhsú agus bronnann sé na scileanna orthu chun seo a dhéanamh.



Na 10 nDeis is Fearr

Sraith tionscnamh é an clár ‘Na 10 nDeis is Fearr’ a d’fhorbair an fhoireann cheannaireachta sinsearaí – atá bunaithe ar aiseolas ón bhfoireann – chun feabhsúcháin a dhéanamh ar fud an ghnólaigh. I measc roinnt de ‘Na 10 nDeis is Fearr’, bhí an méid seo a leanas:

An straitéis i ngníomh



Siúil i mo Bhróga (‘Walk in my Shoes’)

B'éard a bhí i gceist leis an tionscnamh ‘Siúil i mo Bhróga’, nó WIMS, ná gur oibrigh an bhainistíocht shinsearach go léir seal amháin gach mí i ról túslíne in 2019. Cuireann WIMS deis ar fáil do bhainisteoirí chun páirt dhíreach a ghlacadh le comhghleacaithe ó ranna éagsúla chun taithí a fháil ar na dúshláin a bhíonn rompu ar bhonn rialta. I measc roinnt athruithe a d'eascair as an idirghníomhú seo, bhí seomraí athdheartha sos agus éidí níos fearr don fhoireann túslíne.

Cuireann WIMS deis ar fáil do bhainisteoirí chun páirt dhíreach a ghlacadh le comhghleacaithe ó ranna éagsúla chun taithí a fháil ar na dúshláin a bhíonn rompu ar bhonn rialta.





An straitéis i ngníomh



Caighdeán Ceannaireachta

Chruthaigh agus chuir daa 'Caighdeán Ceannaireachta' nua i bhfeidhm in 2019. D'oibrigh na Foirne Feidhmiúcháin agus Ceannaireachta Sinsearaí lena chéile agus rinne siad tobsmaoineamh faoi conas an Caighdeán Ceannaireachta a chur chun feidhme. Treoirlíne a bhí sna torthaí do gach ceannaire daoine maidir le conas stiúradh a dhéanamh ar bhealach níos cuimsithí

Thug an chéad ghrúpa de cheannairí faoin oiliúint in Aibreán 2019 agus bhí breis agus 650 ceannaire in ann tabhairt faoi oiliúint 'Caighdeán Ceannaireachta' agus é a chur chun feidhme ar fhilleadh dóibh ar an ngnólaacht faoi dheireadh 2019.

**Ghlac ceannairí páirt in oiliúint an
Caighdeán Ceannaireachta**

650

An straitéis i ngníomh



Cuspóir daoine

Cuspóir daoine nua é Caighdeán Ceannaireachta daa a bhaineann go sonrach le daoine a bhainistiú agus cuireadh i bhfeidhm é mar chuid den athbheithniú bliantúil ar bhainistíocht feidhmíochta. Bíonn súil leis go dtugann ceannairí faoi na gealltanais a chuimsítear sa 'Caighdeán Ceannaireachta' le hiarracht aontaithe a chinntiú chun cultúr cuideachta a chothú a léiríonn meas ar na baill foirne go léir. Tá an 'Caighdeán Ceannaireachta' deighilte ina cheithre thréith a bhíonn ag ceannaire laistigh den daa:

- meas agus iontaobh a fhorbairt;
- daoine eile a spreagadh;
- torthaí a bhaint amach; agus
- ár dtodhchaí mar chuideachta a mhúnlú.



Feidhmíocht in aghaidh ár straitéise

Tá réimse Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) ag daa a úsáidtear chun monatóireacht a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht.

01

Airdí nua a bhaint amach ag ár n-aerfoirt



PTF #1

Borradh paisinéirí

Sainmhíniú

Is ionann borradh paisinéirí agus méaduithe bliain ar bhliain ar an líon paisinéirí ag gach ceann dár n-aerfoirt.

An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa


Tá borradh paisinéirí bliain ar bhliain ar cheann de na príomhrudaí a chuireann ioncam agus gníomhaíocht chun cinn inár n-aerfoirt, a spreagann borradh paisinéirí in 2019, ar a uain sin, agus tugtar príomhthús áite dó seo inár straitéis.

Feidhmíocht

Tugadh borradh suntasach faoi deara in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2018 agus 2019, cé gur tháinig moilliú ar bhorradh in 2019 i gcomparáid le 2018.

Tugadh sárborradh faoi deara in Aerfort Chorcaí in 2019, a chuir leis an mborradh a baineadh amach in 2018.

Borradh paisinéirí



PTF #2

Sásamh foriomlán CSA

Sainmhíniú

Tomhas é Cáilíocht Seirbhíse Aerfoirt ('CSA') ar shásamh paisinéirí leis na seirbhísí a cuireadh ar fáil ag ár n-aerfoirt, a thug Comhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (CIA) le fios go neamhspleách.

An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa


Tá seo ailínithe leis an eispéireas paisinéirí a fheabhsú trínár n-aerfoirt agus cuireann sé lenár dtosaíocht straitéiseach chun ríméad a chur ar ár bpaisinéirí.

Feidhmíocht

D'aistrigh Aerfort Bhaile Átha Cliath ón 3ú go dtí an 6ú háit as 11 aerfort ina chatagóir ón mbliain 2018 go 2019.

D'aistrigh Aerfort Chorcaí ón 4ú háit as 24 áit go dtí an 2ra háit as 29 áit sular aistríodh é ón suirbhé réigiúnach go dtí an suirbhé domhanda i Ráithe 4 2019. D'éirigh le hAerfort Chorcaí ardscore a bhaint amach ina chatagóir in 2019 agus tháinig feabhas ar na scóir a bhain sé amach don bhliain 2018.

Scór ASC



PTF #3

Próiseáil slándála

Sainmhíniú

Céatadán na bpaisinéirí ar eitiltí amach ó Aerfort Bhaile Átha Cliath ar ghlac sé níos lú ná 30 nóiméad orthu dul trí shlándáil.


An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa

Cé go dtugann Slándáil tús áite do thimpeallacht shábháilte aerfoirt a chinntiú, tá mar chuspóir ag an bhfoireann chun cothromaíocht a bhaint amach idir é seo agus seirbhís éifeachtúil a sholáthar do phaisinéirí.

Feidhmíocht

Tháinig feabhas ar amanna scuaineála slándála i gcaitheamh 2018 agus ní raibh aon sárúithe i gceist in 2019.

Próiseáil slándála a ghlac ní ba lú ná 30 nóiméad



02

Tógáil dár dTodhchaí



PTF #1

Caitheamh caipitiúil

Sainmhíniú

Léiríonn caitheamh caipitiúil an méid a caitheadh sa bhliain ar earraí caipitil ag ár n-aerfoirt agus ár ngnólachtaí.


An fáth go bhfuil sé
tábhachtach maidir le daa

Chun acmhainneacht bhreise a shaothrú i dtimpeallacht shrianta Aerfort Bhaile Átha Cliath, tá clár cuimsitheach forbartha ann óna dteastaíonn caiteachas caipitiúil suntasach.

Feidhmíocht

Caitheamh caipitiúil níos airde in 2019 in aghaidh 2018. Déanann ár gclár forbartha bonneagair ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, go háirithe tionscadail an Rúidbhealaigh Thuaidh agus Scagtha Bagáiste Boilge, é seo a chur chun cinn.

Caitheamh caipitiúil



PTF #2

Ídiú fuinnimh

Sainmhíniú

Déanann an PTF seo an t-athrú bliain ar bhliain ar ídiú fuinnimh an aerfoirt a thomhas.


An fáth go bhfuil sé
tábhachtach maidir le daa

Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath tiomanta do stádas neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach faoi dheireadh 2020 agus cuireann ídiú fuinnimh go mór lenár lorg carbóin. De bhreis air sin, tá daa tiomanta do na spriocanna a bhaint amach mar chuid de Chomhpháirtíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí Tá an díriú seo ar ídiú fuinnimh mar chuid den tús áite a thugann daa le forbairt inbhuanaithe a chinntiú.

Feidhmíocht

Rinne Aerfort Bhaile Átha Cliath 5.4% ní ba lú fuinnimh a ídiú in 2019 ná mar a ídíodh in 2018, agus is ionann seo agus feabhas ar a fheabhas a d'éirigh leis an mbliain roimhe sin inar tháinig ardú ar ídiú fuinnimh.

Ídiú fuinnimh



PTF #3

Gearáin agus gearánaithe torainn

Sainmhíniú

Is ionann gearánaithe agus an líon daoine aonair a thug gearáin le fios don tSeirbhís Mhonatóireachta Torainn agus Eitiltí ar an Rian (NFTMS). Cuireann an NFTMS seirbhís láimhseála eolais agus gearán ar fáil do na pobail áitiúla chun déileáil le gach gné de thorann aerárthaí. Déantar gearáin faoi thorann a chatagóiriú de réir limistéir, rúidbhealaigh agus saghais.

An fáth go bhfuil sé
tábhachtach maidir le daa

Cabhraíonn monatóireacht a dhéanamh ar líon na ngearánaithe agus anailís ar na cúiseanna agus na himeachtaí ón méid a mbíonn súil leis linn chun cur isteach a íoslaghdú agus pleanáil a dhéanamh don todhchaí.

Feidhmíocht

Tháinig méadú beag ar an líon gearánaithe in 2019, ach tháinig méadú mór ar líon gearán mar thoradh ar líon díreireach gearán a rinne na gearánaithe céanna.

Gearánaithe torainn



03

Ár nGrúpa a fhás sa bhaile agus thar lear

PTF #1 Ioncam idirnáisiúnta Sainmhíniú Áirítear le hIoncam Idirnáisiúnta ioncam ónár ngnólachtaí ARI Idirnáisiúnta agus daa Idirnáisiúnta. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Tá ioncam idirnáisiúnta aillínithe lenár ngrúpa a fhás thar lear. Éiríonn go sármaith lenár bhfoirne idirnáisiúnta i miondíol agus bainistíocht agus i gcomhairle a chur ar aerfoirt ar fud an domhain agus éiríonn leo gnó nua a mhealladh gach bliain. Cuirtear eolas breise ar fáil in athbhreithnithe oibríocháin daa Idirnáisiúnta agus ARI ar leathanaigh 21 agus 24. Feidhmíocht Tháinig méadú bliain ar bhliain ar ioncam idirnáisiúnta mar gheall ar an mborradh a tháinig ar ARI agus daa Idirnáisiúnta araon. Ioncam idirnáisiúnta <table><tr><td></td><td>€266.25m</td></tr><tr><td>2019</td><td> </td></tr><tr><td></td><td>€256.12m</td></tr><tr><td>2018</td><td> </td></tr></table>		€266.25m	2019			€256.12m	2018		PTF #2 Cuireadh spás oifige Ghrád A ar fáil Sainmhíniú Tá forbairt mhór nua á tógáil ag daa ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ina mbeidh oifigí agus spás nua poiblí atá ceangailte le Críochfort 2, ar a dtugtar Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Léiríonn an spás oifige a soláthraíodh, atá críochnaithe agus réidh lena ligean, an dul chun cinn a rinne an spás indíolta a cuireadh ar fáil go dtí seo ar an tionscadal seo. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Príomhghné dár straitéis é Grúpa daa a éagsúlú sa bhaile agus tá ár n-ionchais á bhfairsingiú againn leis an tionscadal forbartha eastáit réadaigh seo. Feidhmíocht Cuireadh Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath ar fáil in 2019 inar cuireadh spás oifige Ghrád A ar fáil lena fháil ar cíós. Spás oifige <table><tr><td></td><td>210,000 troigh chearnach²</td></tr><tr><td>2019</td><td> </td></tr><tr><td></td><td>82,000 troigh chearnach²</td></tr><tr><td>2018</td><td> </td></tr></table>		210,000 troigh chearnach ²	2019			82,000 troigh chearnach ²	2018		PTF #3 Láimhdeachas a bhainistigh ARI Sainmhíniú Díolacháin in aonáin ARI, lamhálaí agus focuicideachtaí áirithe ina measc. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Tá borradh tagtha ar ARI ó thús ceannródaíoch agus tá sé anois ar cheann de na himreoirí is mó sa tionscal miondíola taistil domhanda agus príomhghné é de phunann éagsúlaithe Grúpa daa. Feidhmíocht Bhaineamar borradh láidir 8% bliain ar bhliain ar dhíolacháin amach. Thacaigh infheistíocht leanúnach in athchóiriú ag roinnt príomhláithreacha leis seo a chabhróidh chun ár dtairiscint mhiondíola a neartú. Láimhdeachas bainistithe <table><tr><td></td><td>€1.19bn</td></tr><tr><td>2019</td><td> </td></tr><tr><td></td><td>€1.10bn</td></tr><tr><td>2018</td><td> </td></tr></table>		€1.19bn	2019			€1.10bn	2018		PTF #4 Spás miondíola bainistithe Sainmhíniú Spás miondíola a bhainistigh ARI go domhanda, a thomhaistear i méadair chearnacha. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Is léir leithne agus méid oibríochtaí ARI nuair a chuirtear san áireamh leithead a láithreacha (an Eoraip, an Meánoirthear, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus Críocha Mheiriceá ina measc) agus méid an spáis mhiondíola a oibríonn sé. Feidhmíocht Níor cuireadh aon spás nua leis an bpunann in 2019; ach tá oscailtí nua ar na bacáin don bhliain 2020. Spás miondíola bainistithe <table><tr><td></td><td>40,085m²/troigh chearnach</td></tr><tr><td>2019</td><td> </td></tr><tr><td></td><td>40,085m²/troigh chearnach</td></tr><tr><td>2018</td><td> </td></tr></table>		40,085m ² /troigh chearnach	2019			40,085m ² /troigh chearnach	2018	
	€266.25m																																		
2019																																			
	€256.12m																																		
2018																																			
	210,000 troigh chearnach ²																																		
2019																																			
	82,000 troigh chearnach ²																																		
2018																																			
	€1.19bn																																		
2019																																			
	€1.10bn																																		
2018																																			
	40,085m ² /troigh chearnach																																		
2019																																			
	40,085m ² /troigh chearnach																																		
2018																																			

Daoine agus foirne iontacha a fhorbairt atá réidh don lá amárach



PTF #1

Caighdeán Ceannaireachta

Sainmhíniú

An líon daoine san eagraíocht ar cuireadh oiliúint orthu maidir lenár 'Caighdeán Ceannaireachta'. Is féidir níos mó a léamh ar leathanach 45.


An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa

Chun gur féidir le daa lucht saothair cumasaithe agus gníomhach a fhorbairt a bhfuil ceannairí iontacha acu.

Feidhmíocht

Cuireadh oiliúint ar 650 duine mar chuid den 'Caighdeán Ceannaireachta'. Diríodh go príomha i rith na bliana ar 'Caighdeán Ceannaireachta' daa a bhunú agus a leabú.

Caighdeán Ceannaireachta



PTF #2

Ceannaireacht shinsearach a fhorbairt

Sainmhíniú

An líon ceannairí atá ag tabhairt faoi chóitseáil shinsearach.


An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa

Chun go mbíonn lucht saothair cumasaithe agus gníomhach ag daa a bhfuil ceannairí iontacha acu.

Feidhmíocht

Ghlac 65 feidhmeannach agus fostaí a thuairiscíonn leis an bhfeidhmeannacht páirt i gclár cóitseála. Diríodh go príomha i rith na bliana ar an gcumas ceannaireachta a fhorbairt chun cinntí a dhéanamh, bheith cuntasach, agus a chur ar chumas daoine eile chun rannchuidiú, dul i mbun borrla agus an rath a bhaint amach.

Cóitseáil na ceannaireachta sinsearaí



PTF #3

Cothrom na Féinne

Sainmhíniú

Céatadán na bhfeidhmeannach mná


An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa

Chun go mbíonn lucht saothair faoi rath agus ionchuimsitheach ag daa don todhchaí.

Feidhmíocht

Thosaigh triúr bainisteoirí sinsearach mná ag oibriú le foireann feidhmiúcháin daa. Dirímid ar chultúr níos éagsúla agus níos ionchuimsithe a chruthú in daa agus dirítear i dtosach i dtosach ar chothrom na Féinne a bhaint amach ar leibhéal na feidhmeannachta.

Feidhmeannaigh mhná



PTF #4

Clár do chéimithe

Sainmhíniú

Líon na gcéimithe ar an gclár do chéimithe gach bliain.

An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa

Chun go mbíonn lucht saothair faoi rath agus ionchuimsitheach ag daa don todhchaí.

Feidhmíocht

Thosaigh 15 chéimí le clár do chéimithe nua daa i Meán Fómhair 2019. Táimid dírithe ar an bpiblíne thallainne a fhorbairt in daa.

Clár céimithe



Ár sprioc: Luach ár ngnólachta a mhéadú

PTF #1 Ioncam	PTF #2 Brabús i ndiaidh cánach	PTF #3 Glanfhiachas	PTF #4 EBITDA
Sainmhíniú Cuimsítear in ioncam an Ghrúpa don chuideachta ioncam aerloingseoireachta, ioncam miondíola, agus ioncam tráchtála, ar príomhearraí iad siúd a chuireann brabús agus caillteanas chun donn do Ghrúpa daa. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Cuireann ioncam go díreach le luach ár ngnólachta agus léirítear é i mborradh agus inbhuanaitheacht an Ghrúpa amach anseo. Feidhmíocht Tháinig méadú 4% bliain ar bhliain ar ioncam. Is féidir teacht ar bhreise anailíse ar fheidhmíocht an Ghrúpa in athbhreithnithe an POF agus an POA leathanaigh 12 agus 26.	Sainmhíniú Tá brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach (BDC), réamheisceachtúil, ar cheann de na príomhrudaí a thugann feidhmíocht an Ghrúpa le fios sa bhliain airgeadais. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Bainistíonn daa a ghnólacht le heagraíocht bhrabúsach tráchtála a chinntiú a leanfaidh le soláthar a dhéanamh dá custaiméirí, paisinéirí, comhpháirtithe gnó agus scairshealbhóir. Feidhmíocht Tá méadú bliain ar bhliain tagtha ar BDC an Ghrúpa. Is féidir teacht ar bhreise anailíse ar fheidhmíocht an Ghrúpa in athbhreithnithe an POF agus an POA leathanaigh 12 agus 26.	Sainmhíniú Is é an sainmhíniú a thugtar ar ghlanfhiachas an fiachas iomlán lúide airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim. Déanann maoiniú méaduithe agus lagduithe bliain ar bhliain a chur chun cinn agus déanann an leibhéal gníomhaíochta agus tógála a thiteann amach sa bhliain é sin a chur chun cinn, ar a uain sin. An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Chun ár gclár infheistíochta caipitil a bhaint amach, caithfidh daa maoiniú fiachais a fháil sa mhargadh. Tá nasc díreach idir an leibhéal glanfhiachais ag méaduithe nó lagduithe ar mhaoiniú. Feidhmíocht Tháinig laghdú €11 milliún ar ghlanfhiachas in 2019. Mar thoradh ar shreafaí láidre airgid ó oibríochtaí, a rinneadh infheistíocht chaipitil sa ghnólacht a sheach-chur, go háirithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath maidir le forbairt an Rúidbhealaigh Thuaidh.	Sainmhíniú Cinneann tuilleamh an Ghrúpa roimh ús, cáin agus dímhéas (EBITDA) feidhmíocht oibríochtúil na n-aonad éagsúil gnó (a bhaineann na tosca a bhfuil lánrogha ag úinéirí gnólachta orthu, ar nós maoiniú fiachais, struchtúr caipitil agus modhanna dímhéasa). An fáth go bhfuil sé tábhachtach maidir le daa Táscaire tábhachtach i dtaobh fheidhmíocht airgeadais daa é daa agus léiríonn sé bunfheidhmíocht oibríochtúil an Ghrúpa. Feidhmíocht Tháinig méadú 4% ar EBITDA. Is féidir teacht ar bhreise anailíse in athbhreithnithe an POF agus an POA leathanaigh 12 agus 26.
Ioncam €934.7m 2019 €896.9m 2018	Brabús i ndiaidh cánach €150.2m 2019 €132.6m 2018	Glanfhiachas €430m 2019 €441m 2018	EBITDA €301.8m 2019 €289.0m 2018

Tuarascáil ar Rioscaí

Cur Chuige i leith Bainistíocht Riosca

Cuid lárnach den chinnteoireacht in daa í bainistíocht riosca. Cuimsíonn sé bainistíocht riosca ar leibhéal fiontraíochta ar leibhéal Boird agus Feidhmeannachta sa mhullach ar bhainistíocht áitiúil a dhéanamh ar rioscaí oibríochtúla a bhaineann leis na limistéir siúd ar nós sábháilteachta agus slándála. Bainistítear riosca i gcomhréir le prionsabail mhodheolaíocht COSO (Coiste na nEagraíochtaí Urraíochta ar Choimisiún Treadway).

Bhunaigh daa struchtúir Bhoird agus Choiste ag a bhfuil freagrachtaí maoirseachta bainistíochta riosca. Léirítear struchtúr rialachais an Ghrúpa sa Tuarascáil ar Rialachas ar leathanach 68. Léirítear i luachanna an Ghrúpa ardchaighdeán eiticíúla, agus rinne an eagraíocht beartais Ghrúpa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun iad seo a chur san áireamh. Tá díriú láidir laistigh den Ghrúpa ar fheidhmíocht agus cuntasacht. Déantar rioscaí a bhaineann leis an straitéis agus cuspóirí a sholáthar a ghabháil, a mheasúnú agus a athbhreithniú ar leibhéal áitiúil agus feidhmeannachta, faoi mar is cuí. D'fhoilluigh daa uasmhéadú don Ghrúpa i measc na gníomhaíochtaí go léir, déantar bainistíocht riosca a chomhtháthú isteach sna príomhchéimeanna maidir leis an ngnólacht a oibriú, idir cultúr agus fíis na heagraíochta a shainiú agus an straitéis gnó agus athbhreithnithe feidhmíochta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Déantar rudaí a chuireann an t-athrú chun cinn sa timpeallacht inmheánach agus sheachtrach a shainaithint agus a bhreithniú i dtaobh an tionchair a imríonn siad ar rioscaí leibhéal aonad gnó agus fiontair a bhainistiú, ar aon dul le hinghlachthacht riosca an Ghrúpa.

Inghlathacht riosca

Is éagsúil a bhíonn próifíl inghlathacht riosca an Ghrúpa i measc limistéir agus gníomhaíochtaí éagsúla a ghnó:

- Tá an Bord toiliúil chun glacadh le leibhéal measartha riosca i dtabhairt faoi chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach nuair a chuirtear éagsúlú ghnó agus cuspóirí borrrtha daa.
- Baineann an Bord inghlathacht riosca chothrom amach trí ghlacadh le cur chuige cúramach i dtaobh a chinntiú go bhfuil an gnólacht maoinithe go leordhóthanach. Ar an gcaoi sin, níl daa sásta glacadh le rioscaí a dhéanfadh aon athrú ar a rátáil chreidmheasa grád infheistíochta a chur i mbaol.
- Tugann an Bord tús áite do shábháilteacht phaisinéirí, chuiditheoirí agus na foirne agus, dá bhrí, tá a inghlathacht riosca i limistéir na sábháilteachta agus na slándála íseal i gcónaí.
- Téann daa i mbun beart le rioscaí eile gnó agus oibríochtúla a shainaithint agus a bhainistiú. Limistéir ina bhfuil inghlathacht riosca íseal, chomh maith, atá i gcaighdeán a bhaint amach a leagtar amach maidir le córais rithabhachtacha a chothabháil, sonraí a chosaint agus sármhaitheas a sholáthar in eispéireas custaiméirí.
- Lorgaíonn daa le bheith ina oibreoir freagrach maidir le bainistíocht comhshaoil agus riachtanais phleanála a chomhlíonadh agus glacfaidh sé le cur chuige cúramach i leith riosca chun seo a bhaint amach.
- Bunaithe ar inghlathacht riosca íseal i dtaobh ceisteanna rialála a neamhchomhlíonadh, féachann daa lena chinntiú go sásaíonn gníomhaíochtaí comhlíonta ceanglais rialachán ábhartha.

Príomhrioscaí

Sainaithníodh príomhlimistéir riosca agus éiginnteachta a d'fhéadfadh drochthionchar suntasach a imirt ar ghnó, dálaí airgeadais nó torthaí oibríochtaí an Ghrúpa. Leagtar amach thíos achoimre ar na príomhrioscaí agus na héiginnteachtaí anuas ar na straitéisí a bhfuiltear ag dul ina mbun chun iad a mhaolú. Déantar measúnú ar na rioscaí agus na héiginnteachtaí ar bhonn leanúnach agus tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta leis an mBord ar athruithe suntasacha a tháinig ar an timpeallacht ghnó agus sheachtrach. Ní bheartaítear gurb anailís chríochnúil é an achoimre ar na rioscaí agus éiginnteachtaí go léir a d'fhéadfadh teacht chun solais i gnáthchúrsa an ghnó.

Bíonn súil leis go mbíonn gach leibhéal bainistíochta ar an eolas ar fhoinsí inmheánacha agus seachtracha riosca agus go ndéanann siad athbhreithniú rialta ar bhagairtí reatha agus atá ag teacht chun cinn atá roimh na limistéir ghnó a bhainistíonn siad ar bhonn laethúil.

Is í paidéim leanúnach COVID-19, a ndéantar cur síos níos mionsonraithe air thíos, an riosca agus an éiginnteacht aonair is mó a bhfuil tionchar ábhartha á imirt aige ar an nGrúpa agus a oibríochtaí. Anuas ar thionchair COVID-19, rinne an Feidhmeannacht agus an Bord breithniú ar rioscaí atá ag teacht chun cinn i gcaitheamh na bliana agus, dá éis sin a dhéanamh, cuimsíodh príomhrioscaí eile atá ag teacht chun cinn a bhaineann le saincheisteanna ar nós Brexit, athrú aeráide, ceisteanna planála, tionchar an chinnidh faoin gcaidhp praghaís Rialála agus cibearshlándála sa chlár rioscaí is mó. Déantar athbhreithniú rialta ar rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithin gníomhaireachtaí eile mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca daa.

Tuarascáil ar Rioscaí ar leanúint

Gluais maidir le tosaíochtaí straitéiseacha



Airdí nua a bhaint amach ag ár n-aerfoirt



Ár nGrúpa a fhás sa bhaile agus thar lear



Tógáil dár dtodhchaí



Daoine agus foirne iontacha a fhorbairt atá réidh don lá amárach



Luach ár ngnólachta a mhéadú

Gluaiseacht 2019

- ▲ Méadaithe
- ▼ Laghdaithe
- || Cobhsaí

Limistéar riosca	Cur síos ar an riosca	Maolú	Tosaíocht straitéiseach	Gluaiseacht 2019
Geilleagrach	Tosca geilleagracha seachtracha Níl eitiltí a n-oibriú ag aerlínte ar fud na cruinne, ag tráth an scríofa, mar gheall ar bhriseadh amach leanúnach COVID-19, ar dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim sláinte poiblí é. Tá oibríochtaí paisinéirí á laghdú in Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí anois agus tá pleanáil á déanamh ag an am céanna chun na haerfoirt a choimeád ar oscailt chun freastal ar lastas, oibríochtaí teoranta paisinéirí a d'fhéadfadh a bheith á n-oibriú ag aerlínte agus i gcás éigeandálaí. Ní soiléir cé chomh fada a fhanfaidh na socruithe seo i bhfeidhm go fóill, ach d'fhéadfadh roinnt mionna a bheith i gceist. Tugtar an tionchar faoi deara freisin fud fad ghnólachtaí idirnáisiúnta daa, a bhfuil go leor díobh i ndiaidh dúnadh go sealadach. Ar nós aerfoirt agus oibreoirí miondíola eile, beidh sruth an-teoranta ioncaim ag daa i rith na géarchéime agus braithefidh sé ar acmhainní agus ar theacht ar áiseanna creidmheasa chun íoc as iocaíochtaí amach.	Chuir daa straitéis i bhfeidhm chun inmharthanacht fhadtéarmach a ghnólachtaí a chosaint. Scrúdaigh daa réimse cásanna agus léirítear ina phlean na gníomhartha a theastaíonn chun leachtacht a bhainistiú. Tá staid thréan airgid thirim ag daa agus an teacht atá ar shaoráidí creidmheasa a mbainfidh sé leas astu faoi mar a theastaíonn i rith na géarchéime seo.	  	
	Mar gheall gur seirbhís bhunriachtanach í agus go leanfaidh sé de bheith ar oscailt i rith an bhriste amach, tá baol ann nach mbeidh fáil ar líonta dóthanacha den phríomhphearsanra chun na haerfoirt a choimeád ag feidhmiú.	Tá cumarsáid leanúnach á déanamh le fostaithe agus páirtithe leasmhara eile chun iad a choimeád ar an eolas ar an gcás faoi mar a thagann sé chun cinn agus lena chinntiú go gcloítear le treoirlínte sláinte poiblí.		
	Cuireadh isteach ar an gcóras borrrtha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ní soiléir conas a thiocfaidh an tionscal eitlíochta domhanda a chosa as an ngéarchéim reatha agus ná a oílce atá an moilliú geilleagrach in Éirinn ná na margaí ar a mbraithimid. D'imreodh moilliú marthanach drochthionchar ar ghnó an Ghrúpa.	D'fhorbair an Grúpa pleananna teagmhais do réimse de chásanna Brexit, breithniú a dhéanamh ar dheiseanna ina measc a eascraíonn as Brexit.		
	D'fhéadfadh Brexit tionchar ábhartha a imirt, i ndiaidh COVID-19, ar an trácht idir Éirinn agus an RA (ceann de na deighleoga margaidh is mó ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí), agus baineann tromchúise an tionchair le cineál mhargadh deiridh Brexit i ndiaidh 2020 agus socruithe don eitlíocht láithreach bonn agus san fhadtéarma. Anuas ar an tionchar maicreacnamaíoch ar an leibhéal tráchta, i measc na limistéar féideartha eile a n-imríonn Brexit tionchar orthu tá oibriú an Chomhlímistéir Thaistil agus an margadh eitlíochta aonair Eorpach, rialuithe teorann, lastas a láimhseáil, deimhniúcháin trealamh agus pearsanra eitlíochta.	Cuireann an Grúpa feabhsú leanúnach próisis chun cinn chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht, solúbthacht a mhéadú agus bainistíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar a bhonn costais.		
	D'fhéadfadh rioscaí gnó teacht chun solais roimh daa mar gheall ar athruithe ar threo straitéiseach príomhaerlínte a oibríonn go dtí/ó aerfoirt daa nó na haerfoirt siúd a bhfuil leasanna suntasacha gnó ag daa iontu. Ábhar ar leith buartha é seo nuair a chuirtear tionchar COVID-19 ar aerlínte san áireamh – nach dócháil go dtabharfaidh siad a gcosa leo mura ndéanann an rialtas idirghabháil.	Oibríonn daa go dlúth lena chustaiméirí aerlíne chun a riachtanais agus is féidir straitéisí forbartha amach anseo a thuiscint agus a ailíniú, a mhéid agus is féidir.		

Limistéar riosca	Cur síos ar an riosca	Maolú	Tosaíocht straitéiseach	Gluaiseacht 2019
Cúrsaí comhshaoil	An Comhshaoil, an tSláinte agus an Aeráid Sainaitheiríocht gurb é athrú aeráide dúshlán eiseach ár linne. Áirítear leis na rioscaí a bhaineann leis seo: - Minicíocht mhéadaithe teagmhais adhairsire - Claonadh laghdaithe chun taisteal - Tosú le cánacha pionósacha a ghearradh ar aerthaisteal - Féadtar rialacháin agus caighdeáin dhúshlánacha a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht timpeallachta agus inbhuanaitheachta, agus cruthóidh seo rioscaí a eascraíodh as neamhchomhlíonadh gan chuimhneamh - Spriocanna dúshlánacha rialála a ngearrtar pionóis airgeadais dá mbarr agus/nó a gcuirtear srianta oibríochtúla i bhfeidhm dá mbarr.	Aithníonn an Grúpa an gá atá lena pháirt a ghlacadh mar shaoránach corparáideach freagrach maidir le dul i ngleic le dúshláin an athraithe aeráide. Ar an gcaoi sin, shaináithin an Grúpa inbhuanaitheacht mar thosaíocht agus leanann an eagraíocht le clár a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le príomh-shaincheisteanna inbhuanaitheachta agus comhshaoil. Anuas air sin, glacann an Grúpa páirt i bplé náisiúnta ar athrú aeráide lena chinntiú go dtuigtear go maith na dúshláin atá roimh aerfoirt, agus go dtuigtear an gá atá le beartas rialála an aerfoirt a ailíniú le beartas náisiúnta agus AE maidir leis na saincheisteanna siúd ar nós athrú aeráide a mhaolú agus éifeachtúlacht fuinnimh.		
Straitéiseach	Ioncam rialaithe Cuireann an toradh a bhí ar an gCinntiúchán a d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (an CRE) le déanaí faoin leibhéal uasta de tháilí a ghearrfar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ó 2020 go 2024 sruth an-laghdaithe ioncam aerloingseoireachta ar fáil a bhféadfadh nach gcuirfeadh luach saothair leordhóthanach ar fáil don Ghrúpa chun íoc as an gcostas a bhíonn ar an aerfort a oibriú agus as caiteachas caipitiúil riachtanach. D'fhéadfadh seo tionchar a imirt ar chumas an Ghrúpa an t-aerfort a fhorbairt agus a ghnó a fhás.	D'iarr daa ar an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun Painéal Achomhairc a cheapadh. Is é Painéal Achomhairc an bealach trína lorgaíonn daa chun gnéithe de Chinntiúchán Praghaís an CRE a achomharc. I dturas an ama, agus ar feitheamh an toraidh a bhíonn ar aon achomharc den saghas sin, leanann daa le roghanna a fhiosrú chun a chlár caipitil €2 billiún a sholáthar, nuair a chuirtear na srianta go léir san áireamh agus nuair a thugtar aghaidh ar gach ceann díobh.		
	Pleanáil D'fhéadfadh moilleanna nó torthaí diúltacha ar phríomhchinntí pleanála srian a chur ar acmhainneacht, éifeachtúlacht oibríochtúil agus tionchar an fhairsingithe a sholáthar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is éard a d'fhéadfadh eascairt as Rialachán an AE 598/2014 a cuireadh i bhfeidhm in 2019 amlínte níos faide chun pleanáil a bhaint amach agus/nó coinníollacha mífhabhracha pleanála a thabhairt isteach. Mura n-athrófar coinníoll pleanála Chríochfort 2 2007 a chuireann teorainn 32 milliún paisinéir sa bhliain ar thréchar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, d'fhéadfadh srianta oibríochtúla, costais bhreise agus/nó éagumas chun freastal ar éileamh amach anseo a bhfuil súil leis a bheith mar thoradh air. Thabharfaí srianta ar ghluaiseacht ar an Rúidbhealach isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, teorainn 65 gluaiseacht aerárthaigh ina measc idir 2300 uair agus 0700 uair mar gheall ar na coinníollacha pleanála reatha don Rúidbhealach Thuaidh a oibriú. D'fhéadfadh na srianta oibríochtúla seo an ghníomhaíocht ar an Rúidbhealach a chiorú ag amanna áirithe anuas go dtí leibhéal atá go mór faoi bhun na leibhéil reatha. Chruthódh seo impleachtaí tromchúiseacha oibríochtúla agus d'imreodh sé tionchar tromchúiseach airgeadais.	Tugtar faoi chlár infheistíochta caipitil daa chun borradh a sholáthar ar aon dul le Beartas Eitlíochta Náisiúnta (BEN) an Stáit agus Máistirphlean Aerfort Bhaile Átha Cliath. Téann daa i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus ullmhaíonn sé iarratais pleanála ardchaighdeáin chun tacú leis na clár chaipitil siúd. De réir mar a thagann riachtanais nua phróisis aníos, déanann an Grúpa teagmháil le húdaráis rialála lena chinntiú go seoltar iarratais pleanála 'atá oiriúnach don fheidhm' ar aghaidh. Lorg daa soiléiríú ó na húdaráis pleanála i dtaca le coinníoll pleanála 2007 a léirtheiscint. Gan dochar do thoradh an tsoláraithe sin, sheol daa iarratas pleanála ar aghaidh chun an chaidhp phleanála a mhéadú. Tá cás á fhorbairt ag daa chun na srianta oibríochtúla a bheartaítear a leasú ar ghluaiseachtaí aerárthaí maidir leis an Rúidbhealach Thuaidh atá le cur faoi bhráid an Údaráis Inniúil nua-ainmnithe maidir le rialú torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall.		

Tuarascáil ar Rioscaí ar leanúint

Gluais maidir le tosaíochtaí straitéiseacha



Airdí nua a bhaint amach ag ár n-aerfoirt



Ár nGrúpa a fhás sa bhaile agus thar lear



Tógáil dár dtodhchaí



Daoine agus foirne iontacha a fhorbairt atá réidh don lá amárach



Luach ár ngnólachta a mhéadú

Gluaiseacht 2019

-  Méadaithe
-  Laghdaithe
-  Cobhsaí

Limistéar riosca	Cur síos ar an riosca	Maolú	Tosaíocht straitéiseach	Gluaiseacht 2019
Straitéiseach ar leanúint	Oibríochtaí idirnáisiúnta Oibríonn an Grúpa i margadh domhanda. Dá réir sin, tá baol ann a eascraíonn as timpeallachtaí éiginnte nó timpeallachtaí geilleagracha, sóisialta agus/nó polaitiúla a d'fhéadfadh athrú go tapa, athruithe ar dhlíthe nó rialacháin, deireadh réamhaibí a chur le conradh nó sárú ar chomhaontuithe agus/nó teip ar na bunghnólachtaí. Tá leibhéil mhéadaitheacha d'iomaiocht roimh ARI agus daa ldirnáisiúnta sna hearnálacha agus sna margáí ina n-oibríonn siad. D'fhéadfadh teip ar contrapháirtithe nó ar chomhpháirtithe chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh nó a bhaint amach tionchar ábhartha a imirt ar an nGrúpa.	Ar aon dul le hinghlachtacht riosca daa, tá an Grúpa toiliúil chun glacadh le leibhéal níos airde de riosca chun borradh tráchtála agus idirnáisiúnta a chur chun cinn ar aon dul lena straitéis. Glacann daa leis go gcruthaíonn dul sa tóir ar dheiseanna idirnáisiúnta nó ar fhorbairtí gnó nua agus caidreamh custaiméirí agus comhpháirtithe a ghíaráil baol ann féin. Ar an ábhar sin, bainistíonn an Grúpa a chaidreamh go réamhghníomhach le comhpháirtithe agus chuir sé struchtúir agus próisis i bhfeidhm, chun a leasanna a chosaint, comhaontuithe le scairshealbhóirí agus socruithe tráchtála frithpháirtí ina measc. Lorgaíonn an Grúpa socruithe cuí tráchtála agus dlíthiúla a chur i bhfeidhm agus chuir sé próisis i bhfeidhm chun meastóireacht agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chonarthaí d'fhonn an riosca a íoslaghdú go ndéanfaidh contrapháirtithe glao ar aon bhannaí, litreacha creidmheasa nó ráthaíochta.		
	Infheistíochtaí caipitil D'fhéadfadh rioscaí maidir le tionscadail shuntasacha chaipitil eascairt mar gheall ar chostas (boilsciú praghasa tógála ina measc), scóip, cead pleanála, sceidealú nó tosca oibríochtúla tionscadail, óna n-eascróidh moileanna ar thionscadail a chur i gcrích, costais bhreise agus/nó easnaimh iarmhartacha thoillte.	Tá próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGrúpa i dtaobh cláir chaipitil a bhainistiú, bainistíocht tionscadal agus bainistíocht conartha agus soláthraí.	  	
	Athbhreithniú ar thuilleadh Tugadh an fhéidearthacht chun solais in 'An tAthbhreithniú ar na Riachtanais Chaidhe d'Aerfoirt Stáit na hÉireann', a foilsíodh in 2018, go dtógfaí an tríú críochfort neamhspleách ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Cé gurb ann d'éiginnteachtaí maidir leis an tríú críochfort, d'fhéadfadh an t-aistriú féideartha seo ar bheartas amach anseo tionchar substainteach agus diúltach a imirt ar phleananna infheistíochta, samhail ghnó, a chás iomaíoch agus airgeadais agus a ionchais.	Chun cinntí atá go hiomlán feasach a éascú maidir leis an athbhreithniú caidhe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, sholáthair daa ionchur láidir isteach sna próisis chomhairliúcháin ghaolmhara. Rinne iad seo an réimse suntasach dúshlán agus rioscaí chun solais atá intuigthe i dtogra don tríú críochfort neamhspleách, anuas ar na deiseanna chun níos mó forbairtí cost-éifeachtúla agus atá comhtháiteach i dtaobh cúrsaí oibríochtúla de laistigh de dhearadh reatha na críochfort.	 	
Beartas agus rialáil	Ceanglais Reachtaíochta agus rialachais Tá an Grúpa faoi réir réimse fairsing ceanglais reachtaíochta agus rialachais in Éirinn, iad siúd a leagtar amach i ndlí cuideachta ina measc ach gan bheith teoranta dóibh. Ina theannta sin uile, tá oibríochtaí an Ghrúpa faoi réir réimse dlíthe, rialacháin agus caighdeáin chomhshaoil agus athraithe aeráide, slándála agus sláinte agus sábháilteachta atá ag éirí níos déine i gcónaí i ngach ceann de na dlínsí ina n-oibríonn agus/nó ina bhfuil leasanna ag an nGrúpa. D'fhéadfadh caillteanas tromchúiseach airgeadais, tionchair oibríochtúla nó díobháil do chlú an Ghrúpa a bheith mar thoradh ar aon sárú ar na ceanglais seo.	Tá an Grúpa tiomanta d'oibriú i gcomhréir le ceanglais reachtaíochta agus rialála agus oibríonn sé chun seo a bhaint amach trí rialachas cuí lena dtacaíonn struchtúir agus córais éifeachtacha bhainistíochta. Déanann an Grúpa athbhreithniú rialta ar cheanglais rialála i measc a chóras gnó, nuashonruithe agus bainistíochta, agus tugann sé faoi ghníomhaíochtaí cuimsitheacha comhlíonta faoi mar is cuí.	  	

Limistéar riosca	Cur síos ar an riosca	Maolú	Tosaíocht straitéiseach	Gluaiseacht 2019
Oibríochtúil	Scagadh Bagáiste Boilge (SBB) Tá trealamh Scagtha Bagáiste Boilge Chaighdeán 3 á chur i bhfeidhm ag daa ag a aerfoirt faoi láthair. Tá bearta tábhachtacha oibríochtúla breise sealadacha á gcur i bhfeidhm ar feitheamh chur i bhfeidhm iomlán na dteicneolaíochtaí nua. Tionscadal casta é seo a bhfuil amlínte sách gearr agus a bhraitheann go mór ar thríú páirtithe, a bhféadfadh moilleanna ar thréachur nó tionchair eile ar an oibríú bheith mar thoradh orthu go léir.	Tá plean cuimsitheach bainistíochta tionscadail i bhfeidhm, ar a ndéanann Grúpa Athbhreithnithe maoirseacht (lena n-áirítear Údarás Rialála agus aerlínte custaiméirí) lena chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm i gceart é agus go maolaítear rioscaí.		
	Sábháilteacht, slándáil agus athléimneacht ghnó Mar oibreoir aerfoirt, agus go háirithe nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil tionscadail mhóra chaipitil ar bun, tá daa faoi réir riosca oibríochtúil timpistí nó teagmhais nó go gcuirfeadh isteach ar chúrsaí ag a aerfoirt, as a bhféadfadh díobháil eascairt do dhaoine nó díobháil do bhonneagar, réadmhaoin agus an timpeallacht. Bíonn oibríochtaí an Ghrúpa leochaileach i dtaobh teagmhais riosca eile nach mbíonn coinne leo, ar nós teagmhais aimsire, dóiteáin, sáruithe teicniúla, cibearshlándála agus nuair a chliseann ar chórais a bhaineann le TF, teipeanna teicniúla agus sceimhlitheoireacht. Féadtar cur isteach go mór ar oibríochtaí agus gníomhaíochtaí tráchtála freisin mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch tríú páirtí. D'fhéadfadh cur isteach fadtéarmach tionchar suntasach airgeadais agus/nó clú a imirt ar an nGrúpa.	Tá cultúr láidir sábháilteachta agus próisis agus nósanna imeachta a thacaíonn leis, ag an nGrúpa, a leagann an bhéim ar an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht. Bainistíonn daa rioscaí sábháilteachta trí chóras bainistíochta sábháilteachta (CBS) atá deimhnithe i dtaobh ISO 45001 a d'athbhreithnigh an tÚdarás Inniúil (Rannán um Rialáil Sábháilteachta Údarás Eitlíochta na hÉireann (ÚEE)) mar chuid de dheimhniúchán Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí faoi rialacháin sábháilteachta EASA. - Leanann oiliúint foirne, chomh maith le béim láidir ar mhonatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh, le bheith mar chuid lárnach de bhearta maolaithe an Ghrúpa. - Lorgaíonn an Grúpa le bainistiú a dhéanamh ar an dóchúlacht go gcuirfí deireadh le seirbhís agus ar a thromchúise a bheadh seo trí phleananna dea-fhorbartha leanúnachais agus athléimneacht a bheith ina príomhchhórais agus príomhphróisis. - Tá cumhdach árachais i bhfeidhm ag an nGrúpa freisin chun maolú a dhéanamh in aghaidh chostais na díobhála do shócmhainní.		
	Daoine Mar ghnólaíocht atá faoi stiúir seirbhíse, braitheann daa ar líon pearsanra oile chun seirbhísí a sholáthar ar fud an Ghrúpa ar bhonn leanúnach. Tá rioscaí earcaíochta agus coinneála ann i margadh saothair láidir. Tá an baol ann, chomh maith, go bhféadfadh gníomhaíocht thionsclaíoch tionchar a imirt ar sheirbhísí criticiúla agus oibríochtaí a chiorrú.	Lorgaíonn daa rogha a chur ar fáil lena mbuntacaíonn tairiscint dhaingean luacha d'fhostaithe, a sholáthraíonn gairmeacha beatha tairbheacha agus a dhéanann infheistíocht leanúnach in oiliúint agus forbairt foirne chun eagraíocht ardfeidhmíochta a chruthú. Déanann daa idirchaidreamh leis na ceardchumainn ábhartha ar bhonn leanúnach maidir le ceisteanna a bhaineann le fostaíocht. Tá meicníochtaí réitigh díospóide inmheánacha i bhfeidhm agus pé uair is gá, úsáidtear na meicníochtaí caidrimh fostaithe a chuireann an Stát ar fáil.		
Airgeadas agus an státchiste	Cistiú don Ghrúpa De réir mar a lorgaíonn an Grúpa chun a chlár infheistíochta €2 billiún a thógáil, beidh air a leibhéal fiachais fhoriomláin a mhéadú. D'fhéadfadh aon meath neamhphleanáilte ar phróifíil ghnó an Ghrúpa tionchar a imirt ar a rátáil chreidmheasa agus, ar a uain sin, an fháil agus an costas amach anseo a bheidh ar chistiú, acmhainneacht iasachta, agus téarmaí maoinithe agus an tsolúbthacht atá ar fáil don Ghrúpa. Imríonn beartas Rialtais agus rialála, anuas ar fheidhmíocht agus ionchais airgeadais, tionchar ar rátáil chreidmheasa an Ghrúpa. Tá an Grúpa nochta freisin do rioscaí áirithe eile airgeadais agus a bhaineann leis an gcisteán, rioscaí leachtachta, riosca creidmheasa, riosca ráta úis agus nochthead d'airgeadra eachtrach ina measc	Tá beartais i bhfeidhm a d'fhaomh an Bord chun dul i ngleic le príomhrioscaí cisteáin. Príomhchuspóir don Ghrúpa is ea rátáil chreidmheasa chuí anuas ar leithdháileadh cuí caipitil a choimeád ar fud an Ghrúpa. Glactar le cur chuige stuama i dtaobh leachtachta a bhainistiú, riachtanais shuntasacha infheistíochta a réamhchistiú ina measc. Leantar le scóip dhóthanach a chur ar fáil le bheith tiomanta do riachtanais ghearrthéarmacha chistithe agus iad a thuar.		

Spriocanna agus bunspríocanna inghnóthaithe inbhuanaithachta dinimiciúla a shocrú

Tá páirt lárnach ag inbhuanaithacht maidir le tosaíocht straitéiseach ‘Ceadúnas chun Fáis’ daa agus leag an chuideachta spriocanna agus bunspríocanna inghnóthaithe dinimiciúla amach lena chinntiú go n-íoslaghdaíonn sé tionchair dhiúltacha ar an timpeallacht.

Tá straitéis inbhuanaithachta daa ar aon dul go mór le Clár um Fhorbairt Inbhuanaithé 2030 na Náisiún Aontaithe agus díreann ann ar na limistéir siúd is mó a bhaineann go díreach le hoibríochtaí aerfoirt.

Cé go dtacaíonn daa le gach ceann de 17 Sprioc um Fhorbairt Inbhuanaithé na NA, tá trí cinn, ach go háirithe, atá ailínithe go dlúth lenár straitéis inbhuanaithachta: Fuinneamh Inacmhainne agus Glan, Tionscal, Nuálaíocht agus Bonneagar, agus Gníomhú ar son na haeráide.

Ina theannta sin, cloíonn daa le beartas náisiúnta agus AE agus le ceanglais rialála, creat fuinnimh agus aeráide 2030 ina measc, arb ionstraim rialála é a chinntíonn go mbaintear neodracht aeráide amach faoin mbliain 2050. Ina thaobh seo, tá daa ar cheann de na haerfoirt de chuid CAE a gheall chun Aerfort atá Neodrach ó thaobh Carbóin a bhaint amach faoin mbliain 2050.

Ar leibhéal náisiúnta, cloíonn daa freisin leis an bPlean um Ghníomhú ar son na haeráide 2019 ina leagtar amach plean uailmhianach inar féidir le hÉirinn a hastaíochtaí carbóin a laghdú 30% idir 2021 agus 2030.



Fuinneamh inacmhainne agus glan – teacht a chinntiú ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithé agus nua-aimseartha do chách



Tionscal, nuálaíocht agus bonneagar – bonneagar athléimneach a thógáil, tionsclaíocht ionchuimsitheach agus inbhuanaithé a chur chun cinn, agus nuálaíocht a chothú



Gníomhú ar son na haeráide – dul i mbun gníomh práinneach chun athrú aeráide agus a thionchair a chomhrac



Carbón



Sprioc 2019

Leanfaidh daa lena astaíochtaí carbóin a laghdú agus é ina sprioc chun stádas neodrach ó thaobh carbóin de (Leibhéal 3+) a bhaint amach faoi Scéim Creidiúnaithe Carbóin Aerfoirt ('CCA') Chomhairle na nAerfort Idirnáisiúnta ('CAI') (an Caighdeán Eorpach um bainistíocht carbóin agus laghduithe astaíochtaí ag aerfoirt) faoi dheireadh 2020.

Feidhmíocht 2019

Tá ceithre leibhéal de chreidiúnú ag Scéim CCA CAI: Mapáil, Laghdú, Optamú agus Neodracht. Tá creidiúnú i leith Leibhéal 2 bainte amach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi láthair a chiallaíonn gur éirigh le hAerfort Bhaile Átha Cliath lena astaíochtaí foriomlána agus a lorg carbóin a laghdú go leanúnach bliain ar bhliain ó 2011. In 2019, chuir oiliúint ar bhainistíocht fuinnimh d'fhostaithe agus tríú páirtithe ábhartha nua le fuinneamh glas agus le roinnt tionscadail laghdaithe fuinnimh a sholáthar, ar nós uasghráduithe ar shoilsiú agus uasghráduithe ar bhainistíocht gnó agus theirmeach.

Sprioc 2020

Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath tiomanta do stádas neodrach ó thaobh carbóin de (Leibhéal 3+) a bhaint amach faoi dheireadh 2020. Chun stádas Leibhéal 3 a bhaint amach, caithfidh Aerfort Bhaile Átha Cliath scóip a loirg charbóin a leathnú le hastaíochtaí tríú páirtí a áireamh ann agus idirchaidreamh a dhéanamh le páirtithe leasmhara lena lorg lorg carbóin an aerfoirt a laghdú. Anuas ar na ríomhanna idirchaidrimh agus carbóin, caithfidh Aerfort Bhaile Átha Cliath a astaíochtaí díreacha (astaíochtaí carbóin atá nasctha go díreach le leictreachas daa, gás nádúrtha, breoslaí, taisteal gnó fostaithe etc.) a sheach-chur.

Soláthar
glas

Sprioc 2019

In 2018, d'fhorbair daa Beartas Soláthair Ghlas a dhíríonn ar limistéir ina bhféadfadh soláthar an cúnamh is fearr a thabhairt le hastaíochtaí agus dramhail a laghdú. Ba é sprioc daa 2019 chun cuspóirí Bheartas Soláthair Ghlais na cuideachta a chur i bhfeidhm trí bhreithnithe comhshaoil agus saolré iomláine a chuimsiú i ngach cinneadh soláthair.

Feidhmíocht 2019

In 2019, cuireadh an Beartas Soláthair Ghlais i ngníomh trí Fheithicilí Astaíochtaí Ísle (FAlanna) a sholáthar, trealamh inbhuanaithe atá éifeachtúil i dtaobh fuinnimh de a athsholáthar, fuinneamh glas deimhnithe, páipéar athchúrsáilte deimhnithe agus seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar a bhaineann le hoibríochtaí bia agus dí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Sprioc 2020

In 2020, leanfaidh daa ag cloí lenár mBeartas Soláthair Ghlais anuas ar an sainordú aeráide a leagadh amach faoi Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide an Rialtais in 2019, fad a leanfaidh sé ar aghaidh le soláthar inbhuanaithe agus glas a dhéanamh chun cabhrú le hastaíochtaí agus dramhail a laghdú laistigh de daa.

Fuinneamh



Sprioc 2019

Tá daa mar chuid de chlár Comhpháirtíocht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus tá sprioc iarmhartach aige chun feabhas 33% a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi dheireadh 2020 in aghaidh bonnlíne leibhéal ó 2006-2008.

Feidhmíocht 2019

In 2019, sháraigh daa an 33% d'fheabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh maidir le bonnlíne 2006-2008, a bhain feabhsú 46% amach. Baineadh seo amach trí thabhairt faoi thionscadail fuinnimh ar leith, ar nós uasghráduithe ar shoilsiú, chomh maith le huasghráduithe teirmeacha agus bainistíochta gnó. Chuir oiliúint ar bhainistíocht fuinnimh a sholáthar leis na tionscnaimh seo d'fhostaithe agus tríú páirtithe nua ábhartha, chomh maith le cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bhfoireann maidir le saincheistean a bhaineann le fuinneamh.

Sprioc 2020

Ábhar bróid do daa gur baineadh sprioc 2020 amach agus leanann sé le hiarrachtaí a dhéanamh chun éifeachtúlacht fuinnimh bhreise a bhaint amach, agus é ag oibriú i dtreo sprioc 2030 chun laghdú 50% a bhaint amach ar bhonn 2006-2008.

Feabhsú ar éifeachtúlacht fuinnimh
in 2019 maidir le bonn 2006-2008

46%

Feithiclí astaíochtaí Ísle



Spríoc 2019

Cuspóirí bheartas Feithiclí Astaíochtaí Ísle (FAÍ) daa a chur i bhfeidhm chun aistriú chuig flít feithiclí astaíochtaí ísle pé áit ar féidir, agus a luaithe agus is féidir, agus oibreoirí eile ar an láthair á spreagadh i gcomhthráth chun amhlaidh a dhéanamh.

Feidhmíocht 2019

Ó tugadh beartas FAÍ daa isteach in 2012, tá 22% d'fhlít feithiclí tráchtála éadroma na cuideachta tionsaithe ina bhfeithiclí astaíochtaí ísle. Mar iarracht chun an éacht seo a chur chun cinn, rinneadh beartas caighdeánach de in 2019 go sonrófaí úsáid FAÍanna i bpróisis soláthair do sholáthraithe seirbhíse daa a oibríonn fliteanna feithiclí ar an láthair. Cuireadh tús le plé le páirtithe leasmhara faoin líon feithiclí FAÍ a mhéadú atá ar an gcampas.

Spríoc 2020

I ndiaidh gur tionsaíodh breis agus 20% d'fhlít feithiclí tráchtála éadroma Aerfort Bhaile Átha Cliath ina FAÍanna, tá daa tiomanta in 2020 don ráta tionsaithe sin a chur chun cinn agus feabhas a chur ar a fheabhas a d'éirigh linn le déanaí agus oibreoirí ar an láthair á spreagadh i gcomhthráth chun amhlaidh a dhéanamh. Tá ról ceannaireachta á ghlacadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar leibhéal náisiúnta maidir leis an spríoc seo a bhaint amach agus tá meon réamhghníomhach á léiriú aige i leith bainistíocht carbóin agus cháilíocht an aeir.

An céatadán feithiclí astaíochtaí ísle i bhflít Aerfort Bhaile Átha Cliath

22%

Dramhaíl



Spríoc 2019

Tugann daa príomhthús áite do chinntiú go ndéantar an leibhéal dramhaíola a ghineann gníomhaíochtaí na cuideachta a íoslaghdú agus a bhainistiú i gceart. Leag daa spríoc amach in 2018 chun 50% de dhramhaíl athchúrsáil a bhaint amach faoi dheireadh 2020. Dhírigh daa freisin ar a stádas a choimeád ina dtugtar dramhaíl ar bith a fhad le líonadh talún.

Feidhmíocht 2019

Tógadh stáisiún athchúrsála láraithe in 2019 i ngach limistéar foirne agus tógadh 27 stáisiún hiodráitithe i bhfoirgnimh chríochoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an úsáid a bhaintear as plaisteach aonúsáide a laghdú. Tháinig méadú aníos go dtí 42% in 2019 ar rátaí athchúrsála. Níor tugadh aon dramhaíl de chuid Aerfort Bhaile Átha Cliath a fhad le líonadh talún.

Spríoc 2020

Tá de chuspóir ag daa feabhas a chur ar bhonneagar aerfoirt Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath lena chur ar chumas oibreoirí chun sruthanna éagsúla dramhaíola a bhainistiú agus a stóráil níos éifeachtaí lena chabhrú le hAerfort Bhaile Átha Cliath chun a spríoc a bhaint amach ina ndéantar athchúrsáil ar 50% den dramhaíl faoi dheireadh 2020 agus le hAerfort Chorcaí chun athchúrsáil a dhéanamh ar 30% den dramhaíl faoi dheireadh 2020.

Stáisiún hiodráitithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

27

Uisce



Spríoc 2019

Tugann daa tús áite d'ídiú uisce a laghdú mar gheall ar líon na bpaisinéirí agus an úsáid laethúil a bhaintear as saoráidí ag Aerfirt Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath. Is é spríoc daa ná laghdú 10% ar ídiú uisce faoin mbliain 2020 i gcomparáid le bonnlíne 2016 13.1 lítear in aghaidh an phaisinéara.

Feidhmíocht 2019

Tháinig laghdú anuas go dtí 12.4 lítear in aghaidh an phaisinéara in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019, arb ionann sin agus laghdú 5.3% i gcomparáid le bonnlíne 2016. Baineadh é seo amach tríd an líonra uisce a ghabhann ar fud Aerfort Bhaile Átha Cliath a fheabhsú agus a chothabháil.

Spríoc 2020

Tá daa tiomanta don spríoc a bhaint amach ina ndéantar úsáid uisce a laghdú 10% faoin mbliain 2020. Déanfar é seo trínár líonra uisce a fheabhsú agus a chothabháil trí threalamh oibríochtúil agus rialaithe níos éifeachtúla agus trí bhrath feabhas a dhéanamh ar sceitheadh a chur i bhfeidhm.

Lítir uisce in aghaidh an phaisinéara a úsáideadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019

12.4
-5.3%

Bainistíocht cháilíocht an aeir



Spríoc 2019

Tá daa tiomanta do chlár deonach monatóireachta agus cáilíocht an aeir a fhoilsiú ar an gcampas agus laistigh de phobail áitiúla agus tá sprioc leagtha amach aige chun leanúint le luachanna náisiúnta teorann ar cháilíocht an aeir a chomhlíonadh.

Feidhmíocht 2019

Tugann daa faoi chlár rialta dheonacha mhonatóireachta ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh. Déanann an trealamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath réimse paraiméadar a thomhas ar an láthair agus ag deich láthair sna ceantair máguaird agus tá monatóireacht á déanamh freisin in Aerfort Chorcaí ag ceithre láthair laistigh den suíomh. Léirítear sna torthaí go bhfuil caighdeán mhaith cháilíochta ann, go ginearálta, sa dá aerfort. Thug an córas monatóireachta leanúnaí ar an aer ag Aerfort Bhaile Átha Cliath meánluach teorann bliantúil faoi 40 µg m3 le fios atá faoi shainordú.

Spríoc 2020

Díreoidh daa ar luachanna náisiúnta cháilíocht an aeir a chomhlíonadh trí bhonneagar agus córais a chur i bhfeidhm a imríonn tionchar níos ísle ar champas Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ina theannta sin, foilseoidh daa a thorthaí ar mhonatóireacht ar cháilíocht an aeir lena chinntiú go gcuirtear pobail áitiúla ar an eolas ar thorthaí cháilíocht an aeir ag an aerfort. Tá tionscnaimh bhreise á gcur i bhfeidhm ag daa chun an tionchar oibriochtúil ar cháilíocht an aeir a laghdú trí fheithiclí leictreacha agus aonaid Chumhacht Talún Leictre Seasta a úsáid.

Bainistíocht torainn



Spríoc 2019

Gheall Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2018 chun foilseachán ar shonraí faoi thorann eitlíochta agus eolas faoi ghearáin faoi thorann a fhorbairt.

Feidhmíocht 2019

Foilsíodh an chéad phlean bainistíochta torainn ar láithreán gréasáin daa in 2018 agus foilsítear na sonraí faoi thorann go rialta agus cuirtear iad faoi bhráid pobail áitiúla. Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ag oibriú chun 'an Cur Chuige Cothromaithe' a chur i bhfeidhm maidir le bainistíocht torainn a éascaíonn fairsingiú ar bhealach a íoslaghdaíonn an tionchar torainn ar fairsingiú an aerfoirt a mhéid agus is indéanta.

Spríoc 2020

Leanfar le tuairisciú a dhéanamh ar bhainistíocht torainn aerárthaí ar príomhtháscairí feidhmíochta gaolmhara i rith 2020. Ceapadh Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ÚITA) nua i Meán Fómhair 2019, agus tá súil leis go ndéanfaidh sé measúnú in 2020 ar leibhéil reatha agus thuartha torainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Bainistíocht cháilíocht an uisce dromchla



Spríoc 2019

Is é an sprioc a leag daa amach roimhe féin chun feasacht a mhéadú i measc oibreoirí aerfoirt ar thionchar féideartha a ngníomhaíochtaí ar dhobharlaigh dhromchla agus chun monatóireacht a dhéanamh ar uisce dromchla agus tuairisciú a dhéanamh ar phríomhtruailléin.

Feidhmíocht 2019


Rinneadh monatóireacht leanúnach ar cháilíocht an uisce dromchla i gcaitheamh 2019. Rinneadh imscrúdú ar roinnt sáruiithe, agus cuireadh maolú i bhfeidhm, agus tugadh torthaí le fios don phobal trí Ghrúpa Oibre Timpeallachta Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá máistirphlean draenála campais á fhorbairt ag daa faoi láthair a chuirfidh córais fheabhsaithe bhainistíochta ar cháilíocht an uisce dromchla ar fáil.

Spríoc 2020

Tá de chuspóir ag daa chun feasacht a mhéadú i measc oibreoirí campais ar an tábhacht a bhaineann le cáilíocht an uisce dromchla a bhainistiú. Cuirfear an máistirphlean draenála i gcrích in 2020 agus tacóidh sé le bonneagar nua aerpháirce a fhorbairt. Tá daa tiomanta freisin do chomhlíonadh na rialachán um cháilíocht an uisce dromchla a bhaint amach ag an dá aerfort.



Cás-staidéar



CTLS (fuinneamh)

Cuireadh tús leis an bpróiseas in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019 le haonaid Chumhacht Talún Leictirí Seasta (CTLS) a shuiteáil ag seastáin pháirceála mar chuid de chlár inbhuanaitheachta foriomlán daa. Córas cumhacht talún atá neamhdhiobhálach don chomhshaol é CTLS a cheadaíonn d'aerárthach chun plugáil go díreach isteach i bhfoinse fuinnimh atá faoi chumhacht leictreachais sheasta fad a bhíonn siad páirceáilte ar an aerpháirc. Bhí ar aerárthaí plugáil isteach roimhe seo i bhfeithiclí beaga faoi chumhacht díosail a chruthaíonn múch agus torann suntasach.

Tá aonaid CTLS á suiteáil faoi láthair ag Bealaí Bordála 1, 2 agus 3 in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus beidh tiontú iomlán déanta in Aerfort Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2024 ó fheithiclí faoi chumhacht díosail go dtí aonaid CTLS ar gach seastán.

Trí úsáid a bhaint as aonaid CTLS, laghdaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath an leibhéal de thrácht thaobh an aeir, a chuir feabhas ar shábháilteacht an ionaid oibre mar gheall go laghdaíonn níos lú trealamh an baol go mór roimh an bhfoireann ar an aerpháirc agus cruthaíonn sé spás don trealamh eile láimhseála ar an talamh. Cuireadh feabhas freisin ar cháilíocht an aeir, mar gheall go n-ídíonn na haonaid CTLS níos lú fuinnimh agus go n-astaíonn siad níos lú dé-ocsaíd charbóin, ar an ábhar sin, agus baineadh laghdú 44% ar astaíochtaí CO₂ amach. Tá 46 aonad CTLS suiteáilte agus i mbun feidhme ar an aerpháirc in Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi láthair.

Tá aonaid CTLS á suiteáil faoi láthair ag Bealaí Bordála 1, 2 agus 3 in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus beidh tiontú iomlán déanta in Aerfort Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2024 ó fheithiclí faoi chumhacht díosail go dtí aonaid CTLS ar gach seastán.



Laghdú ar astaíochtaí CO₂ ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

44%

Cás-staidéar

Teicneolaíocht
bhraite sceite

Tá bealaí nua á lorg go leanúnach ag daa chun a idiú uisce a bhainistiú trí mheascán de chórais úsáide agus chaomhnaithe uisce a shuiteáil agus a mhnatúirí go réamhghníomhach. Dá réir sin, rinne sé méadrú uisce a fhairsingiú agus tá sé ag tabhairt faoi chur chuige trodach go leanúnach chun sceitheadh a bhrath go luath. Ceadáinn seo chun deisiúcháin thráthúla a dhéanamh mar chuid den tosaíocht sábhála uisce, ar an iomlán.

Áirítear le roinnt de na próisis ar leith: trealamh inchloiste braite sceite a cheannach, suirbhéanna rialta braite ar scála mór agus beag a dhéanann daa agus gníomhaireachtaí seachtracha agus Bainisteoir Bonneagar Fónais a chruthú agus a cheapadh a bhfuil freagracht ar leith air/uirthi as dul i ngleic le saincheisteanna maidir le sceitheadh uisce agus idiú uisce ginearálta.

Rinne trealamh braite sceite a chur chun feidhme agus a úsáid feabhas breise a chur ar chumas Aerfort Bhaile Átha Cliath chun cothabháil choisctheach agus fhrithghníomhach a chríochnú ar an líonra uisce a chríochnú go gníomhach. Chinntigh an oiliúint fhorleathan a cuireadh ar an bhfoireann agus an infheistíocht a rinneadh i dteicneolaíocht nua-aimseartha go bhfuil ar chumas Aerfort Bhaile Átha Cliath chun an fheidhmíocht seo a chothabháil agus é a chothú amach anseo.

D'fhéadfadh sé roinnt laethanta a ghlacadh roimhe seo le sceitheadh príomhphíobán uisce nach raibh infheicthe ná inrochtana gan stró a aimsiú, a rialú agus a dheisiú. A bhuíochas le teicneolaíocht agus próisis uasghrádaithe, cuireann DRC (Limistéar Méadair Ceantair) aláram sceite uisce agus i ngníomh agus tugtar fógra don phearsanra ainmnithe trí aláram téacs Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí. Déantar an fhoireann bhraite sceite a imlonnú chun an

limistéar a imscrúdú agus a luaith a aimsítear an sceitheadh, cuirtear i gceart é. Is féidir sceitheadh uisce a aimsiú agus a dheisiú go mear anois agus cruthaíonn seo coigiltí geilleagracha agus áisiúlacht mhéadaithe do phaisinéirí agus foireann an aerfort.

Lítir uisce in aghaidh an phaisinéara a úsáideadh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019

12.4
-5.3%



Sprioc dramhaíola athchúrsáilte faoin mbliain 2020

50%

Cás-staidéar



Araid Dramhaíola

Láimhseáladh breis agus 35 milliún paisinéir in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí in 2019. Ní haon iontas é gur tháinig méadú ar an méid dramhaíola a chruthaítear ag an aerfort mar gheall ar an mborradh ar líonta paisinéirí. Tá méadú substainteach tagtha, áfach, ar fhigiúirí athchúrsála aníos ó 11% in 2013 go 42% in 2019. Éascaíodh an borradh ar fhigiúirí athchúrsála trí chultúr dearfach dramhaíola a chur chun cinn trí idirchaidreamh leis an bhfoireann agus oibreoirí tríú páirtí agus trí thacú le feachtais náisiúnta a chuireann cosc ar dhramhaíl agus athchúrsáil chun cinn.

Leag daa sprioc amach in 2018 athchúrsáil a bheith á déanamh ar 50% de dhramhaíl faoi dheireadh 2020; thug daa faoi phríomhbhearta in 2019 chun an sprioc seo a bhaint amach.

- Cuireadh oiliúint ar tairiscint don fhoireann go léir in asraonta bia agus dí ar fud Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar na lámhleabhair threorach maidir leis an sruth dramhaíola agus le dramhaíl a dheighilt le cultúr dearfach dramhaíola a spreagadh trí laghdú ar an méid iomlán dramhaíola agus leibhéil mhéadaithe de dheighilt agus athchúrsáil a chur chun cinn.

- Cinntear i dtairiscintí amach anseo go n-úsáidtear pacáistiú inmhuirínithe in ionad ábhair phlaisteacha aonúsáide in asraonta bia agus dí.
- Rinneadh an réimse araidí in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí a fhairsingiú, chomh maith, atá ar fáil don fhoireann agus do phaisinéirí chun freastal ar na roghanna go léir athchúrsála agus dramhaíola inmhuirínithe.
- Thosaigh daa ag oibriú lena sholáthraithe chun an pacáistiú bia agus táirge a laghdú agus tá sé ag oibriú freisin chun táirgí in-athchúrsáilte a mhéadú. Tá a mhéid na naoi sruth dramhaíola sna haraidí nua, atá suite mórthimpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, agus i limistéir foirne, ar féidir leo freastal ar gach earra, agus ní gá málaí bruscair plaisteacha a úsáid iontu, agus tá braiteoir ultrasonach gan sreang acu a chuirtear i ngníomh nuair a bhíonn an araid beagnach lán agus seolann seo teachtaireacht Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí chun an fhoireann ghlantacháin a chur ar an eolas.

Tá cultúr nua bainistíochta dramhaíola in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí mar thoradh ar an gcumarsáid seo a chiallaíonn go bhfuil ár spriocanna á mbaint amach againn, mar chuideachta, chun ár spriocanna dramhaíola a bhaint amach chun athchúrsáil a dhéanamh ar dhramhaíl faoin mbliain 2020.

Cás-staidéar



Stáisiún Hiodráitithe

Tugadh Stáisiún Hiodráitithe isteach in Aerfort Bhaile Átha Cliath mar chuid d'iarraicht atá a déanamh ag daa chun an leibhéal úsáide a laghdú a bhaintear as plaisteach aonúsáide ag an aerfort. Forbraíodh an tionscnamh seo mar chuid den straitéis chun prionsabail na hinbhuanaitheachta ar fud na Cuideachta a chur i bhfeidhm, a chothú agus a chur in iúl.

I rith 2018, chun cabhrú le plaisteach aonúsáide a laghdú, rinne daa uasghrádú ar 22 scairdeán uisce i gCríochfort 1 chun gur féidir le paisinéirí buidéal uisce phearsanta a athlónadh. Rinne daa méadrú in 2019 ar an líonra iomlán agus mhéadaigh sé an líon de na Stáisiún Hiodráitithe nua seo aníos go dtí 27, ar an iomlán, ag an aerfort.

Rinne Aerfort Bhaile Átha Cliath a scairdeán uisce a uasghrádú agus rinne sé iad a iarfheistiú le sconná nua chun go mbeadh sé ní b'fhusa chun buidéal uisce a athlónadh, agus scairdeán uisce a dhéanamh níos infheicthe trí athbhrandáil a dhéanamh orthu le comharthaíocht nua Stáisiún Hiodráitithe. Rinneadh an athbhrandáil ar na scairdeán uisce mar fhreagairt d'aiseolas ó chustaiméirí agus chun feasacht phaisinéirí a mhéadú ar na 27 scairdeán atá lonnaithe sna críochfoirt agus i limistéir an gheata bordála.

Is féidir teacht ar Stáisiún Hiodráitithe ar leibhéal an Idirurláir i gCríochfort 1, i Halla Eitiltí isteach i gCríochfort 1, sna limistéir Eitiltí Amach i gCríochfort 1 agus 2, láithreach i ndiaidh scagadh slándála i gCríochfort 1, i ngach limistéar bordála paisinéirí agus sa dá halla bagáiste. Cuirtear rogha eile saor ó phlaisteach aonúsáide ar fáil sna scairdeán uisce athchóirithe ar uisce buidéalaithe a cheannach.



Cuirtear rogha eile saor ó phlaisteach aonúsáide ar fáil sna scairdeán uisce athchóirithe ar uisce buidéalaithe a cheannach.

Scairdeán Uisce arna n-uasghrádú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

27

Ár rannchuidiú dearfach le pobail áitiúla

Ciste an Phobail de chuid Aerfort Bhaile Átha Cliath

Cuireann Aerfort Bhaile Átha Cliath go dearfach leis na pobail áitiúla timpeall air trí réimse gníomhaíochtaí atá bunaithe ar chistiú ó Chiste an Phobail de chuid an Aerfoirt.

Sheol an tAerfort Ciste an Phobail €10 milliún i Meán Fómhair 2017 a gheallann chun €400,000 a chur ar fáil gach bliain ar feadh 25 bliain chun tacú le grúpaí pobail áitiúla.

Tá an ciste dírithe ar limistéir ar nós na timpeallachta agus inbhuanaitheachta, an spóirt agus caitheamh aimsire, ionchuimsiú sóisialta agus forbairt pobail, sláinte agus folláine, agus an chultúir agus oidhreacht.

Chabhraigh Ciste an Pobail in 2019 le roinnt tionscadail phobail áitiúil, Amhránaithe Reachrann, ar bronnadh ranníocaíocht orthu i dtreo pianó digiteach a cheannach, agus Ballymun Kickhams ina measc, a cheannaigh cuailí nua. Faighteoir eile cistithe in 2019 a bí i dTionscnamh Seanóirí Fir Phort Mearnóg, a oibríonn le fir is mó atá i mbaol aonrú agus spreagann sé iad chun teacht le chéile ar mhaithe le cairdeas agus comrádaíocht. Thug an grúpa cuairt in 2019 ar Ionad Síochána agus Athmhuintearais Ghleann Crí i gCill Mhantáin, turas d'éascaigh Ciste an Phobail go páirteach.



Caiteachas bliantúil a
tiomnaíodh do ghrúpaí pobail
áitiúla

€400k

An Clár Lá Difríochta ('Difference Day')

Sheol daa Clár Lá Difríochta ina ndéanann baill foirne a gcuid ama agus saíneolais a chur ar fáil go deonach chun tabhairt faoi oibreacha móra athchóirithe/uasghrádaithe do scoileanna agus clubanna áitiúla. Thug breis agus 70 ball d'fhoireann Cúram Sócmhainní Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi thionscadal mór athchóirithe ar na limistéir chaitheamh aimsire taobh amuigh do Scoil Speisialta Naomh Pól i gCoillte Beaumont. Dhirigh an t-athchóiriú ar shuntasán atá ann faoi láthair a athchóiriú, binsí picnice agus scíthe agus rudaí breise, ar nós trampailíní, luascáin agus cosáin a dhearadh agus a thógáil.

Carthanas Foirne

Rinne foireann daa páirt a ghlacadh i roinnt imeachtaí agus tionscnamh i gcaitheamh 2019, chomh maith le hiad a réachtáil, mar iarracht chun cistí a thiomsú don chlár Carthanas Foirne na Bliana. Roghnaíonn an fhoireann trí charthanas gach bliain a gheobhaidh an t-airgead a thomsaítear. Thiomsaigh foireann daa, le tacaíocht ó thabhartais phaisinéirí, €330,000 a thiomsú in 2019 agus rinneadh é seo a roinnt idir Debra Ireland, Ionad Tacaíochta Gary Kelly agus Spina Bífida Hydrocephalus Ireland. Ón mbliain 2007 ar aghaidh, thiomsaigh daa €3 milliún do 27 carthanas Éireannach a bhuíochas le cabhair na foirne agus na bpaisinéirí a dhéanann a mbealach trí Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Cistí a thiomsaigh fostaithe atá bunaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2019 do charthanas fhoireann daa

€330k

Bord na Stiúrthóirí



1
Basil Geoghegan
Cathaoirleach

Ceapachán leis an mBord
Meitheamh 2018.

Ballraíocht ar choistí

Bhí Basil ina bhall den Choiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair agus den Choiste Straitéiseach agus Bonneagair ó ceapadh leis an mBord é. Ceapadh Basil leis an gCoiste Airgeadais i Márta 2020.

Taithí ghairme

Comhpháirtí is ea Basil le PJT Partners, banc infheistíochta comhairleach ó na Stáit Aontaithe atá liostaithe go poiblí, áit a stiúirann sé a ghnó sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn. Sular oibrigh sé le PJT Partners, bhí sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ag Goldman Sachs, Deutsche Bank agus Citigroup i Londain agus Nua-Eabhrac. Tá taithí fairsing M&A, airgeadais chorpáidigh agus chomhairleach straitéiseach aige, i SAM, an RA, Éire agus go hidirnáisiúnta. Tá cuntas forleathan aige, chomh maith, i dtáthcheangail chasta poiblí M&A agus i gcásanna frithruathair, cúram sláinte, seirbhísí airgeadais, TMT agus iompar ina measc.

Scoláire é Basil le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus tá LLB bainte amach aige ón gcoláiste sin, chomh maith le LLM ó Institiúid Ollscoile na hEorpa agus tá sé cáilithe ina aturnae le Slaughter and May.

Ceapachán sheachtracha

Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é Basil le AIB Group PLC agus is pátrún é le Ciste Éireann na Breataine Móire.



2
Dalton Philips
Príomhfheidhmeannach

Ceapachán leis an mBord
Deireadh Fómhair 2017.

Ballraíocht ar choistí

Tá Dalton ina bhall den Choiste Straitéiseach agus Bonneagair agus de Choiste Airgeadais an Bhoird.

Taithí ghairme

Áiríodh le ról Dalton, sular thosaigh sé ag oibriú le daa, Príomhfheidhmeannach Wm Morrison plc., Príomhoifigeach Oibríocháin an mhiondíoltóra Ceanadaigh Loblaw Companies agus Príomhfheidhmeannach ar Brown Thomas Group. I measc ról eile, ba Chomhairleoir Sinsearach é, chomh maith, le Boston Consulting Group, gnóthas sainchomhairleoireachta domhanda bainistíochta. Tá ceadúnas píolóta phríobháidigh aige. Bhain Dalton Céim BA amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Harvard.

Ceapachán sheachtracha

Tá Dalton ina chomhalta boird de ACI Europe agus IBEC.

3
Niall Greene
Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Ceapadh é i dtosach leis an mBord in Iúil 2012, athcheapadh é in Iúil 2015, agus arís in Iúil 2018.

Ballraíocht ar choistí


Ceapadh Niall ina Chathaoirleach leis an gCoiste Timpeallachta, Slándála, Sábháilteachta agus Sláinte i Nollaig 2012 agus tá sé ina bhall den Choiste Straitéiseach agus Bonneagair ó Shamhain 2015.

Taithí ghairme

Chuir Niall tús lena ghairm bheatha fhorleathan san eitleocht in Aer Lingus agus chuimsigh sé poist shinsearach GPA Group agus Seirbhísí Eitlíochta Caipitil GE. Tá eolas suntasach aige ar cheisteanna eitlíochta agus tá taithí aige i gcomhairle a chur ar eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus poiblí. Tá céim LLB agus LLM bainte amach ag Niall ó Ollscoil Luimnigh.

Ceapachán sheachtracha

Oibríonn Niall faoi láthair ar bhoird roinnt cuideachtaí eitlíochta maidir le cúrsaí airgeadais.



4
Patricia King
Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Ceapadh é i dtosach leis an mBord in Iúil 2012, athcheapadh é in Iúil 2015, agus arís in Iúil 2018.

Taithí ghairme

Is í Patricia Ard-Rúnaí Chomhdháil na gCeardchumann (CCC) – an bhrateagraíocht do cheardchumann in Éirinn agus ba Leas-Uachtarán í roimhe seo ar SIPTU. Tá taithí fhorleathan ag Patricia i réimse an chaidrimh thionsclaíoch ar leibhéal earnála agus náisiúnta araon in Éirinn. D'fhóin sí mar chomhalta boird ar Údarás RTE, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta agus Pobal.

Ceapachán sheachtracha

Comhalta boird í Patricia den Chomhairle Printseachta, an Coimisiún um Pá Íseal agus Bord na Seirbhísí Cúirte.

5
Marie Joyce
Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Eanáir 2020.

Ballraíocht ar choistí

Ceapadh Marie le Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Bhoird i bhFeabhra 2020 agus ceapadh í ina Cathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais i Márta 2020.

Taithí ghairme

Príomhoifigeach Airgeadais agus Stiúrthóir Boird ar NTR Plc í Marie, i ndiaidh gur chaith sí breis agus 16 bliana ag oibriú leis an ngrúpa i ról éagsúla chúnta POA agus poist éagsúla lábhainistíochta. Déanann NTR sócmhainní gaoithe agus gréine a fháil, a thógáil agus a oibriú ar fud lathar na hEorpa thar ceann infheisteoirí institiúide.

Sular thosaigh sí ag oibriú le NTR, bhí Marie ina Stiúrthóir Sinsearach ar Phleanáil Straitéiseach do Élan Corporation Plc agus ba Bhainisteoir Airgeadais Iniúcháireachta agus Chorpáidigh í roimhe sin ag Arthur Andersen. Tá sí ag oibriú faoi láthair ar Bhord Clár an MSc. sa Chéim Chuntasaíochta agus Anailísíochta Idirnáisiúnta ag OÉ, Gaillimh. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Bhord Make-A-Wish Ireland.



6
Ray Gammell
Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord
Eanáir 2020.

Ballraíocht ar choistí

Ceapadh Ray leis an gCoiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair agus le an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Timpeallachta i Márta 2020.

Taithí ghairme

Comhairleoir Straitéiseach Sinsearach é Ray le POF Ghrúpa Eitlíochta Etihad, agus thosaigh Ray ag oibriú le Etihad in 2009 mar Phríomhoifigeach Daoine agus Feidhmíochta, agus rinne sé straitéis daoine, a bhí dírithe ar chúrsaí tráchtála, a fhorbairt agus a stiúradh, a leag an bhunchloch faoin mbord a tháinig ar an nGrúpa. D'fhóin Ray freisin mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Ghrúpa Eitlíochta Etihad in 2017, sular ghlac sé le ról Príomhoifigeach Daoine agus Claochlaith. Mar Chomhairleoir Sinsearach le POF an Ghrúpa, stiúirann Ray an straitéis comhpháirtí gnáthscaire, agus déanann sé bainistíocht, go bunúsach, ar straitéis infheistíochta an Ghrúpa i measc roinnt mhaith aerlínte, anuas ar fhreagrachtaí eile straitéiseacha a chomhlíonadh. Is feidhmeannach domhanda é Ray agus tá taithí breis gus 30 bliain aige, a fuair sé go hidirnáisiúnta le Intel Corporation i SAM agus in Éirinn, Banc Rioga na hAlban, agus mar oifigeach i bhFórsaí Cosanta na hÉireanna, agus bhí poist feidhmeannaigh agus ar leibhéal boird aige i measc roinnt mhaith tionscal agus réigiún.

Tá céim Máistir bainte amach ag Ray i Staidéar Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá céim Baitsiléir Ealaíon bainte amach aige ó Choláiste na hOllscoile, Gaillimh. Is Comhalta Cairte é den Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra.



7

Colm McCarthy

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Ceapadh é i dtosach leis an mBord i bhFeabhra 2012, athcheapadh é i bhFeabhra 2015, agus arís in Aibreán 2017.

Ballraíocht ar choistí

Ó ceapadh é, d'fhóin Colm ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord daa agus ceapadh é leis an gCoiste Airgeadais i Márta 2016.

Taithí ghairme

D'oibrigh Colm ag an mBanc Ceannais, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (an ITES) agus le Sainchomhairleoirí Geilleagracha DKM. Tá eolas agus taithí fhadréimseach aige ar cheisteanna lena mbaineann beartas poiblí agus eacnamaíocht. Bhí sé mar chathaoirleach ar Ghrúpa Athbhreithnithe um Shócmhainní agus Dliteanais Stáit de chuid Rialtas na hÉireann agus an Grúpa Speisialta um Uimhreacha Seirbhíse Poiblí agus Clár Chaiteachais. Céimí é Colm leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Ollscoil Essex agus rinne sé léachtóireacht ag Ollscoil Idirnáisiúnta Dubrovnik agus an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

8

Paul Mehlhorn

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Eanáir 2018.

Ballraíocht ar choistí

Tá Paul ina bhall de Choiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Timpeallachta Bhord daa ó Fheabhra 2019.

Taithí ghairme

Thosaigh Paul ag oibriú leis an gcuideachta in 2003. Is Maoirseoir Scagtha Paisinéirí é ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tá taithí aige in oibríochtaí slándála aerfoirt. Ball é de cheardchumann SIPTU agus de Ghrúpa Stiúrthóirí Oibríthe Chomhdháil na gCeardchumann. Tá teastas bainte amach ag Paul i mbainistíocht chéad líne agus tá Diplóma sa tSláinte agus Sábháilteacht bainte amach aige.

Athcheapadh Paul leis an mBord in Eanáir 2018 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.



9

Karen Morton

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Eanáir 2020.

Ballraíocht ar choistí

Ceapadh Karen leis an gCoiste Bonneagair Straitéisigh i Márta 2020.

Taithí ghairme

Sainchomhairleoir Margaíochta Straitéisí i Karen. Bhí ról éagsúla aici le linn na ndéic mbliana a chaith sí ag oibriú in Dell, Príomhoifigeach Margaíochta Sheirbhíse Airgeadais Dell ina measc, agus bhí ról aici in British Airways, Eir agus Monster.com. Rinne Karen Lónra Ban in Éirinn de chuid Dell a stiúradh agus bhí sí mar bhall den Choiste Mná a Cheangal in TF ("Connecting Women in IT") i mBaile Átha Cliath. Is céimí i Karen ó Ollscoil Luimnigh.

Ceapachán sheachtracha

Oibríonn Karen faoi láthair ar bhoird Cheolfhoireann Aireagail na hÉireann agus Shábháilteacht Uisce na hÉireann agus iarchomhalta Boird i le Cumann Alumni Ollscoile Luimnigh.

10

Eric Nolan

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Ceapadh leis an mBord in Eanáir 2014 é i dtosach agus athcheapadh é in Eanáir 2018.

Taithí ghairme

Thosaigh Eric ag oibriú leis an gcuideachta in 2003 agus oibríonn sé sa tSeirbhís Phóilíní agus Dóiteáin ag Aerfort Chorcaí. Tá taithí aige ar oibríochtaí aerfoirt. Ball é de cheardchumann SIPTU agus de Ghrúpa Stiúrthóirí Oibríthe Chomhdháil na gCeardchumann. D'fhóin Eric i dtosach báire ar Bhord Údarás Aerfort Chorcaí ó Aibreán 2010 go Nollaig 2011. Tá Diplóma in Oibríochtaí Aerfoirt bainte amach ag Eric ó Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort.

Athcheapadh Eric leis an mBord in Eanáir 2018 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.



11

Joseph O'Sullivan

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Feabhra 2020.

Taithí ghairme

Thosaigh Joseph ag oibriú leis an gcuideachta in 2010 agus tá post Oifigeach Slándála aige ag Críochfort 2 in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá taithí aige ar oibríochtaí aerfoirt. Ball é de cheardchumann SIPTU agus de Ghrúpa Stiúrthóirí.

Athcheapadh Paul leis an mBord in Eanáir 2020 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

12

Risteard Sheridan

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Mheán Fómhair 2018.

Ballraíocht ar choistí

Ceapadh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca é i Samhain 2018. Ceapadh Marie le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an Bhoird i bhFeabhra 2020 agus ceapadh i ina Cathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais i Márta 2020.

Taithí ghairme

Is é Risteárd an Príomhoifigeach Comhlíontacháin agus an Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí do AerCap faoi láthair, ceannaire domhanda in aerárthaí a léasú agus airgeadas eiltíochta, agus an t-úinéir is mó ar aerárthaí tráchtála ar domhan. Tá taithí shuntasach aige ar chomhairle a thabhairt agus tuairisciú leis na boird, coistí iniúchóireachta agus bainistíocht shinsearach ilnáisiúnach agus comhlachtaí tráchtála leathstáit ar rialachas, tuairisciú airgeadais agus ceisteanna rialaithe agus próisis. Baineadh an taithí seo amach go mór mór fad a bhí sé ag oibriú leis na gnóthais seirbhíse gairmiúla KPMG agus EY. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar an gCoiste Bainistíochta Riosca agus Iniúchóireachta Inmheánaí.

Céimí é Risteárd le UCD agus Comhalta é le Cuntasóirí Cairte Éireann (CCÉ).



13

Denis Smyth

Stiúrthóir

Ceapachán leis an mBord

Ceapadh leis an mBord in Eanáir 2014 é i dtosach agus athcheapadh é in Eanáir 2018.

Ballraíocht ar choistí

Ceapadh Denis leis an gCoiste Timpeallachta, Slándála, Sábháilteachta agus Sláinte i Márta 2014 agus leis an gCoiste Airgeadais i Márta 2016.

Taithí ghairme

Thosaigh Denis ag oibriú leis an gCuideachta i 1979 agus tá post Bainisteoir Dualgas Aerfoirt aige faoi láthair. Tá taithí aige ar oibríochtaí aerfoirt. Ball é de cheardchumann SIPTU agus de Ghrúpa Stiúrthóirí Oibríthe Chomhdháil na gCeardchumann. Tá diplómaí bainte amach ag Denis i mbainistíocht Oibríochtaí Aerfoirt agus i mbainistíocht Slándála.

Athcheapadh Denis leis an mBord in Eanáir 2018 é faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001.

Foireann bhainistíochta feidhmiúcháin

Nicholas Cole

Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, daa
Idmáisiúnta (níl sé sa
phictiúr)

Taithí ghairme

Thosaigh Nicholas ag oibriú le daa mar Bhainisteoir Ginearálta, Críochfort 5, Aerfort Idmáisiúnta Rí Khalid, Riyadh, an Araib Shádach in 2017. Sular thosaigh sé ag oibriú leis an gcuideachta, bhí roinnt ról aige san earnáil eitleachta sa Ríocht Aontaithe agus sa Mheánoirthear. Áiríodh leo seo Críochfort 5 ag Aerfort Heathrow a stiúradh, Clár Ollimpí Londain 2012 a sholáthar agus ceannas a ghlacadh ar Dhearachd agus Oibríochtaí Críochfoirt in Aerfort Muscat agus Salalah in Oman. Ghlomhaigh sé freisin mar Chomhairleoir an Choiste Ollimpigh Idmáisiúnta le haghaidh Chluichí Rio 2016 agus PyeongChang 2018. Ceapadh é ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar daa Idmáisiúnta in 2019 agus tá freagracht air as na seirbhísí comhairleacha thar lear, conarthaí bainistíochta agus lamháltais an ghnólaigh a stiúradh. Tá sé ina chéimí leis an Acadamh Mileata Ríoga in Sandhurst agus tá céim bainte amach aige i Staidéar Gnó ó Ollscoil Solent.

Ray Hernan

Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, ARI

Taithí ghairme

Thosaigh Ray ag oibriú le daa i Lúnasa 2018 mar Phríomhoifigeach Meannach, ARI. I measc na ról a bhí aige roimhe seo, bhí Príomhoifigeach Meannach, Bus Éireann, Príomhoifigeach Meannach ar an miondioltóir Éireannach, Arnotts, agus Stiúrthóir Airgeadais le Selfridges sa Ríocht Aontaithe. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais freisin sa mhiondioltóir earraí só, Brown Thomas Group agus chaith sé deich mbliana ag oibriú mar Stiúrthóir Airgeadais ag Ryanair. Is Comhalta é Ray le Cuntasóirí Cairte Éireann agus tá céim B.Comm bainte amach aige ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Louise Bannon

Ceann Margaíochta,
Aerfort Bhaile Átha
Cliath

Taithí ghairme

Thosaigh Louise ag oibriú le daa mar Cheann Margaíochta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2006, i ndiaidh di ról bhainistíochta sinsearaí a bheith aici in dhá cheann de phríomhfhóntais na hÉireann; Eir agus Electric Ireland. Tá freagracht fhorimlán uirthi as clár mhargaíochta tomhaltóirí agus B2B/Comhpháirtithe anuas ar fheidhm fhorleathan thaighde agus phleanála custaiméirí. Tá taithí 20 bliain ag Louise ar ról mhargaíochta agus bhainistíochta táirge, atá dírithe ar forbairt agus cur i bhfeidhm straitéis atá faoi stiúir custaiméirí a chur chun cinn i dtimpeallachtaí casta seirbhíse do chustaiméirí. Is iar-uachtarán í ar Chumann Lucht Fógraíochta in Éirinn agus tá sí ina ball go fóill den chomhairle rialaithe. Tá BSc sa Mhargaíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus MBS ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath bainte amach ag Louise.

Brian Drain

Príomhoifigeach Daoine

Taithí ghairme

Thosaigh Brian ag oibriú leis an Roinn Airgeadais in Aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1989 agus i ndiaidh dó ról a bheith aige i bhfeidhmeanna tráchtála, miondiola, oibríochtaí aerfoirt agus TF an ghnólaigh, iasachtaí ina measc san Astráil, i Meiriceá Thuaidh agus i mór-roinn na hEorpa, agus ceapadh é mar Phríomhoifigeach Daoine daa in 2018. Roimhe seo, ba Bhainisteoir Ginearálta, Oibríochtaí é le haghaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá freagracht air as rannpháirtíocht fostaithe a chur chun cinn agus as straitéis daoine a fhorbairt a chuireann ar chumas an ghnólaigh chun a chuspóirí a bhaint amach. Céimí é le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, is Cuntasóir Bainistíochta cáilithe é, agus tá MSc i mBainistíocht Gnó bainte amach aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Maurice Hennessy

Príomhoifigeach
Faisnéise agus
Oibríochtaí Slándála

Taithí ghairme

Thosaigh Maurice ag oibriú le daa mar Cheann Airgeadais agus Pleanála Gnó an Ghrúpa in 2007. D'oibrigh sé roimhe seo le heagraíochtaí ilnáisiúnta i SAM, bhí sé ina Leas-Uachtarán/Rialaitheoir Corparáideach le Global Crossing agus bhí ról bhainistíochta éagsúla aige le Analog Devices ina measc. Ceapadh é ina Phríomhoifigeach Faisnéise in 2014 agus lena ról Slándála ról in 2017. Bhí sé ina Stiúrthóir Tráchtála roimhe seo do daa. Tá freagracht air as straitéis TF an Ghrúpa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na feidhmeanna pleanála agus oibríochtaí slándála go léir d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, tá freagracht air as Tionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhain sé cáilíocht amach le PricewaterhouseCoopers agus is Comhalta é le Cuntasóirí Cairte Éireann.

Marion O'Brien

Príomhoifigeach
Straitéis agus
Rialachais

Taithí ghairme

Ceapadh Marion ina Príomhoifigeach Straitéis agus Rialachais in 2018 agus tá sí ina Rúnaí Cuideachta ar an nGrúpa agus is stiúrthóir í, chomh maith, ar roinnt focuideachtaí de chuid daa. Bhí sí ina Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha agus ina Rúnaí Cuideachta ar an nGrúpa roimhe seo agus bhí roinnt ról shinsearaigh airgeadais aici roimhe sin in daa, Ceann Airgeadais Chorpáraidigh an Ghrúpa agus Ceann Airgeadais in Aerfort Bhaile Átha Cliath ina measc. Sular thosaigh sí ag oibriú le daa d'oibrigh sí i ról airgeadais sna hearnálacha agraibhia agus oideachais. Tá sí freagrach ina ról reatha as maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmeanna DLI, Rialachais, agus Straitéis daa. Is Comhalta í le Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte agus tá BA bainte amach aici ó Ollscoil Luimnigh chomh maith le MBS ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.



Dalton Philips

Príomhfheidhmeannach, Grúpa daa

Taithí ghairme

Thosaigh Dalton ag oibriú le daa mar Phríomhfheidhmeannach an Ghrúpa in 2017. Sular thosaigh sé ag oibriú leis an gcuideachta, áiríodh leis na ról a bhí aige Príomhfheidhmeannach ó 2010 go 2015 ar Wm Morrison plc., an ceathrú slabhra ollmhargái is mó sa Ríocht Aontaithe; Príomhoifigeach Oibriúcháin an mhiondíoltóra Cheanadaigh Loblaw Companies agus Príomhfheidhmeannach ar an miondíoltóir earraí só, Brown Thomas Group (Éire). Chuir sé tús lena ghairm bheatha le Jardine Matheson, agus bhí ról aige sa Nua-Shéalainn, san Astráil agus sa Spáinn. Chaith sé seacht mbliana, ina dhiaidh sin, ag oibriú le Walmart sa Bhraisail agus sa Ghearmáin. Ba Chomhairleoir Sinsreach é, chomh maith le Boston Consulting Group, gnóthas sainchomhairleoireachta domhanda bainistíochta. Tá an Phortaingéilís agus an Spáinnis aige agus tá

ceadúnas píolóta phríobháidigh aige. Comhalta boird é le Comhairle Aerfort Idirnáisiúnta na hEorpa agus le Cónaidhm Ghnólaigh agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC). Bhain sé Céim BA amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus MBA ó Ollscoil Harvard.

Niall MacCarthy

Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort Chorcaí (níl sé sa phictiúr)

Taithí ghairme

Thosaigh Niall ag oibriú le daa mar Bhainisteoir Córais Airgeadais an Ghrúpa in 2000. Sular thosaigh sé ag oibriú leis an gcuideachta, ba Bhainisteoir Córais Airgeadais an Ghrúpa é le Dunnes Stores. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort Chorcaí in 2012, áit a ndearna sé an t-aisiompú sa ghnólaigh a stiúradh. Ba Cheann Seirbhíse Paisinéirí é roimhe seo ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ba Bhainisteoir Ginearálta é ar Fhaisnéis agus Córais Ghnó do daa. Tá sé ina Leas-Chathaoirleach ar Choiste Aerfort Réigiúnach Chomhairle Aerfort Idirnáisiúnta na hEorpa a dhéanann ionadaíocht do 400 aerfort réigiúnacha na

hEorpa. Is Comhalta é Niall le Cuntasóirí Cairte Éireann agus bhain sé cáilíocht amach i dtosach i gcleachtas i mBaile Átha Cliath.

Ray Gray

Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa

Taithí ghairme

Thosaigh Ray ag oibriú le daa mar Phríomhoifigeach Airgeadais i 1999 ó PricewaterhouseCoopers (PwC), áit a raibh sé ina chomhpháirtí agus ina cheann tíre do roinnt eamálacha. I rith na 18 mbliana a chaith sé le PwC, chaith sé tréimhsí freisin ar iasacht leis an Roinn Airgeadais agus le Thomson Corporation (tugtar Thomson Reuters anois air) i Londain. Tá freagracht air as feidhmeanna Airgeadais, Soláthair agus Seirbhíse Comhroinnte ag daa anuas ar infheistíochtaí aerfort idirnáisiúnta. Is ball dé de Bhord Maoirseachta Aerfort Düsseldorf, is Cathaoirleach é ar CTC-ARI Airports Limited Saor ó Dhleacht Aerfort na Cipire) agus is stiúrthóir é ar roinnt focuideachtaí eile de chuid Ghrúpa daa. Is Comhalta é le Cuntasóirí Cairte Éireann agus is ball é de Bhord Chomhairleach na hOifige Náisiúnta um Sheirbhíse Comhroinnte.

Paul O'Kane

Príomhoifigeach Cumarsáide

Taithí ghairme

Thosaigh Paul ag oibriú le daa mar Bhainisteoir Cumarsáide do Chlár Forbartha an Aerfort in 2006. Ceapadh é ina Phríomhoifigeach Cumarsáide in 2010. Sular thosaigh sé ag oibriú leis an gcuideachta, chaith sé 15 bliana mar thuairisceoir agus eagarthóir nuachtáin, ról ina measc le The Sunday Tribune mar Eagarthóir Gnó agus Leas-Eagarthóir Gnó, agus le The Irish Times mar Thuairisceoir Gnó. Tá sé freagrach as gach cumarsáid sheachtrach agus inmheánach ag daa. Bhain Paul BA amach sa Nua-Stair agus Polaitíocht ó Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus bhain sé MA amach san Iriseoireacht ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is iar-Chathaoirleach é ar Fhóram Cumarsáide Digiti Chomhairle Aerfort Idirnáisiúnta na hEorpa.

Miriam Ryan

Ceann Straitéise an Ghrúpa, daa

Taithí ghairme

Thosaigh Miriam ag oibriú le Roinn Caidrimh Phoiblí daa i 1989. I ndiaidh go raibh ról aici i bhfeidhmeanna Margaíochta, Gnóthaí Tionscail agus Rialála Geilleagraí an ghnólaigh, ceapadh í mar Cheann Straitéise Ghrúpa daa in 2010, agus bhí freagracht uirthi as an bpróiseas planála straitéise a stiúradh agus a bhainistiú sa ghnólaigh a tionchar a imirt ar shaincheisteanna beartas eitiúla a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus AE. Ghlac sí le freagracht, chomh maith, in 2015 as Ceann Páirtithe Leasmhara do Thionscadal an Rúidbhealaigh Thuaidh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ceapadh í ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar daa in 2019. Tá BA bainte amach ag Miriam i Staidéar Cumarsáide ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus is céimí í le hInstitiúid Mhargáíochta na hÉireann agus le Foras Bainistíochta na hÉireann agus Iar-Chathaoirleach í le Coiste Eacnamaíochta Chomhairle Aerfort Idirnáisiúnta na hEorpa.

Vincent Harrison

Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort Bhaile Átha Cliath

Taithí ghairme

Thosaigh Vincent ag oibriú le daa san fheidhm Airgeadais in 2005. Sular thosaigh sé ag oibriú leis an gcuideachta, bhí poist airgeadais agus bainistíochta sinsearaí aige le Rubbermaid san Eoraip agus i SAM agus le Esat/BT in Éirinn. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2014. Bhí sé ina Stiúrthóir ar Straitéis, Rialáil agus B2B roimhe seo. Tá céim MBA bainte amach ag Vincent ó Ollscoil Pittsburgh agus céim B.Comm ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Is Comhalta é le Cuntasóirí Cairte Éireann agus tá sé cáilithe mar Chuntasóir Cairte le Arthur Andersen.

Catherine Gubbins

Stiúrthóir Airgeadais, daa


Taithí ghairme

Ceapadh Catherine ina Stiúrthóir Airgeadais i Márta 2019, i ndiaidh gur thosaigh sí ag oibriú le Grúpa daa mar Rialtóir Airgeadais an Ghrúpa i Nollaig 2014. D'oibrigh Catherine roimhe seo ag PricewaterhouseCoopers ar feadh 17 mbliana dhéag agus is Comhalta í le Cuntasóirí Cairte Éireann. Tá Catherine freagrach as tuairisciú airgeadais agus as planáil agus anailís airgeadais ar fud an Ghrúpa, chomh maith le Cistíocht, Cánachas agus an tIonad Seirbhíse Comhroinnte a oibriú. Tá príomhfheidhmeannach ar Catherine freisin as bainistíocht a dhéanamh ar chaidreamh idir príomhpháirtithe leasmhara seachtracha airgeadais, le hiasachtóirí, comhpháirtithe baincéireachta agus ár ngníomhaireacht rátaála ina measc.



Ár struchtúr rialachais

Is cuideachta stáit tráchtála é daa. Leagtar amach príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa i dTuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanach 77.



Tuarascáil ar rialachas

Leagtar amach sa tuarascáil Rialachais seo struchtúr rialachais daa agus tugtar chun solais ann na príomhlíonmístéir ar ar dhírigh an Bord i rith 2019. D'eisigh Príomh-Scairshealbhóir na Cuideachta, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('an Cód Cleachtais') i Lúnasa 2016, agus leagtar amach ann na príonsabail rialachais chorpáraidigh a bhfuil ar bhoird chomhlachtaí stáit cloí leo. Comhlíonann daa an Cód Cleachtais ar gach bealach ábhartha. Anuas air sin, i gceisteanna rialachais chorpáraidigh, thug an chuideachta aird ar chreataí aitheanta, ar nós Chód Rialachais Chorpáraidigh an RA ('an Cód Rialachais Chorpáraidigh') agus Iarscríbhinn Rialachais Chorpáraidigh na hÉireann chun a gealltanais a shásamh maidir le leanúint le hardchaighdeán rialachais chorpáraidigh agus iompair gnó a bhaint amach.

Struchtúr an Bhoird agus ceapacháin leis an mBord

Leagtar amach struchtúr rialachais an Bhoird ar an leathanach roimhe seo.

Forordaítear struchtúr an Bhoird i reacht agus leagtar amach é san Acht Aerloingseoireachta agus Aeríompair (Leasú), 1998 ('Acht 1998'), arna leasú ag na hAchtanna um Aerfoirt Stáit, 2004 agus 2014. Líontar folúntais Bhoird i gcomhréir le Treoirínte maidir le Ceapacháin le Boird Stáit.

Foráiltear an méid seo a leanas sa reachtaíocht;

- Ní bheidh níos mó ná triúr déag Stiúrthóirí i líon na Stiúrthóirí;
- Déanfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ('an Scairshealbhóir') gach Stiúrthóir (an Cathaoirleach ina measc) a cheapadh (nó bhaint ón oifig) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ('an Príomh-Scairshealbhóir') ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana agus beidh sé nó sí incháilithe d'athcheapachán.
- Ceapfaidh an Scairshealbhóir ceathrar de stiúrthóirí na Cuideachta ('na Stiúrthóirí Tofa') i ndiaidh próiseas toghcháin foirne, faoi mar a fhoráiltear faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001 ('na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre'); ceaptar na Stiúrthóirí siúd ar feadh tréimhse ceithre bliana agus bíonn siad incháilithe le haghaidh atoghcháin.
- Stiúrthóir ex officio na Cuideachta a bheidh sa Phríomhfheidhmeannach ('an POF');
- Déanann an Scairshealbhóir cinntí i dtaca le ceapadh agus athcheapadh Stiúrthóirí agus folúntais Bhoird a líonadh (seachas,

i ngach cás, an POF agus Stiúrthóirí Tofa) i gcomhréir le socruithe bunaithe do cheapacháin le boird Stáit;

- Ról ar leith atá i ról an Chathaoirleach agus an POF.

Ról an Bhoird

Cuireadh cuspóirí agus tosaíochtaí an Scairshealbhóra in iúl don Bhord trí, i measc rudaí eile, an Beartas Eitlíochta Náisiúnta agus Litir Ionchas Scairshealbhóra a chur le chéile. Trí theagmháil rialta a dhéanamh le ranna ábhartha Rialtais, leanann an Bord agus an bhainistíocht le tuairisciú agus dialóg leanúnach a dhéanamh leis an Scairshealbhóir maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus ceisteanna lena mbaineann tábhacht don Scairshealbhóir. Bhunaigh an Bord nósanna imeachta lena chinntiú go mbíonn tuiscint ag comhaltaí Bhoird ar dhearccháin an Scairshealbhóra. Baintear seo amach trí chruinnithe faisnéise a chur ar fáil do Stiúrthóirí a sholáthraíonn an Cathaoirleach, a leanann le dialóg rialta a dhéanamh, i dtéannta an POF, leis an Scairshealbhóir agus le hoifigigh na Roinne.

Tá an Bord freagrach as cultúr na heagraíochta a chruthú agus gníomhaíochtaí an Ghrúpa a stiúradh. Is é ról an Bhoird ceannaireacht agus treorú a sholáthar don Ghrúpa laistigh de chreat de rialuithe stuama agus éifeachtacha a chumasaíonn riosca a mheasúnú agus a bhainistiú. Chuir an Bord struchtúr rialachais chorpáraidigh i bhfeidhm a dhéanann soláthar do mhaoirseacht chuig ar leibhéal boird agus do thoscaireacht a bhainistiú.


Sásaíonn an Bord dó féin gur leor na rialuithe le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus rialachais a bhaint amach.

Tá sceideal foirmiúil ceisteanna á fhorchoimeád ag an mBord go ndéanfaidh sé cinneadh orthu. Áirítear leo seo:

- straitéis, buiséad bliantúil agus Ráitis Airgeadais Ghrúpa daa a fhaomhadh;
- measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh straitéise agus an bhuiséid;
- an POF a cheapadh;
- beartas ar chinntiúchán a dhéanamh ar luach saothair na bainistíochta sinsearaí;
- bainistíocht riosca; agus
- caiteachas caipitiúil mór agus cinntí infheistíochta.


Léirítear sna cairteacha thíos comhdhéanamh an Bhoird amhail an 20 Márta 2020.

Miondealú de réir inscne




● Fir
● Mná

Miondealú de réir tionachta



● Níos lú ná 1 bhliain
● 1-5 bliana
● Níos mó ná 5 bliana

Miondealú de réir saineolais



● Eitlíocht
● Airgeadas
● AD/CT
● Dlí
● Gnó, Margaíocht agus Eacnamaíocht
● Miondiól

Róil agus freagrachtaí

Cathaoirleach – Basil Geoghegan

- déanann sé an Bord a stiúradh agus tá sé freagrach as gnó an Bhoird a eagrú agus a éifeachtacht i ngach gné dá ról a chinntiú;
- bíonn súil leis go léiríonn sé ardchaighdeán iomláine agus mhacántachta a thaispeáint agus ionchais maidir le cultúr, luachanna, agus iompar agus ton an phlé ar leibhéal Boird a leagan amach;
- éascaíonn sé rannchuidiú éifeachtach Stiúrthóirí agus cinntíonn sé go dtugtar faisnéis chruinn, thráthúil agus shoiléir do Stiúrthóirí; agus
- bainistíonn sé cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leis an Scairshealbhóir.

An POF – Dalton Philips

- tá sé freagrach as an ngnólacht a bhainistiú agus as straitéis agus beartas an Ghrúpa a chur i bhfeidhm; agus
- déanann sé an Fhoireann Feidhmiúcháin a stiúradh.

Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach¹

- cuireann sé bord fiosrúcháin ar fáil don Chathaoirleach;
- feidhmíonn sé mar idirghabhálaí do na Comhaltaí Boird eile, nuair is gá; agus
- éascaíonn sé cruinniú bliantúil na gcomhaltaí Boird chun feidhmíocht an Cathaoirligh a bhreithmheas go ginearálta.

Rúnaí na Cuideachta – Marion O'Brien

- cinntíonn sí go dtugtar faisnéis don Bhord ar bhealach tráthúil lena chinntiú go ndéantar breithniú iomlán agus ceart ar shaincheisteanna;
- tá sí freagrach as baill nua a ionduchtú go foirmiúil;
- tá sí freagrach as comhairle a chur ar fáil faoi agus tuairisciú a dhéanamh ar cheisteanna rialachais; agus
- cinntíonn sí go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird.

1 Ba stiúrthóir neamhspleách sinsearach é Gerry Walsh go dtí gur éag a théarma oifige an 1/1/2020.

Feidhmíocht agus éifeachtacht an Bhoird

Gníomhaíonn an Bord ar bhonn atá go hiomlán feasach agus eiticiúil, le dea-intinn, le dícheall agus chun sárleasa an Chomhlachta, agus an aird mar is cuí á tabhairt ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí a leagann an Scairshealbhóir amach. Tugtar an deis do gach comhalta Boird chun cur go hiomlán le breithniúcháin an Bhoird agus chun dúshlán cuiditheach a sholáthar, agus cosnaítear in aghaidh tionchar iomarcach a bheith á imirt ag comhalta aonair amháin nó níos mó ar chinnteoireacht an Bhoird.

Cuirtear faisnéis rialta ar fáil don Bhord, lena n-áirítear príomhfaisnéis feidhmíochta i measc gach gné de ghnó an Ghrúpa. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na Stiúrthóirí ar bhealach tráthúil chun ullmhú do chruinnithe Boird agus coiste. Cuireann faisnéis leis na páipéir seo a iarrann na Stiúrthóirí go sonrach ó thráth go chéile. Cuirtear faisnéis bhainistíochta agus airgeadais ar fáil do na Stiúrthóirí go léir a chuireann ar a gcumas feidhmíocht an Ghrúpa agus na bainistíochta in aghaidh cuspóirí lena comhaontaíodh.

Tá meascán scileanna agus taithí ag na Stiúrthóirí i limistéir na heitlíochta, an airgeadais, an dlí, na heacnamaíochta, an ghnó, na margaíochta, an mhiondíola agus chaidrimh thionsclaíoch. Cuireann na scileanna seo an inniúlacht riachtanach ar fáil don Bhord chun dul i ngleic leis na dúshláin mhóra bhíonn roimh an nGrúpa. Baineann na Stiúrthóirí leas as a dtaithe agus eolas chun straitéis a fhorbairt agus úsáideann siad a réimse éagsúil scileanna chun dúshlán cuiditheach a chur roimh cheisteanna lena

mbaineann tábhacht straitéiseach don Ghrúpa. Cuirtear taithí eolas Stiúrthóirí san áireamh, chomh maith, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh faoi riachtanais agus ballraíocht na gcoistí Boird.

Tá an Bord sásta gur leor a mhéid agus a struchtúr, faoi mar a fhorordaítear sa reachtaíocht, agus go mbaineann sé cothromaíocht ionadaíochta amach ar an mBord. I rith 2019, bhí dhá fholúntas ar an mBord agus tháinig an tríú folúntas aníos an 1 Eanáir 2020 nuair a d'éag téarma oifige Gerry Walsh. Rinne daa teagmháil leis an Scairshealbhóir maidir leis na folúntais seo a líonadh a fógraíodh ar thairseach na mBord Stáit atá á oibriú ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí. I ndiaidh próiseas earcaíochta agus roghnaithe, cheap an Scairshealbhóir an tUasal Raymond Gammell, an tUasal Marie Joyce agus an tUasal Karen Morton leis an mBord le héifeacht ón 23 Eanáir 2020. D'éirigh an tUasal Barry Nevin as an mBord an 24 Eanáir 2020 agus i gcomhréir leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Saothair, cheap an Scairshealbhóir an tUasal Joseph O'Sullivan leis an mBord le héifeacht ón 24 Feabhra 2020 chun teacht in ionad an Uasail Barry Nevin.

Meastóireacht an Bhoird

Lorgaíonn an Bord chun feabhas leanúnach a chur ar a éifeachtacht agus tugann sé faoi mheastóireacht ar a fheidhmíocht ar bhonn rialta. Tugadh faoi mheastóireacht bhoird a éascaíodh go seachtach in 2019 chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus éifeachtacht an Bhoird agus a dhá choiste, an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca agus an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Timpeallachta. Ar aon dul le caighdeán dea-chleachtais i rialachas, áiríodh leis na limistéir ina ndearnadh measúnú ar fheidhmíocht, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach, bainistíocht páirtithe leasmhara, ionchais scairshealbhóra, comhdhéanamh agus pleanáil comharbais an Bhoird, cleachtas an tseomra boird agus feidhmíocht choistí.

Bronnadh ardráta ar fheidhmíocht an Bhoird agus na gcoistí agus ní rabhtas le dul i ngleic le haon saincheisteanna ábhartha.

Neamhspleáchas Stiúrthóirí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí agus Rúnaí na Cuideachta i scaireanna nó stoc íasachta na Cuideachta nó iontu siúd dá bhfochuideachtaí ag aon tráth i rith na bliana nó sa bhliain airgeadais roimhe sin. Measann an Bord go bhfuil na Stiúrthóirí go léir neamhspleách i dtaobh carachtair agus breithiúnais.

Conarthaí fostaíochta: Agus aird ar na critéir neamhspleáchais faoi mar a leagtar amach sa Chód Rialachais Chorporáidigh, measann an Bord nach féidir a mheas go bhfuil an POF agus an ceathrar Stiúrthóirí Tofa, a bhfuil conarthaí fostaíochta acu leis an gCuideachta, neamhspleách.

Leasanna eile: Féadfaidh stiúrthóireachtaí nó poist feidhmiúcháin a bheith ag comhaltaí den Bhord, ar uairibh, nó féadfaidh leasanna a bheith acu i gcuideachtaí tríú páirtí, eagraíochtaí ceardchumainn ina measc, ar féidir le roinnt díobh (nó a gcleamhnaithe), i ngnáthchúrsa an ghnó, tabhairt faoi idirbhearta amach ón nGrúpa. Cuirtear Nochtadh ar fáil, faoi mar a theastaíonn, i Nóta 29 (Nochtadh Páirtí Ghaolmhair) de na Ráitis Airgeadais, ar idirbhearta ábhartha páirtí ghaolmhair nuair a bhíonn leas ábhartha ag Stiúrthóirí san aonán ábhartha. I gcomhréir le dlí cuideachtaí, líontar sonraí faoi stiúrthóireachtaí atá ag comhaltaí an Bhoird san Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Feidhmeannach é an tUasal Raymond Gammell, comhalta den Bhord, le Etihad Airways, custaiméir le daa. Nochtadh post an Uasail don Scairshealbhóir sular ceapadh é agus rinne an Scairshealbhóir breithniú ar an bpost sin.

Nósanna imeachta an Bhoird: Tá nósanna imeachta ar leith ag an mBord chun déileáil le coimhlintí leasa féideartha a d'fhéadfadh teacht chun solais.

Ceanglaítear ar Stiúrthóirí, i gcomhréir le forálacha alt 34 d'Acht 1998 agus leis an gCód Cleachtais, chun aon leas ábhartha a nochtadh agus gan páirt a ghlacadh i bplé an Bhoird nuair a bhíonn leas díreach nó indíreach acu.

Tá téarmaí agus coinníollacha ceapacháin Stiúrthóirí ar fáil lena n-iniúchadh ar iarraidh.

Teacht ar chomhairle ghairmiúil

Bíonn teacht ag na Stiúrthóirí go léir ar chomhairle agus seirbhísí Rúnaí na Cuideachta, atá freagrach leis an mBord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Bíonn comhairleoirí gairmiúla na Cuideachta ar fáil don Bhord, faoi mar a theastaíonn. Is féidir le Stiúrthóirí aonair glacadh le comhairle neamhspleách ghairmiúil comhairle, ar aon dul le nósanna imeachta na Cuideachta, agus is gá don Chuideachta íoc as seo.

Ionduchtú, Oiliúint agus Forbairt Stiúrthóirí

Ar a gceapadh, cuirtear cáipéisí mionsonraithe faisnéisithe agus faisnéis faoi rialachas, airgeadas agus cúrsaí oibríochtúla ar fáil do Stiúrthóirí, chomh maith leis an deis go ndéanfaidh feidhmeannaigh faisnéis a thabhairt dóibh ar na gnéithe éagsúla de ghnó an Ghrúpa.

Bíonn teacht ag stiúrthóirí ar chlár oiliúna agus leantar le riachtanais leanúnacha forbartha Stiúrthóirí a athbhreithniú.

Luach saothair na stiúrthóirí

Déanann an Scairshealbhóir cinneadh faoi na táillí le haghaidh Stiúrthóirí, le toiliú an Phríomh-Scairshealbhóra. Déantar cinneadh faoi luach saothair an POF i gcomhréir leis na socrúithe a d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i dtaobh cinneadh a dhéanamh ar luach saothair POFanna Comhlachtaí Stáit Tráchtála atá faoina coimirce agus

socraíonn an Coiste Ainmnithe agus Luach Saothair é, i gcomhar leis an Scairshealbhóir agus le faomhadh an Phríomh-Scairshealbhóra.

Ar aon dul leis an gCód Cleachtais, níl ach táille amháin le hóc le Stiúrthóir maidir le seirbhís a cuireadh ar fáil ar an bPríomh-Bhord agus ar Bhoird fochomhlachtaí nó comhlachtaí comhlachaithe, nuair is infheidhme. Níl aon táille Stiúrthóra le hóc leis an POF as seirbhís a sholáthar ar an mBord. Ní íoctar aon luach saothair breise maidir lena stiúrthóireachtaí le feidhmeannaigh na Cuideachta a d'fhéadfadh fónamh ar Bhoird fochuideachta nó chuideachtaí comhlachaithe. Íoctar luach saothair ar leith le Stiúrthóirí Tofa, a n-íoctar táille leo dá seirbhísí mar Stiúrthóir, le haghaidh seirbhísí a soláthraíodh don Chuideachta faoina ngáthchonarthaí fostaíochta.

Leagtar amach sonraí faoi tháillí agus luach saothair Stiúrthóirí, iad siúd de chuid an POF ina measc, i Nóta 7 leis na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 2014 agus an Cód Cleachtais.

Coistí an Bhoird

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is éard atá i measc choistí an Bhoird ná an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca, an Coiste Airgeadais, an Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Timpeallachta, an Coiste Ainmnithe agus Luach Saothair agus an Coiste Bonneagair Straitéisigh. Leagtar amach na freagrachtaí ar leith a tharmilgítear do na Coistí Boird sin ina dTearmaí Tagartha. I ndiaidh cruinnithe, déanann na coistí tuairisciú leis an mBord maidir leis na saincheisteanna atá laistigh dá sainchúram.

Leagtar amach freastal ball ar chruinnithe an choiste sa tábla 'Freastal ar Chruinnithe Coiste an Bhoird i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019' sa mhír dar teideal 'Cruinnithe' thíos. Tá na téarmaí tagartha do na coistí ar fáil ó Rúnaí na Cuideachta ar iarraidh.

Cruinnithe

Cuirtear cruinnithe rialta den Bhord ar bun i rith na bliana féilire. Chas an Bord go foirmiúil naoi n-uaire i rith 2019. Anuas air sin, bhí roinnt cruinnithe coiste ar bun.

Freastal ar chruinnithe Boird agus coiste i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019

Stiúrthóir	Bord	Iniúcháireacht agus Riosca	Sláinte, Sábháilteacht, Slándáil agus Timpeallacht	Ainmniú agus Luach Saothair	Bonneagair Straitéiseach
Basil Geoghegan					
Niall Greene					
Patricia King					
Colm McCarthy					
Paul Mehlhorn					
Barry Nevin ¹					
Eric Nolan					
Dalton Philips					
Risteard Sheridan					
Denis Smyth					
Gerry Walsh ²					

Léiríonn figiúirí a bhfuil dath glas dorchá orthu an líon cruinnithe ar fhreastail Stiúrthóirí orthu i rith na bliana. Léiríonn figiúirí a bhfuil dath liath dorchá orthu an líon cruinnithe Boird agus coiste ábhartha nár fhreastail Stiúrthóirí orthu.

1 D'éirigh an tUasal Barry Nevin as bheith ina Stiúrthóir an 24 Eanáir 2020 agus i gcomhréir leis na hAchtanna um Páirteachas Lucht Saothair, cheap an Scairshealbhóir an tUasal Joseph O'Sullivan leis an mBord le héifeacht ón 24 Feabhra 2020 chun teacht in ionad an Uasail Barry Nevin.

2 Ba stiúrthóir neamhspleách sinsearach é Gerry Walsh go dtí gur éag a théarma oifige an 1 Eanáir 2020.

Cheap an scairshealbhóir an tUasal Raymond Gammell, an tUasal Marie Joyce agus an tUasal Karen Morton leis an mBord an 23 Eanáir 2020.

Léargas ginearálta ar an gCoiste

Tá struchtúr éifeachtach coiste ag an mBord chun cabhrú leis a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh.



An Coiste Sláinte, Sábháilteachta, Slándála agus Timpeallachta

Comhaltaí	Ceaptha le Coiste
Niall Greene, Cathaoirleach	Nollaig 2012
Paul Mehlhorn	Aibreán 2019
Denis Smyth	Márta 2014
Raymond Gammell	Márta 2020

D'éirigh Barry Nevin as an gCoiste an 24 Eanáir 2020. Agus a ról á chomhlíonadh, d'athbheithnigh an Coiste na struchtúir eagraíochta atá i bhfeidhm chun éifeacht a bhronnadh ar chórais chomhlíonta sláinte, sábháilteachta, slándála agus timpeallachta daa. Déanann sé athbheithniú agus monatóireacht ar mhéadracht feidhmíochta, glacann sé le tuarascálacha teagmhais agus déanann sé monatóireacht ar na próisis atá i bhfeidhm d'oliúint agus chun beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl. Ceapadh Raymond Gammell leis an gcoiste an 20 Márta 2020.



An Coiste Ainmnithe agus Luach Saothair

Comhaltaí	Ceaptha le Coiste
Basil Geoghegan, Cathaoirleach	Meitheamh 2018
Raymond Gammell	Márta 2020

Ba bhall den Choiste é Gerry Walsh in 2019 agus chuaigh sé ar scor ón mBord agus an Coiste nuair a d'éag a théarma oifige an 1 Eanáir 2020. Áiríodh leis an obair a rinne an Coiste in 2019 athbheithniú a dhéanamh ar scileanna agus saineolas a theastaigh chun folúntais an Bhoird a líonadh, socrúithe luach saothair, pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus socrúithe pinsin ina measc. Ceapadh Raymond Gammell leis an gcoiste an 20 Márta 2020.



An Coiste Airgeadais

Comhaltaí	Ceaptha le Coiste
Marie Joyce, Cathaoirleach	Márta 2020
Colm McCarthy	Márta 2016
Dalton Philips	Deireadh Fómhair 2017
Denis Smyth	Márta 2016
Basil Geoghegan	Márta 2020

Ceapadh Marie Joyce ina Cathaoirleach agus ceapadh Basil Geoghegan ina bhall den Choiste an 20 Márta 2020. Rinneadh breithniú i rith na bliana ar leibhéal boird ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le maoiniú agus dibhinní móra agus níor ghá don Choiste Airgeadais casadh ar a chéile in 2019.



An Coiste Straitéiseach agus Bonneagair

Comhaltaí	Ceaptha le Coiste
Basil Geoghegan, Cathaoirleach	Meitheamh 2018
Niall Greene	Iúil 2018
Dalton Philips	Deireadh Fómhair 2017
Karen Morton	Márta 2020

Ba bhall den Choiste é Gerry Walsh in 2019 agus chuaigh sé ar scor ón mBord agus an Coiste nuair a d'éag a théarma oifige an 1 Eanáir 2020. Rinne an Coiste athbheithniú i rith 2019 ar dhul chun cinn a rinneadh ar an Rúidbhealach Thuaidh agus ar an dréachtchinnntiúchán a d'eisigh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta. Ceapadh Karen Morton leis an gcoiste an 20 Márta 2020.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca



Leagtar baill an choiste agus dátaí ceapacháin amach thíos.

Comhaltai	Ceaptha le Coiste
Risteárd Sheridan, Cathaoirleach	Samhain 2018
Marie Joyce	Feabhra 2020
Colm McCarthy	Feabhra 2012

Bhí Gerry Walsh ina Chathaoirleach ar an gcoiste i rith bhliain airgeadais 2019 agus chuaigh sé ar scor ón mBord agus an Coiste nuair a d'éag a théarma oifige an 1 Eanáir 2020. Ceapadh Marie Joyce ina ball den choiste an 28 Feabhra 2020 agus ceapadh an tUasal Risteárd Sheridan ina Chathaoirleach ar an gcoiste.

Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile ceithre huair in 2019. I rith na bliana, thionól an coiste cruinnithe gan an bhainistíocht a bheith i láthair agus chas siad leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha go príobháideach, chomh maith.

Tá líne dhíreach chumarsáide idir Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Is é an POF líne tuairiscithe feidhmiúcháin Cheann Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus is é an coiste, agus an coiste amháin, is féidir é/í a cheapadh.

Áirítear leis an lucht freastail rialta ar chruinnithe coiste, i ndiaidh don choiste cuireadh a thabhairt dóibh, an POF, Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa, Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa, Rúnaí na Cuideachta, Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa agus ionadaithe ón ngnóthas iniúcháirí seachtracha.

Tuarascáil ar ghníomhaíochtaí an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Limistéar
Freagrachta

Gníomhaíocht an Choiste

Rialú inmheánach agus bainistíocht riosca

Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht chóras rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus sásaíodh dó féin gur oibríodh faoi mar a beartaíodh don bhliain faoi chaibidil;

Rinneadh breithniú ar aon chásanna féideartha ina raibh laigí i gceist agus inar cuireadh feabhsúcháin ábhartha ar rialuithe inmheánacha;

Rinneadh monatóireacht ar rialuithe, rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca ina measc;

Rinneadh monatóireacht ar phróiseas leanúnach an Ghrúpa chun na rioscaí suntasacha a shainithint agus a mheasúnú a dhéanann difear don Ghrúpa agus ar na beartais agus nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí seo a bhainistiú;

Rinneadh athbhreithniú ar riosca inmheánach agus ar achoimrí ar an riosca is mó, ráitis inghlacthachta riosca, tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí leanúnachais gnó;

Rinneadh athbhreithniú ar Bheartas agus Creat Rialachais Chorporáidigh an Ghrúpa; agus

Rinneadh athbhreithniú ar riachtanais nua tuairiscithe cánach an AE; agus

Fuarthas tuairiscí ar chóras uainchláir agus ama agus freastail

Tuairiscíú Airgeadais

Rinneadh athbhreithniú ar na dréacht-Ráitis Airgeadais bhliantúla sular moladh a bhfaomhadh don Bhord;

Rinneadh breithniú ar oiriúnacht na mbeartas, na meastachán agus na mbreithiúnas suntasach cuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhíonn na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, anuas ar shaincheisteanna a bhí le cur i láthair agus le nochtadh;

Rinneadh athbhreithniú ar oibleagáidí airgeadais an Ghrúpa maidir le gnó idirnáisiúnta; agus

Fuarthas faisnéis ar cheisteanna agus forbairtí cánach.

Nochtadh Cosanta agus Calaois

Fuarthas tuairiscí ó Cheann Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa maidir le tuairiscíú rúnda agus/nó nochtadh cosanta;

Fuarthas dearbhuithe go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh bheartas in Aghaidh Bhreabaireachta, Éilliú agus Calaoise na Cuideachta a chinntiú.

An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Limistéar Freagrachta	Gníomhaíocht an Choiste
Iniúchadh Sheachtrach	Tugadh faoi mheasúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúcháir; agus Rinneadh monatóireacht ar chomhlíonadh na teorach ábhartha gairmiúla, eiteiciúla agus rialála ag an iniúcháir seachtrach maidir le rothlú comhpháirtithe, agus rinneadh measúnú ar cháilíochtaí, saineolas, acmhainní agus éifeachtacht an phróisis iniúcháireachta.
Iniúchadh Inmheánach	Rinneadh athbhreithniú ar na pleananna agus an obair faoinar thug roinn Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa i rith na bliana, tuarascálacha ina measc a bhain le rialuithe inmheánacha a oibriú, tuarascálacha a bhain le gnóthais fochuideachta agus ghaolmhara thar lear, slándáil, soláthar, airgeadas agus oibrióchtaí, infheistíocht chaipitil agus TF, agus na gníomhartha iarmhartacha ar comhaontaíodh leo leis an mbainistíocht; Rinneadh athbhreithniú ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha agus rinneadh breithniú ar an dul chun cinn chun a rinne an bhainistíocht maidir le dul i ngleic leis na saincheisteanna ábhartha, cineál, méid agus luas na freagartha ina measc; Rinneadh athbhreithniú ar an nuashonrú ar an gCairt Iniúcháireachta Inmheánaí agus rinneadh comhaontú ar phlean bliantúil rioscabhunaithe iniúcháireachta inmheánaí, na hacmhainní a theastaíonn ina measc, agus rinneadh breithniú ar ailíniú dhíriú na hiniúcháireachta inmheánaí leis na limistéir lena bhain an riosca ba mhó roimh an nGrúpa.

Tuairisciú Airgeadais

Cuireann an bhainistíocht Ráitis Airgeadais dheireadh na bliana faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus déanann sé athbhreithniú ar aon bhreithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais agus déanann sé breithniú ar iomláine Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus aon fhógraí foirmiúla stocmhalartáin a bhaineann le feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa.

Déanann an Coiste breithniú ar cibé acu, ina thuairim féin, an bhfuil nó nach bhfuil an tuarascáil bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais cóir, cothrom agus intuigthe agus cibé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear ar fáil iontu an fhaisnéis a theastaíonn chun measúnú a dhéanamh ar staid airgeadais, feidhmíocht agus straitéis airgeadais ÚABÁ. Tacaíonn na próisis, na nósanna imeachta agus an tuairisciú atá i bhfeidhm, an breithniú a dhéantar ar na príomh-shaincheisteanna agus na príomhimeachtaí i rith na bliana agus tuairiscí ar aon fhaisnéis ó iniúcháirí seachtracha agus inmheánacha leis an athbhreithniú seo. I ndiaidh a athbhreithnithe, tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca sásta go sásaíonn an tuarascáil bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais na riachtanais, faoi mar a dtugtar cuntas orthu thuas.

Iniúcháireacht Sheachtrach

Téann an Coiste i mbun na mbeart cuí lena chinntiú go leantar le caidreamh gairmiúil agus oibiachtúil a chothú leis an iniúcháir seachtrach.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúcháir, déanann an coiste athbhreithniú ar an méid seo a leanas:

- cineál agus méid na seirbhísí a chuirtear ar fáil, agus táillí a tuilleadh, d'obair iniúcháireachta seachtraí agus d'obair neamh-iniúcháireachta faoinar thug an t-iniúcháir seachtrach; agus
- comhlíonadh bheartas an Ghrúpa a rialaíonn seirbhísí neamh-iniúcháireachta a sholáthar don Ghrúpa ina mbíonn rialacha agus teorainneacha soiléire i bhfeidhm, a cheadaíonn seirbhísí neamh-iniúcháireachta nach gcruthaíonn coimhlint leasa.

Rinne an Grúpa tairiscint do sheirbhísí iniúcháireachta seachtraí an uair dheireanach in 2017, agus rinneadh Deloitte Ireland LLP a athcheapadh ina dhiaidh.

Leagtar amach na táillí a íodadh le hiniúcháir an Ghrúpa do sheirbhísí iniúcháireachta, seirbhísí a bhaineann le hiniúcháireacht agus seirbhísí eile neamh-iniúcháireachta amach i Nóta 7 leis na Ráitis Airgeadais. Ní raibh aon chásanna ann inar fostaíodh an t-iniúcháir seachtrach chun seirbhísí a sholáthar a measadh a chruthaigh coinbhleacht leasa.

Beartais frithchaloise

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha a sholáthair Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa maidir leis an gcóras tuairiscithe rúnda agus comhlíonadh bheartas in Aghaidh Breabaireachta, Éilliú agus Calaoise na cuideachta, tá an coiste sásta go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun measúnú leantach a dhéanamh ar aon cheisteanna ábhartha.

Tuarascáil ar rialachas ar leanúint

Cód Cleachtais

Chloigh daa, ar gach bealach ábhartha, leis an gCód Cleachtais ina leagtar amach roinnt riachtanais chomhlíonta, an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh de chuid an Bhoird a fhoilsiú ina measc, a leagtar amach dá réir thíos.

Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Scóip na freagrachta

Tá an Bord freagrach as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais a bhunú agus a chothabháil. Is éard atá sa chóras rialaithe inmheánaigh na próisis leanúnacha siúd chun na rioscaí suntasacha atá roimh an nGrúpa a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú agus na príomhstruchtúir agus nósanna imeachta atá in ainm is córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a sholáthar.

Cuspóir an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais

Tá an córas rialaithe inmheánaigh in ainm is riosca i leith teipe a bhainistiú, seachas deireadh a chur leis, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán, a thabhairt nach mbeidh an Grúpa thíos le míshonrú ábhartha nó cailteanas. Tá na Stiúrthóirí sásta go n-oibrítear córais rialaithe inmheánaigh faoi mar a beartaíodh don bhliain faoi chaibidil agus a fhad le dáta faofa na Ráiteas Airgeadais.

Bainistíocht riosca

Tá freagracht ar an mBord as cinneadh a dhéanamh ar chineál agus méid na rioscaí suntasacha atá sé toiliúil a ghlacadh chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, tá sé tiomanta do bhainistíocht réamhghníomhach a dhéanamh ar riosca agus tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm aige atá in ainm is súil a bheith le agus dul i ngleic le hathruithe ábhartha ar thimpeallacht ghnó agus rioscaí an Ghrúpa, a mhéid agus is féidir.

Déanann an Bord riosca a shainmhíniú don Ghrúpa, agus féachann sé lena chinntiú, trí phróisis agus struchtúir, go ndéantar bainistíocht riosca a leabú ar fud na heagraíochta i ngnáthghníomhaíochtaí agus cinnteoireacht ghnó. Cuirtear tuarascáil ar rioscaí faoi bhráid an Bhoird ag gach cruinniú, a dhíríonn ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí maolaithe rioscaí.

Tá téarmaí tagartha sainithe agus ballraíocht ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca lena n-áirítear taithí airgeadais a fuarthas le déanaí agus atá ábhartha agus casann sé ar a chéile ar a laghad ceithre huairé sa bhliain.

Tá dóthain acmhainní ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus tugann sí faoi chlár oibre a gcomhaontaítear air leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Creat Riosca agus Rialaithe

Saináithnítear agus déantar tuairisciú sa chóras bainistíochta riosca ar phríomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú. Tugtar cuntas ar shonraí faoin bpróiseas bainistíochta riosca sa Tuarascáil ar Rioscaí ar leathanaigh 51 go 55.

Bunaíodh roinnt príomhstruchtúr agus nósanna imeachta atá in ainm is córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a sholáthar. Seo a leanas na príomhstruchtúir agus nósanna imeachta a úsáidtear chun córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach a choimeád agus a mhonatóiriú agus a dtacaíonn rialuithe agus próisis mhionsonraithe leo:

Pleanáil Straitéiseach

Plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh go tréimhsiúil ina leagtar amach an treo amach anseo, anuas ar phleananna rollacha gnó agus airgeadais cúig bliana.

Maoirseacht an Bhoird

Beartas agus Creat Rialachais Chorporáidigh atá faofa ag an mBord, lena n-áirítear sceideal earraí nach féidir ach leis an mBord iad a fhaomhadh.

Struchtúr fochoiste an Bhoird.

Ionadaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Bhoird ar phríomh-chomhpháirtithe an Ghrúpa agus ar chomhfhiontair ag feidhmeannaigh shinsearacha an Ghrúpa; Déantar infheistíochtaí i gcuideachtaí comhlachaithe agus cuideachtaí comhfhiontair a bhreithniú mar chuid de phróiseas leanúnach bainistíochta agus athbhreithnithe riosca an Ghrúpa.

Bord ar leith a dhéanann monatóireacht ar rialachas agus feidhmíocht gach fochuideachta.

Struchtúir Bhain- stíochta

Struchtúr eagraíochta atá sainithe go soiléir ina ndéantar dualgais a leithdeighilt agus ina ndéantar freagracht a tharmligeán go cúig; déantar údarás laistigh de ghníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a fhorghníomhú, a rialú agus a mhonatóiriú chun na cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach ar ghlac an Bord leo don Ghrúpa.

Tugtar príomh-shaincheisteanna agus príomhbhuarthaí chun solais agus le fios go cúig trí phróiseas feabhsúcháin leanúnaigh ar na córais bhainistíochta sábháilteachta agus timpeallachta, agus déantar monatóireacht, tuairisciú agus bainistíocht ghníomhach orthu ar fud na heagraíochta a airde le leibhéal feidhmiúcháin agus Bord.

Roinn Iniúchóireachta Inmheánaí a dhéanann athbhreithniú ar na príomhchórais agus rialuithe a bhfuil teacht iomlán aici ar chórais, rialuithe, cáipéisíocht agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Bainistíocht riosca

Coiste Riosca Feidhmiúcháin a dhéanann monatóireacht ar rialachas rioscaí agus a chabhraíonn leis an mBord i dtabhairt faoina fhreagrachtaí lena chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint, a thabhairt le fios agus a mheasúnú i gceart; go ndéantar rioscaí a mhaolú agus a rialú go cúig; agus go gcuirtear straitéis ar an eolas agus go ndéantar straitéis a ailíniú le hinghlacthacht riosca an Ghrúpa.

Monatói-reacht agus Rialú

Córas cuimsitheach bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais i measc na bhfeidhmeanna go léir, airgeadas, dlí agus seirbhísí corparáideacha eile, sláinte, sábháilteacht agus slándáil, cothabháil agus forbairt sócmhainní, tráchtáil agus oibríochtaí ina measc.

Teorainneacha agus nósanna imeachta maidir le caiteachas airgeadais atá sainithe go soiléir.

Déanann an bhainistíocht feidhmiúcháin maoirseacht ar cheisteanna caipitil, ioncáim, costais agus fostaíochta.

Scórchártaí, buiséid agus pleananna airgeadais bliantúla don Ghrúpa agus d'aonaid ghnó.

Monatóireacht rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais agus oibríúcháin an Ghrúpa in aghaidh buiséad agus scórchártaí; tuairisciú rialta a dhéanamh leis an mBord ar fheidhmíocht ghnó.

Tá socrúithe sonracha i bhfeidhm ag an gCuideachta i dtaobh soláthair, feidhm fhoirmiúil sholáthair agus beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl don fhoireann le comhlíonadh cheanglais infheidhme an AE agus na hÉireann a chinntiú (go háirithe an Treoir maidir le Fóntais 2014/25/AE agus an Treoir maidir le Lamháilais 2014/23/AE agus an reachtaíocht ghaolmhar thánaisteach faoi dhlí na hÉireann ina measc).

Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Nósanna Imeachta Bainistíochta agus Rialaithe Riosca

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag daa chun monatóireacht a dhéanamh ar a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar a dhéanann daa ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtaracha, an Coiste Iníúcháireachta agus Rioscaí a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh de daa atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019. Níor sainaithníodh aon laigí suntasacha sna príomhnósanna imeachta rialaithe inmheánaigh maidir leis an mbliain 2019 a d'imir tionchar ábhartha ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa ná aon choinníoll óna dteastaíonn nochtadh sna Ráitis Airgeadais.


Riachtanais Tuairiscithe an Chóid Chleachtais

Leagtar amach sa Chód Cleachtais riachtanais tuairiscithe maidir le saghsanna ar leith de chaiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019. B'ionann costais taistil agus chothabhála a gearradh ar an gcuntas brabúis agus cailleanais don bhliain agus €0.7 milliún (Náisiúnta) agus €2.2 milliún (Idirnáisiúnta). B'ionann costais fáilteachais agus folláine foirne a gearradh ar an gcuntas brabúis agus cailleanais agus €2.5 milliún. B'ionann costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar an gcuntas brabúis agus cailleanais agus €3.1 milliún. Baineann na príomhchostais sainchomhairleoireachta a taibhíodh in 2019 le costais rialála €0.3 milliún, costais €0.5 milliún ar an uainchlár slándála a fhorbairt, costais €1.6 milliún chun struchtúir eagraíochta leasaithe a fhorbairt, agus baineann na costais eile ar luach €0.7 milliún le sainchomhairleoireacht faoi thuilleadh, fuinneamh, cumarsáid agus straitéis.

Leagtar amach íocaíochtaí dlíthiúla agus cúitimh a bhaineann le hárachas sa bhliain i Nóta 20 leis na Ráitis Airgeadais. B'ionann íocaíochtaí eile dlíthiúla agus réitigh do chásanna dlí a tugadh chun críche agus a réitíodh agus €Náid sa bhliain. B'ionann na suimeanna a bhaineann le costais phinsin a gearradh ar an gcuntas brabúis agus cailleanais agus €11.7 milliún, faoi mar a leagtar amach i Nóta 3 leis na Ráitis Airgeadais. B'ionann íocaíochtaí foirceanta a íocadh sa bhliain agus €2.8 milliún (ar fabhraíodh €1.8 milliún díobh i gcountais 2018).

Is éard a chuimsítear i sochair fostaí gach tuilleamh rialta, tuarastal, ragobair, tuilleamh a bhaineann le sealobair, tuilleamh atá bunaithe ar fheidhmíocht agus sochair eile, ar nós árachas leighis (luach saothair) ach ní áirítear leo ranníocaíochtaí pinsin fostóra. B'ionann ragobair a íocadh i rith na bliana agus €3.2 milliún agus b'ionann na liúntais a íocadh i rith na bliana agus €4.7 milliún don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, atá curtha san áireamh i sochair fostaí, faoi mar a léirítear thíos. Léirítear thíos sonraí faoi shochair fostaí do ghníomhaíochtaí an Ghrúpa i measc a ghnólaíochtaí idir na blianta 2018 agus 2019.

Luach saothair fostaíthe



* Áirítear le líonta na bhfostaithe fostaíthe lánaimseartha agus páirtaimseartha a d'oibrigh don Ghrúpa d'aon chuid den bhliain.

Nochtar líonta na bhfostaithe a léirítear ar bhonn coibhéis lánaimseartha i Nóta 3 leis na Ráitis Airgeadais.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Is deas leis na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil, anuas ar na Ráitis Airgeadais iniúchta a sheoladh ar aghaidh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 i gcomhréir le ceanglais Alt 325 d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Príomhghníomhaíochtaí

Is iad forbairt, oibriú agus bainistíocht an aerfoirt, miondiol aerfoirt idirnáisiúnta agus infheistíocht aerfoirt idirnáisiúnta atá i gceist le príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa. Is leis an nGrúpa agus oibríonn sé an dá aerfort is mó i bPoblacht na hÉireann agus tá gníomhaíochtaí miondiola aige in Éirinn agus i réimse láithreacha idirnáisiúnta. Tá infheistíochtaí ag an nGrúpa lasmuigh d'Éirinn i dtí aerfort Eorpacha, agus oibríonn sé Críochfort 5, ag Aerfort Idirnáisiúnta an Rí Khaled in Riyadh, an Araib Shádach ar bhonn conartha.

Athbhreithniú ar na forbairtí gnó agus amach anseo

Cuimsítear tráchtairacht ar fheidhmíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, eolas ina measc ar imeachtaí a thit amach le déanaí agus forbairtí dóchúlacha amach anseo in Athbhreithniú an Phríomhfeidhmeannaigh. Cuimsítear an staid airgeadais, na príomhrioscaí agus éiginnteachtaí atá roimh an ngnólacht agus na príomhtháscairí feidhmíochta in athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais agus sa tuarascáil ar Rioscaí.

Torthaí agus díbhinní don bhliain

Léirítear i dtorthaí airgeadais an Ghrúpa don bhliain brabús don bhliain airgeadais arb ionann é agus €150.2 milliún i gcomparáid le brabús €132.6 milliún don bhliain 2018 sa dá chás i ndiaidh cánach agus roimh earraí eisceachtúla.

Tá sonraí faoi na torthaí don bhliain leagtha amach i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara.

Ní bheartaíonn an Bord chun díbhinn a íoc in 2020 (íocadh díbhinn 2018 €40.0 milliún in 2019).

Iar-Imeachtaí

Tá tionchar á imirt ag scaipeadh an Choroínvíris, COVID-19, ar an tionscal eitíochta ó Nollaig 2019 ar aghaidh. Thosaigh an víreas sa tSín agus dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte gur paindéim atá sa víreas seo agus tá an víreas scaipthe chuig 162 tír ag tráth faofa na Ráiteas Airgeadais.

Thug Rialtais náisiúnta réimse fairsing beart isteach mar gheall ar scaipeadh COVID-19 agus é mar aidhm chun stop a chur le scaipeadh an víris. D'fhógair an Coimisiún Eorpach pleananna an 17 Márta 2020 chun srian 30 lá a thabhairt isteach ar an taisteal neamh-bhunriachtanach go léir chuig an Aontas Eorpach agus mhol Rialtas na hÉireann saoránaigh Éireannacha gan aon taisteal neamh-bhunriachtanach a dhéanamh thar lear ón am i láthair go dtí an 29 Márta, ar a laghad. Cuireadh isteach go mór ar thaisteal aerlíne dá bharr seo agus d'fhógair formhór na n-aerlínte nach mbeidh a bhflít aerárthaí agus a sceidil eitiltí á bhfeidhmiú acu agus go mbeidh a n-acmhainní á laghdú acu ar feadh tréimhse thart ar dhá mhí.

D'imir seo tionchar suntasach ar na líonta paisinéirí a úsáideann aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí i mí an Mhárta 2020 agus d'imir sé tionchar díobhálach ar na hioncaim a bhí á ngléimniú ag ARI agus daa Idirnáisiúnta sa tréimhse sin. Tugaimid tús áite d'inbhuanaitheacht agus inmharthanacht ghnólachtaí an Ghrúpa a chinntiú agus leanfaimid lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí bunriachtanacha ag ár n-aerfoirt agus beimid in ann freastal ar éileamh ar aon dul leis an gcás atá ag teacht chun cinn. Tá éiginnteacht shuntasach agus leanúnach ann, áfach, maidir le tionchar scaipeadh an víris seo ar Ghrúpa daa sa ghearthéarma agus sa mheántéarma.

Imreoidh a fhaide a bheidh na srianta reatha taistil i bhfeidhm agus an ráta a atosóidh borradh ag teacht ar phaisinéirí a luaithe a bhíonn deireadh leis an ngéarchéim tionchar ar an dearcadh airgeadais. Tá measúnú á dhéanamh againn faoi láthair ar tionchar airgeadais a imríonn réimse cásanna leis an tionchar a imrítear ar bhrabúsacht agus sreabhadh airgid sa timpeallacht seo a dheimhniú. Cé go bhfuil an cás ag forbairt go fóill, agus cé go bhfuil mórmhéid éiginnteachta ann go fóill, tá na Stiúrthóirí sásta go bhfuil clár comhardaithe láidir agus dóthanach leachtachta i bhfeidhm againn chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo.

Gnóthas leantach

Leanann na Stiúrthóirí, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar thuairtha an Ghrúpa, agus tagairt ar leith dá shreabhadh airgid oibriúcháin, ceangaltas chaipitil, leachtacht agus staid chistithe, agus i gcomhthéacs thionchar leanúnach ghéarchéim COVID-19, le súil réasúnta a bheith acu leis go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ag oibriú don todhchaí intuartha. Ar an gcúis seo, leanann siad ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú acu.

Taifid chuntasaíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Alt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le taifid chuí chuntasaíochta trí phearsana cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus trí chórais leordhóthanacha, rialuithe agus acmhainní cuí a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntas na Cuideachta ag áitreabh na Cuideachta ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus ag a hIonad Seirbhísí Comhroinnte i Luimneach.

Faisnéis a sholáthar do na hiniúcháirí

Deimhníonn gach Comhalta Boird, a mhéid agus is eol dóibh, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta ann nach bhfuil iniúcháirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas orthu agus go ndeachaigh siad i mbun na mbeart cuí go léir chun iad féin a chur ar an eolas ar aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta agus lena dheimhniú go bhfuil iniúcháirí reachtúla na Cuideachta eolach ar an bhfaisnéis sin.

Taighde agus forbairt

Thug an Grúpa faoi ghníomhaíochtaí áirithe a bhain le taighde agus forbairt i rith na bliana, go príomha maidir le forbairt sa limistéar teicneolaíochta faisnéise.

Sláinte agus sábháilteacht

Cosnaítear folláine fostaithe an Ghrúpa tríd an gcloí dian le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Leagtar ceanglais áirithe ar fhostóirí agus ar gach cuideachta laistigh den Ghrúpa sna hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus 2010 chun dul i mbun an ghnímh riachtanaigh le comhlíonadh na hAchtanna a chinntiú.

Gnóthais fochuideachta, chomhlacha agus chomhfhiontair

Leagtar amach an fhaisnéis a cheanglaítear faoi Alt 314 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le gnóthais fochuideachta, chomhlachaithe agus comhfhiontair i Nóta 31.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leanúint

An tAcht um Íoc Pras Cuntas

Tá rialuithe airgeadais inmheánaigh i bhfeidhm le comhlíonadh fhorálacha an Achte um Íoc Pras Cuntas, 1997 a chomhlíonadh (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus 2012. Is iad na téarmaí caighdeánacha creidmheasa a mheastar a bheith i bhfeidhm, mura sonraítear a mhalairt i socruithe conarthacha ar leith, 30 lá. Faoi mar a bhí i gceist i mblianta roimhe seo, rinneadh gach íocaíocht laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa faoi mar a theastaíonn.

Tabhartais pholaitiúla

Ní dhearna an Grúpa aon tabhartais pholaitiúla le linn na bliana.

An tAcht um Brústocaireacht a Rialáil

I gcomhréir le Rialachán an Achte um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá an Grúpa cláraithe ar an gclár agus rinne sé tuairisceáin i gcomhlíonadh an Achte.

Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Faoi mar a cheanglaítear in Alt 225(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, déanann na Stiúrthóirí an méid seo a leanas: (a) a aithint go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh a hoibleagáidí ábhartha a chinntiú ag an gCuideachta (faoi mar a shainítear sa reachtaíocht sin); (b) a dheimhniú gur dréachtaíodh ráiteas beartais chomhlíonta agus go bhfuil socruithe nó struchtúir chuí i bhfeidhm atá, i dtuairim na Stiúrthóirí, in ainm is comhlíonadh ábhartha na n-oibleagáidí ábhartha a chinntiú; agus (c) a dheimhniú gur tugadh faoi athbhreithniú i rith bhliain airgeadais 2019 ar na socruithe agus/nó struchtúir a cuireadh i bhfeidhm, faoi mar dtagraítear dóibh in (b) thuas.

Iniúcháirí

Thug Deloitte Ireland LLP, Gnóthas Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháireachta Reachtúla, a dtoilteanas le fios chun leanúint san oifig i gcomhréir le hAlt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Arna fhaomhadh ag an mBord agus arna shíniú thar a cheann ag:

Basil Geoghegan
Cathaoirleach

Dalton Philips
Stiúrthóir

An 20 Márta 2020

An ráiteas ar fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Ceanglaítear i ndlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na Stiúrthóirí chun na Ráitis Airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 (an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('an creat um thuairisciú airgeadais ábhartha'). Faoin dlí cuideachtaí, ní mór nach bhfaomhfaidh na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais mura bhfuil siad sásta go dtugtar léiriú fíor agus cóir iontu ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta don bhliain airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad, ar bhealach eile, Acht na gCuideachtaí, 2014.

Agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Ceanglaítear ar na Stiúrthóirí an méid seo a leanas a dhéanamh agus na Ráitis Airgeadais seo á n-ullmhú acu: beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais na Máthairchuideachta agus an Ghrúpa agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, na caighdeáin siúd a shainithint, agus an t-éifeacht agus na cúiseanna a bhíonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin siúd; agus
- na Ráitis Airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an Grúpa agus an Máthairchuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an chuideachta nó go gcuireann an chuideachta faoi deara go gcoimeádtar taifid chuí chuntasaíochta ina dtugtar míniú agus cuntas ceart ar idirbhearta na cuideachta, a chumasaíonn, ag aon tráth, sócmhainní, dlíteanais, staid airgeadais, brabús nó caillteanas na cuideachta a dheimhniú le cruinneas réasúnta, a chur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014 agus a chumasú gur féidir na Ráitis Airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach, chomh maith, as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaíocht agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath. B'fhéidir gurb éagsúil an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh Ráitis Airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a chuirtear in airde ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

Tuarascáil an iniúchóra neamhspleáigh

Tuairisc an iniúchóra neamhspleách do bhaill daa cpt

Tuarascáil ar iniúchadh na Ráiteas Airgeadais

Tuairim faoi Ráitis Airgeadais daa cpt (an ‘Chuideachta’)

Is é ár dtuairim maidir le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2019 agus ar bhrabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar deireadh an dáta sin; agus
- go n-ullmhaíodh iad go cuí de réir na creatlaí ábhartha tuairisceoireachta airgeadais agus, go háirithe, de réir riachtanais Acht na gCuideachtaí 2014.

Is éard a chuimsítear leis na Ráitis Airgeadais a bhfuil iniúchadh déanta againn orthu ná:

Ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Brabús agus Caillteanas an Ghrúpa;
- Ráiteas Ioncaim Chuimsithe an Ghrúpa;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- Ráiteas an Ghrúpa maidir leis an Sreabhadh Airgid;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe sa Chaipiteal Gnáthscaireanna; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 34, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasaoíochta faoi mar a leagtar amach i Nóta 33.

Ráitis Airgeadais na Máthairchuideachta:

- Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta;
- Ráiteas na máthairchuideachta faoi Athruithe sa Chaipiteal Gnáthscaireanna; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 34, lena n-áirítear achoimriú polasaithe suntasacha cuntasaoíochta faoi mar a leagtar amach i Nóta 33.

Is í an chreatlach tuairisceoireachta airgeadais ábhartha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta, ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 ‘An Caighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais atá infheidhmithe sa RA agus i bPoblacht na hÉireann’ (‘an chreatlach ábhartha tuairisceoireachta airgeadais’).

An bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) (ISA (Éire)) agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Cuirtear síos ar ár gcuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin thíos sa chuid sin dár dtuairisc dar teideal ‘Freagrachtaí an Iniúchóra d’iniúchadh na Ráiteas Airgeadais’.

Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an Máthairchuideachta de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha dár n-iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticíúil a eisítear ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaoíochta na hÉireann, agus tá ár gcuid freagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn de réir na riachtanas seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn imleor agus oiriúnach le bonn a chur lenár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na ceisteanna seo a leanas, ceisteanna gcuireann CII (Éire) iallach orainn tuairisc a thabhairt duit ina leith:

- níl an tslí a bhfuil na Stiúrthóirí ag glacadh leis an mbonn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta iomchuí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú; nó
- níor nochta na stiúrthóirí aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta sna Ráitis Airgeadais ar féidir amhras suntasach a chruthú faoi chumas an ghrúpa nó na Máthairchuideachta leanúint ar aghaidh le bheith ag glacadh le bonn ghnóthais leantaigh chuntasaíochta ar feadh thréimhse 12 mhí ar a laghad ón dáta a n-údaraítear na ráitis airgeadais le heisiúint ar aghaidh.

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis sin atá le fáil sna Tuairiscí agus sna Ráitis Chomhdhlúthaithe Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2019, seachas na ráitis airgeadais agus tuairisc ár n-iniúchóra fúthu. Níl an fhaisnéis clúdaithe inár dtuairim faoi na Ráitis Airgeadais, agus seachas sa mhéid go bhfuil a mhalairt de luaite go sonrach inár dtuairisc, ní chuirimid aon saghas tátail dearbhaithe in iúl faoi.

Maidir leis an iniúchadh atá déanta againn ar na Ráitis Airgeadais, is í an fhreagracht atá againn ná an fhaisnéis eile a léamh agus, agus amhlaidh á dhéanamh againn, breithneoireacht a dhéanamh faoina bhfuil an fhaisnéis neamhchomhsheasmhach go hábhartha leis na Ráitis Airgeadais ná leis an eolas sin a fuairamar san iniúchadh, nó má dhealaíonn sé go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar aon slí eile. Má aithnímid a leithéid de neamhchomhsheasmhachtaí ábhartha, nó de míráitis dhealraitheacha ábhartha, tá iallach orainn cinneadh a dhéanamh an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, nó míráiteas ábhartha faoi aon eolas eile. Sa chás go bhfuilimid sásta go bhfuil míthuiscint ábhartha den eolas eile seo, bunaithe ar an obair a rinneamar, ní mór dúinn an fíoras sin a thuairisciú.

Níl aon ní dá leithéid le tuairisciú againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Faoi mar atá mínithe ar shlí níos iomláine i Ráiteas Freagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na Stiúrthóirí freagrach as ullmhúchán na ráiteas airgeadais, as a bheith sásta go bhfuil léargas fíor agus cothrom léirithe iontu, go gcloíonn siad ar shlí eile le hAcht na gCuideachtaí 2014, agus as a bheith sásta go bhfuil a leithéid de rialú inmheánach ann is a chinneann na Stiúrthóirí go bhfuil gá leis chun ullmhúchán Ráiteas Airgeadais a cheadú atá saor ó mhiráiteas ábhartha, fiú sa chás go bhfuil caimiléireacht nó earráid i gceist leis sin.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtaidh, de réir mar a bhaineann le feidhm, nithe a bhaineann le gnóthas leantach ag úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh chuntasaíochta seachas amháin sa chás go bhfuil sé i gceist ag na Stiúrthóirí an Grúpa agus an Máthairchuideachta a leachtú nó oibriúcháir a scor, nó nach bhfuil aon rogha réadúil fágtha acu seachas é sin a dhéanamh.

Freagrachtaí an iniúchóra maidir le hiniúcháireacht na Ráiteas Airgeadais

Is iad na cuspoirí atá againn ná a bheith in ann cinnteacht réasúnta a bheith againn ar cibé an bhfuil na Ráitis Airgeadais ina n-iomláine saor ón míshonrú ábhartha, bíodh sé sin de bharr na calaoise nó na hearráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil ár dtuairim nochta. Is dearbhú ardleibhéil é an dearbhú réasúnta, ach ní hionann é agus ráthaíocht go mbraithfear an míráiteas ábhartha i gcónaí, nuair a bhíonn siad ann, fiú nuair a dhéantar an t-iniúchadh de réir ISAanna (Éire). Is féidir míráiteas a tharlú mar gheall ar an gcalaois nó an earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go bhfuiltear in ann a mheas go réasúnta go mbeadh tionchar acusan, ina n-aonair nó ina iomláine le chéile, ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a ghlacfaí mar gheall ar an eolas ata tuairiscithe sna Ráiteas Airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAanna (Éire) bíonn an breithiúnas gairmiúil á chleachtadh againn agus coimeádaímid sceipteachas gairmiúil i leith an iniúchta ar fad. Déanaimid an méid seo a leanas freisin:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar rioscaí míráitis ábhartha na ráiteas airgeadais, bíodh caimiléireacht nó earráid i gceist leis sin, dearaimid agus déanaimid gnáthaimh iniúchta atá freagrach ar na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchta atá leordhóthain agus iomchuí chun bonn a chur lenár dtuairim. Tá an riosca nach n-aimeofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar an gcalaois níos tromchúisí ná an riosca maidir le ceann a tharlaíonn mar gheall ar bhotún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnús, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Tuisctint a fháil ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá sa Ghrúpa agus sa Mhathairchuideachta.
- Measúnú a dhéanamh ar fheiliúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáidtear agus ar réasúnaíocht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara a dhéanann na stiúrthóirí.
- Cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé feiliúnach do na Stiúrthóirí bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid, de réir na fianaise iniúchta atá faighte, agus socrú an ann do neamhchinnteacht ábhartha i dtaca le himeachtaí nó coinníollacha ar féidir go gcruthódh siad amhras suntasach faoi chumas an Ghrúpa nó na Máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má thagaimid ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orainn aird a tharraingt sa tuarascáil atá déanta ag d'iniúcháir ar an nochtadh bainteach sna Ráitis Airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, do thuairim a mhodhnú. Bíonn ár dtátal bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta thuairisc an iniúchóra. Mar sin féin, féadfar é a tharlú nach bhfuil an t-aonán (nó an grúpa, nuair a bhaineann sin le hábhar) ag feidhmiú mar ghnóthas leantach mar gheall ar imeachtaí nó coinníollacha a tharlaíonn amach anseo.
- Measúnú a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé acu an bhfuil na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha léirithe sna Ráiteas Airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair cóir.
- Dóthain fianaise iniúchta iomchuí a fháil maidir le faisnéis airgeadais na ngníomhaíochtaí gnó laistigh den Ghrúpa chun tuairim a chur in iúl faoi na ráitis airgeadais chomhdhlúthaithe. Tá iniúcháir an Ghrúpa freagrach as treoir, maoriseacht agus feidhmíocht iniúchadh an Ghrúpa. Fanann iniúcháir an Ghrúpa go hiomlán freagrach as tuairim an iniúchta.

Cuirimid in iúl dóibh siúd a bhfuil cúram an rialachais orthu, maidir le, i measc rudaí eile, réim agus uainiú beartaithe na gcinntí iniúchta agus iniúchta shuntasáigh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithníonn an t-iniúcháir le linn an iniúchta.

Cuirtear an tuarascáil seo faoi bhráid chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlachas, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár gcuid oibre iniúchta sa tslí gur féidir linn dearbhú do bhaill na Cuideachta na nithe sin a bhfuil iallach orainn iad a dhearbhuí i dtuairisc iniúchóra, agus ní do chuspóir ar bith eile. Chomh fada is atá sé ceadaithe sa dlí, ní ghlacaimid le freagracht i leith aon duine eile seachas an Chuideachta agus baill na Cuideachta mar chomhlachas, le haghaidh ár gcuid oibre iniúchta, don tuairisc seo, nó do na tuairimí sin a bhí againn.

Tuairim faoi nithe eile a fhorordaítear ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe go huile is go hiomlán ar an obair atá déanta le linn an iniúchta, déanaimid tuairisc:

- Fuairéamar an fhaisnéis agus na sainmhínithe go léir a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta a dhéanamh.
- Inár dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na Máthairchuideachta chun ceadú go ndéanfaí na Ráitis Airgeadais a iniúchadh go réidh agus i gceart.
- Réitíonn clár comhardaithe na Máthairchuideachta leis na taifid chuntasaíochta.
- Inár dtuairim tá an t-eolas atá tugtha i dtuairisc na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na Ráitis Airgeadais agus ullmhaíodh tuairisc na Stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Ceisteanna ar a bhfuil orainn tuairisc a thabhairt orthu de réir eisceachta

Bunaithe ar eolas agus ar thuiscint an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta agus a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor aithin muid míráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na forálacha in Acht na gCuideachtaí 2014, a chuireann iallach orainn tuairisc a thabhairt daoibh más amhlaidh, inár dtuairim, nach ndéantar na faisnéisithe faoi luach saothair na Stiúrthóirí agus faoi na hidirbhearta sin a shonraítear ag an dlí.

Faoi Chód Cleachtais 2016 do Rialachas na gComhlachas Stáit (an 'Cód Cleachtais'), tá iachall orainn tuairisciú daoibh mura léiríonn an ráiteas faoi chóras an rialaithe airgeadais inmheánaigh a éilítear faoin gCód Cleachtais atá mar chuid den Ráiteas Rialachais Chorporáidigh i dTuairisc na Stiúrthóirí comhlíonadh an Ghrúpa alt 1.9 (iv) den Chód Cleachtais nó mura réitíonn sé leis an bhfaisnéis sin atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na Ráitis Airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis an bhfreagracht.

Emer O'Shaughnessy

Do, agus thar ceann, Deloitte Ireland LLP

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla

Teach Deloitte & Touche, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

23 Márta 2020

Cuntas brabúis agus caillteanais an ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 Réamh- eisceachtúil €000	2019 Gluaiseachtaí eisceachtúla agus ar luach cóir €000	2019 Iomlán €000	2018 Réamh- eisceachtúil €000	2018 Gluaiseachtaí eisceachtúla agus gluaiseachtaí luacha cóir €000	2018 Iomlán €000
Láimhdeachas – oibríochtaí leanúnacha	2	934,696	–	934,696	896,901	–	896,901
Costais oibríúcháin							
Costas earraí le hathdhíol		(186,708)	–	(186,708)	(182,198)	–	(182,198)
Costais phárolla agus costais atá gaolmhar leo	3	(238,592)	–	(238,592)	(231,876)	–	(231,876)
Ábhair agus seirbhísí		(207,615)	–	(207,615)	(193,822)	–	193,822)
		(632,915)	–	(632,915)	(607,896)	–	(607,896)
Tuilleamh roimh ús, cánacha, dímhéas agus amúchadh		301,781	–	301,781	289,005	–	289,005
Dímhéas agus amúchadh		(127,024)	–	(127,024)	(124,368)	–	(124,368)
Gluaiseacht ar luach cóir sa réadmhaoin infheistíochta	5	–	29,881	29,881	–	5,655	5,655
Gluaiseacht ar luach cóir i sócmhainní seasta inláimhsithe	5	–	–	–	–	2,811	2,811
Brabús oibríúcháin an Ghrúpa– Oibríúcháin leanúnacha		174,757	29,881	204,638	164,637	8,466	173,103
Cionroinnt an bhrabúis oibríúcháin							
Gnóthais chomhfhiontair		2,733	–	2,733	2,471	–	2,471
Gnóthais ghaolmhara	4	14,133	–	14,133	14,828	–	14,828
Brabús an Ghrúpa roimh an ús agus an cáin ioncam airgeadais	6	191,623	29,881	221,504	181,936	8,466	190,402
Ús infhála agus ioncam dá choibhéis	6	2,148	–	2,148	3,232	–	3,232
Ús iníoctha agus muirir eile dá leithéid	6	1,058	–	1,058	1,167	–	1,167
	6	(19,360)	–	(19,360)	(30,585)	–	(30,585)
Brabús don ghrúpa as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	7	175,469	29,881	205,350	155,750	8,466	164,216
Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí	8	(23,057)	(4,078)	(27,135)	(21,112)	(1,550)	(22,662)
Brabús tar éis cánach		152,412	25,803	178,215	134,638	6,916	141,554
Inchurtha i leith:							
Leas neamh-urlámhais		2,245	–	2,245	2,010	–	2,010
Scairshealbhóirí an Ghrúpa		150,167	25,803	175,970	132,628	6,916	139,544
Brabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais		150,167	25,803	175,970	132,628	6,916	139,544

Ráiteas ioncaim chuimsithigh an Ghrúpa

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Brabús an ghrúpa don bhliain airgeadais		175,970	139,544
Difríochtaí malartaithe ar aistriú infheistíochtaí thar lear (a tharlaíonn mar gheall ar glansócmhainní)			
Gnóthais fochuideachta	22	1,693	589
Gnóthais ghaolmhara	22	233	92
Atomhas glandliteanas sochair shainithe	23	(1,113)	1,003
An mhuirir chánach iarchurtha air		109	(124)
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		176,892	141,104
Scairshealbhóirí an Ghrúpa			
Brabús ó leasa neamh-urlámhais don bhliain airgeadais		2,245	2,010
Difríochtaí malartaithe ar aistriú leasanna neamh-urlámhas thar lear		391	664
Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		2,636	2,674
Leas neamh-urlámhais			
Iomlán an ioncaim chuimsithigh eile don bhliain airgeadais inchurtha i leith:		2,636	2,674
Leas neamh-urlámhais			
Scairshealbhóirí an Ghrúpa		176,892	141,104

Clár Comhardaithe an Ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	10	1,791,783	1,707,708
Sócmhainní doláimhsithe	11	57,296	51,750
Réadmhaoin infheistíochta	12	205,135	148,330
		2,054,214	1,907,788
Infheistíochtaí			
Infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair		735	1,061
Infheistíochtaí i ngnóthais chomhlachaithe		105,014	104,118
Sócmhainní airgeadais eile		23,710	22,845
Infheistíochtaí iomlána	13	129,459	128,024
Sócmhainní seasta iomlána		2,183,673	2,035,812
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	51,903	45,670
Féichiúnaithe	15	73,751	67,846
Airgead tirim agus a choibhéis	25	329,925	361,145
		455,579	474,661
Creidiúnaithe: suimeanna le bheith dlite laistigh d'aon bhliain amháin	16	(265,990)	(226,797)
Glansócmhainní reatha		189,589	247,864
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		2,373,262	2,283,676
Creidiúnaithe: suimeanna le bheith dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin	17	(723,085)	(770,310)
Deontais chaipitil	19	(7,361)	(8,016)
Forálacha i leith dliteanais	20	(107,967)	(106,956)
Glansócmhainní		1,534,849	1,398,394
Caipiteal agus cúltaisce			
Scairchaipiteal glaoite – tuairiscithe mar chaipiteal gnáthscaireanna	22	186,337	186,337
Cuntas brabúis agus caillteanais		1,328,160	1,193,194
Cúlchistí eile	22	2,405	479
		1,516,902	1,380,010
Ciste scairshealbhóirí			
Leas neamh-urlámhais	30	17,947	18,384
		1,534,849	1,398,394

Rinne an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Márta 2020, agus rinneadh iad a údarú le bheith eisithe ar an dáta céanna.

Síníodh iad thar a cheann ag:

Basil Geoghegan
Cathaoirleach

Dalton Philips
Stiúrthóir

Clár comhardaithe na cuideachta

amhail an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	10	1,758,439	1,676,801
Sócmhainní doláimhsithe	11	10,521	232
Réadmhaoin infheistíochta	12	198,000	141,745
		1,966,960	1,818,778
Infheistíochtaí			
Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i ngnóthais chomhlachaithe agus i sócmhainní airgeadais eile	13	9,359	9,325
Sócmhainní seasta iomlána		1,976,319	1,828,103
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	20,092	15,044
Féichiúnaithe	15	83,929	84,705
Airgead tirim agus a choibhéis		227,882	273,725
		331,903	373,474
Creidiúnaithe: suimeanna le bheith dlite laistigh d'aon bhliain amháin	16	(823,433)	(910,425)
Glandliteanais reatha		(491,530)	(536,951)
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		1,484,789	1,291,152
Creidiúnaithe: suimeanna le bheith dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin	17	(161,690)	(184,731)
Deontais chaipitil	19	(7,361)	(8,016)
Forálacha i leith dliteanais	20	(100,489)	(99,482)
Glansócmhainní		1,215,249	998,923
Caipiteal agus cúltaisce			
Scairchaipiteal glaoite – tuairiscithe mar chaipiteal gnáthscaireanna	22	186,337	186,337
Cuntas brabúis agus caillteanais		1,028,912	812,586
Ciste scairshealbhóirí		1,215,249	998,923

Thuiriscigh an Chuideachta brabús de €257.5 milliún don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2019 (2018: €126.6 milliún).

Rinne an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 20 Márta 2020, agus rinneadh iad a údarú le bheith eisithe ar an dáta céanna.

Síníodh iad thar a cheann ag:

Basil Geoghegan
Cathaoirleach

Dalton Philips
Stiúrthóir

Ráiteas an ghrúpa maidir leis an sreabhadh airgid don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	2019 €000	2018 €000
Glansreafaí airgid ó oibriúcháin ghníomhartha	24	275,065	279,672
Sreafaí airgid ó oibriúcháin infheistíochta			
Díbhinní a fuarthas	13	17,859	18,921
Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe		249	32
Breiseanna le réadmhaoin sócmhainní seasta inláimhsithe		(190,073)	(118,925)
Breiseanna le réadmhaoin infheistíochta	12	(23,914)	(14,809)
Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe – bogearra	11	(8,025)	(952)
Ceannach scairshealbhóireachta i ngnóthas comhfhiontair		(446)	–
Ús agus ioncam dá choibhéis faighte		478	491
Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile	6	1,943	2,662
Aisíocaíocht sócmhainne airgeadais	13	365	302
Fáltais ó chuid de dhiúscairt an fhiontair ghaolmhair		–	1,238
Ceannachán na scairshealbhóireachta san fhiontar gaolmhar		(2,250)	(630)
Glansreafaí airgid ó oibriúcháin infheistithe		(203,814)	(111,670)
Sreafaí airgid ó oibriúcháin mhaoinithe			
Díbhinní a íocadh le scairshealbhóir		(40,000)	(37,400)
Díbhinní íoctha le leas neamh-urlámhais	30	(3,073)	(1,261)
Aisíocaíocht iasachtaí bainc		(45,047)	(43,798)
Iasachtaí bainc nua		2,522	–
Ús agus táilli dá choibhéis íoctha		(17,316)	(29,040)
Fuascailt nótaí iasachta		–	(290,218)
Glansreafaí airgid ó oibriúcháin maoinithe		(102,914)	(401,717)
Glanlaghdú in airgid tirim nó a choibhéis		(31,663)	(233,715)
Airgead tirim nó a choibhéis ag tús na bliana airgeadais		361,145	594,975
An tionchar a bhíonn ag athruithe i rátaí malairte eachtraí		443	(115)
Glanlaghdú in airgid tirim nó a choibhéis		(31,663)	(233,715)
Airgead tirim nó a choibhéis ag deireadh na bliana airgeadais		329,925	361,145

Níor nochtadh ráiteas faoi shreabhadh airgid don chuideachta ós rud é go bhfuil sí ag glacadh le díolúine ó shreafaí airgid na cuideachta a nochtadh faoi FRS 102, mar go n-ullmhaítear agus go nochtar ráiteas faoi shreabhadh airgid i Ráitis Airgeadais chomhdhlúite an Ghrúpa.

Ráiteas grúpa ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	An scair- chaipiteal atá glaoite suas €000	Cúlchiste aistrithe €000	Cúlchistí caipitil eile €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Iomlán €000	Leas neamh- urlámhais €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2019	186,337	233	246	1,193,194	1,380,010	18,384	1,398,394
Brabús don bhliain airgeadais	–	–	–	175,970	175,970	2,245	178,215
Atomhas glandliteanas sochair shainithe	–	–	–	(1,113)	(1,113)	–	(1,113)
Cáin i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile	–	–	–	109	109	–	109
Difríochtaí malartaithe ar aistriú infheistíochtaí thar lear	–	1,926	–	–	1,926	391	2,317
Ioncam cuimsitheach iomlán	–	1,926	–	174,966	176,892	2,636	179,528
Díbhinn úis neamh-rialaithe beartaithe agus íoctha	–	–	–	–	–	(3,073)	(3,073)
Idirbhearta le húinéirí atá tuairiscithe go díreach sa chaipiteal gnáthscaireanna							
Díbhinní	–	–	–	(40,000)	(40,000)	–	(40,000)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	186,337	2,159	246	1,328,160	1,516,902	17,947	1,534,849
Amhail an 1 Eanáir 2018	186,337	(448)	246	1,090,171	1,276,306	16,971	1,293,277
Brabús don bhliain airgeadais	–	–	–	139,544	139,544	2,010	141,554
Atomhas glandliteanas sochair shainithe	–	–	–	1,003	1,003	–	1,003
Cáin i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile	–	–	–	(124)	(124)	–	(124)
Difríochtaí malartaithe ar aistriú infheistíochtaí thar lear	–	681	–	–	681	664	1,345
Ioncam cuimsitheach iomlán	–	681	–	140,423	141,104	2,674	143,778
Díbhinn úis neamh-rialaithe beartaithe agus íoctha	–	–	–	–	–	(1,261)	(1,261)
Idirbhearta le húinéirí atá tuairiscithe go díreach sa chaipiteal gnáthscaireanna							
Díbhinní	–	–	–	(37,400)	(37,400)	–	(37,400)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018	186,337	233	246	1,193,194	1,380,010	18,384	1,398,394

Ráiteas na cuideachta ar athruithe sa chaipiteal gnáthscaireanna
don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	An scairchaipiteal atá glaoite suas €000	Cuntas brabúis agus caillteanais €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2019	186,337	812,586	998,923
Brabús don bhliain airgeadais	–	257,488	257,488
Atomhas glandliteanas sochair shainithe	–	(1,328)	(1,328)
Cáin i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile	–	166	166
Ioncam cuimsitheach iomlán	–	256,326	256,326
Díbhinní íoctha	–	(40,000)	(40,000)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019	186,337	1,028,912	1,215,249
Amhail an 1 Eanáir 2018	186,337	722,483	908,820
Brabús don bhliain airgeadais	–	126,618	126,618
Atomhas glandliteanas sochair shainithe	–	1,011	1,011
Cáin i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile	–	(126)	(126)
Ioncam cuimsitheach iomlán	–	127,503	127,503
Díbhinní íoctha	–	(37,400)	(37,400)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018	186,337	812,586	998,923

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

1. Eolas ginearálta agus bonn an ullmhúcháin

Is cuideachta corpraithe in Éirinn é daa plc de réir Acht na gCuideachtaí 2014. Is é seoladh oifig chláraithe na cuideachta ná An Cheann-Oifig, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath. Tá an cineál oibríochtaí a dhéantar sa Ghrúpa, chomh maith lena phríomhghníomhaíochtaí, leagtha amach i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh coitianta leo in Éirinn faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus iad leasaithe chun míreanna áirithe a chuimsiú ar an luach cóir agus cloíonn siad le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (CTA 102) de chuid na Comhairle um Thuairisciú Airgeadais, mar atá curtha i bhfeidhm ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus leis an reacht Éireannach a chuimsíonn Acht na gCuideachtaí 2014.

Meastar gurb é an Euro airgeadra feidhmiúil an Ghrúpa ós rud é gurb é airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina n-oibríonn an Grúpa.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta, mar atá leagtha amach i Nóta 33, agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad laistigh den bhliain a tháinig roimhe. Féach Nóta 34 chun eolas a fháil faoi na Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta agus faoi Phríomhfhoinsí Éiginnteacht na Meastachán.

2. Láimhdeachas

Seo a leanas anailís ar láimhdeachas an Ghrúpa de réir an aicme ghnó:

	2019 €000	2018 €000
Éire		
An t-ioncam aerloingseoireachta	315,772	318,860
An miondíol díreach agus lamháltais dhíreacha miondíola/lónadóireachta	179,389	163,238
Gnólachtaí tráchtála eile	173,284	158,676
Iomlán – Éire	668,445	640,774
An mhiondíoltóireacht idirnáisiúnta agus gníomhaíochtaí eile	266,251	256,127
Láimhdeachas iomlán	934,696	896,901
De réir réigiúin gheografaigh		
An Astraláise	83,749	77,112
An Eoraip	761,542	736,054
An Meánoirthear	33,475	32,872
Meiriceá Thuaidh	55,930	50,863
	934,696	896,901
 Ag seo a leanas, anailís ar láimhdeachas an Ghrúpa de réir catagóire:		
Díol earraí	377,471	361,927
Seirbhísí a chur ar fáil	557,225	534,974
Láimhdeachas iomlán	934,696	896,901

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

3. Costais párolla agus costais atá gaolmhar leo

	2019 €000	2018 €000
Is éard a chuimsítear le costais foirne ná:		
Pá agus tuarastail	220,104	210,649
Costais árachais shóisialaigh	21,264	20,053
Costais sochar scoir (Nóta 23)	11,659	11,140
Costais phárolla eile agus costais bainteach leo	2,525	4,586
	255,552	246,428
Costais foirne a chaipitlítear mar seasta inláimhsithe (Nóta 10)	(16,960)	(14,552)
Costais phárolla agus costais bainteacha iomlán	238,592	231,876
	2019	2018
Is mar seo a leanas a bhí meánlín na bhfostaithe in aghaidh na míosa (coibhéiseach lánaimseartha):		
Aerfoirt	3,176	3,047
Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta	963	992
	4,139	4,039

4. Ciar de bhrabús oibriúcháin na bhfiontar gaolmhar

Baineann €14.1 milliún (2018: €14.8 milliún) le sciar an Ghrúpa de bhrabús dá chuid fiontar gaolmhar (féach Nóta 13) tar éis ús agus cáin don bhliain, mar atá sainithe i Nóta 33. Tá táillí bainistíochta agus ioncam díreach eile ó na gnóthais seo curtha san áireamh i láimhdeachas an Ghrúpa. Déantar sciar an Ghrúpa d'aon bhrabús ó idirbhearta idir an Grúpa agus a chuid gnóthas gaolmhar a dhíbirt nuair a chuirtear san áireamh iad i suim ghlanluacha na sócmhainní san fhiontar gaolmhar.

5. Míreanna eisceachtúla agus an luach cóir
Gluaiseacht ar luach cóir sa réadmhaoin infheistíochta

Tá speisialtóirí luachála neamhspleácha fostaithe ag an nGrúpa chun luach cóir a chuid réadmhaoine a shocrú a meastar gurbh aonaid réadmhaoine infheistíochta iad ar an 31 Nollaig 2019 (Nóta 12). Mar thoradh ar na luachálacha sin d'aithin an Grúpa gnóthachan as luach cóir de €29.9 milliún (2018: gnóthachan €5.7 milliún). Ba é an tionchar ar an gcáin ná gur aithníodh glanmhuirear as cáin iarchurtha de €4.1 milliún (2018: muirear de €1.2 milliún).

Sócmhainn seasta inláimhsithe

In 2018, thuairiscigh an Grúpa gnóthachan de €2.8 milliún maidir le ceannachán sócmhainne a tharlaíonn mar gheall ar shocrú ceadúnais. Ba é an tionchar ar chánachas ná gur tuairiscíodh muirir cánacha de €0.4 milliún.

6. Ioncam/caiteachas airgeadais

	2019 €000	2018 €000
Ioncam airgeadais eile		
Ioncam ó infheistíocht neamhliostaithe	1,943	2,662
Athluacháil ionstraimí díorthacha airgeadais	(813)	275
Athluacháil sócmhainní airgeadais	1,018	295
Iomlán an ioncaim airgeadais eile	2,148	3,232
	2019 €000	2018 €000
Ús infhála agus ioncam dá choibhéis		
Ioncam ó infheistíochtaí liostaithe agus neamhliostaithe	469	602
Ioncam ar shochair scoir (Nóta 23)	589	565
Iomlán an úis infhála agus an ioncaim eile dá choibhéis	1,058	1,167

	2019 €000	2018 €000
Ús iníoctha agus muirir eile dá leithéid		
Ús iníoctha ar iasachtaí bainc agus rótharraingtí	11,504	11,143
Ús ar nótaí iasachta	6,216	16,167
Amúchadh ar chostais eisiúna/costais mhaoinithe eile	540	692
Ús iníoctha eile	2,025	2,215
Ús caiteachais ar shochair scoir (Nóta 23)	676	701
Ús iomlán iníoctha	20,961	30,918
Ús chaipitlithe iníoctha	(1,601)	(333)
Ús iomlán iníoctha agus muirir chomhchosúla	19,360	30,585

7. Brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin

Tá brabús an Ghrúpa as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin sonraithe i ndiaidh na míreanna ag seo a leanas a bheith gearrtha/(curtha chun sochair):

	2019 €000	2018 €000
Luach saothair na n-iniúcháirí		
Iniúchóir – gnólacht Éireannach		
iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa	240	233
seirbhísí árachais eile	4	17
seirbhísí comhairleacha cánach	53	72
	297	322
Iniúchóir – gnólachtaí idirnáisiúnta		
seirbhísí árachais eile	142	142
seirbhísí comhairleacha cánach	26	32
seirbhísí neamhiniúcháireachta eile	59	16
	227	190
	524	512

Áirítear sa mhéid thuas na táillí iniúcháireachta a tabhaíodh de €43,000 d'iniúchadh reachtúil na Cuideachta (2018: €43,000), €4,000 do sheirbhísí árachais eile (2018: €10,000) agus €19,000 do sheirbhísí comhairleacha cánach (2018: €19,000).

	2019 €000	2018 €000
Cíos léasa oibriúcháin		
Trealamh	683	545
Foirgnimh	1,934	2,184
Dímheas (Nóta 10)	120,268	118,243
Caillteanas don scor agus díúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe	176	107
Amúchadh deontas caipitil (Nóta 19)	(655)	(689)
Lagú cáilmheasa	518	–
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheasa (Nóta 11)	5,903	5,894
(Gnóthachan)/caillteanas malartaithe eachtraí	(21)	635

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

7. Brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin ar leanúint

Luach saothair na stiúrthóirí

Tá luach saothair na stiúrthóirí, lena n-áirítear nochtadh i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (an ‘Cód Cleachtais’) agus le hAcht na gCuideachtaí 2014, leagtha amach thíos:

	2019 €000	2018 €000
Táillí Stiúrthóirí – as seirbhísí mar stiúrthóir	158	141
Méideanna eile – i ndáil lena bhfostaíocht	629	696
Ranníocaíochtaí pinsin – Scéim ranníocaíochta sainithe	132	136
	919	973

Áirítear ar mhéideanna eile luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na Stiúrthóirí de bhun na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 agus 2001 a eascraíonn as a ghnáthchonarthaí fostaíochta, i gcomhair chion na bliana ina raibh siad ina stiúrthóirí i ngach cás.

Áirítear ar ranníocaíochtaí pinsin ranníocaíochtaí pinsin comhlána a íocadh, a gcaitear leo mar a bheith íoctha nó iníoctha le linn na bliana airgeadais i ndáil le seirbhísí cáilitheacha stiúrthóirí de €132,389 (2018: €136,237). Rinneadh ranníocaíochtaí pinsin i ndáil le cúigear stiúrthóirí (2018: seisear stiúrthóirí), a bhfuil conarthaí fostaíochta ag gach duine díobh leis an nGrúpa.

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a chinneann táillí na Stiúrthóirí, agus tá siad iníoctha faoi láthair ag an ráta bliantúil de €31,500 don Chathaoirleach agus €15,750 do stiúrthóirí aonair. De réir an Chóid Chleachtais, is é seo a leanas sonraí maidir leis na táillí a íocadh le stiúrthóirí aonair le linn 2019 agus 2018:

	2019 €	2018 €
Basil Geoghegan*	31,500	17,221
Pádraig Ó Ríordáin**	–	1,575
Niall Greene	15,750	15,750
Colm McCarthy	15,750	15,750
Barry Nevin	15,750	15,750
Eric Nolan	15,750	15,750
Denis Smyth	15,750	15,750
Gerry Walsh	15,750	15,750
Paul Mehlhorn	15,750	15,400
Risteard Sheridan	15,750	4,237
Des Mullally	–	350
Paul Schütz	–	7,918
Patricia King***	–	–
Dalton Philips	–	–

* Ceapadh Basil Geoghegan ina Chathaoirleach ar an 14 Meitheamh 2018.
** D’éag téarma oifige Phádraig Ó Ríordáin mar Chathaoirleach ar an 18 Eanáir 2018.
*** Roghnaigh Patricia King a táille Stiúrthóra a tharscaoileadh.

Ba ionann na speansais a íocadh le comhaltaí an Bhoird le linn na bliana i ndáil le seirbhísí mar stiúrthóir, a nochtadh de réir an Chóid Chleachtais agus €8,377 (2018: €14,072). Baineann na méideanna sin go príomha le speansais taistil, liúntas cothaithe agus cúitithe.

Ceapadh Dalton Philips in oifig an Phríomhfheidhmeannaigh an 2 Deireadh Fómhair 2017. De bhun an chonartha, is ionann tuarastal an Uasail Philips agus €250,000 in aghaidh na bliana. Ba ionann an luach saothair iomlán maidir leis an Uasal Philips le haghaidh 2019 agus €398,641 (2018: €394,830) inar cuimsíodh an buntuarastal de €250,000 (2018: €250,000) agus ranníocaíochtaí pinsin agus sochair incháinithe eile dar luach €148,641 (2018: €144,830). Ní bhfuair an tUasal Philips táille stiúrthóra.

8. Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí:

Cuimsítear sa mhuirear cánach:

	2019 €000	2018 €000
<i>Cánachas reatha ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí:</i>		
Cáin chorparáide – Éire	25,676	3,673
Creidmheas cánach eachtraí	(5,717)	(3,399)
Cáin chorparáide eachtrach	5,689	4,640
<i>Coigeartú maidir le blianta airgeadais a bhí ann roimhe seo:</i>		
Cáin chorparáide Éireannach	(253)	43
Iomlán an mhuirir chánach reatha	25,395	4,957
Cáin iarchurtha:		
<i>Céadchumadh/aisiompú difríochtaí uainiúcháin</i>		
Inchurtha i leith an Ghrúpa	1,820	17,063
Coigeartú maidir leis blianta airgeadais a bhí ann roimhe seo	(208)	525
Difríochtaí uainiúcháin a bhaineann le hoibleagáidí sochar scoir	128	117
Muirear cánach iarchurtha iomlán	1,740	17,705
Cáin iomlán ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí	27,135	22,662
Cáin reatha agus iarchurtha muirear i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile	(109)	124

Tá oibríochtaí Éireannacha an Ghrúpa faoi réir rátaí difrithe den cháin corparáide, de réir chineál na ngníomhaíochtaí. Le linn 2019 agus 2018, d'athraigh na rátaí sin ó 12.5% go 25% agus b'ionan ráta caighdeánach an cháin corparáide 12.5%.

Bunaithe ar an mbrabús don bhliain, tá an muirear cánach reatha níos airde (2018: níos airde) ná é sin atá bunaithe ar an ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann. Tá na difríochtaí leagtha amach san imréiteach cánach ag seo thíos:

	2019 €000	2018 €000
Brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	205,350	164,216
Brabús as gnáthghníomhaíochtaí ag ráta caighdeánach cánach corparáide na hÉireann 12.5% (2018: 12.5%)	25,670	20,527
An tionchar a bhí ag:		
Difríochtaí buana	1,825	1,387
Ioncam a ngearrtar cáin air ar rátaí arda	4,716	2,393
Athluachálacha a ngearrtar rátaí cánach arda orthu	344	492
Coigeartuithe ón mbliain roimhe	(461)	568
Cáin eachtrach ar ghníomhaíochtaí brainse	759	694
Creidmheas cánach eachtraí	(5,718)	(3,399)
Iomlán an mhuirir chánach don bhliain airgeadais	27,135	22,662

Soláthraítear an cháin corparáide ar bhrabúis incháinithe ag na rátaí reatha.

Ba ionann an cháin reatha agus iarchurtha iomlán i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile agus creidmheas de €0.26mhilliún (2018: muirear de €0.12 milliún).

9. Brabús an Chuideachta don bhliain airgeadais

Níl cuntas brabúis agus cailteanais ar leith don Chuideachta curtha i láthair, dá bhforáiltear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, Alt 304(2). Déileáladh le brabús don bhliain airgeadais i ndiaidh míreanna eisceachtúla agus cánachais €257.5 milliún (2018: brabús €126.6mhilliún i ndiaidh míreanna eisceachtúla agus cáin) i Ráitis Airgeadais na Cuideachta.

Bhain na Cuideachta leas as an díolúine óna cuntas brabúis agus cailteanais aonair a chomhdú le Cláráitheoir na gCuideachtaí faoi mar a cheadaítear le hAlt 357 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

10. Sócmhainní seasta inláimhsithe

Grúpa	Coimpléisc agus piaraí críochoirt €000	Tailte & aerpháirceanna €000	Gléasra & Innealra €000	Réadmhaoín eile €000	Sócmhainní atá á dtógáil €000	Iomlán €000
Costas						
Amhail an 1 Eanáir 2019	1,008,472	510,560	882,366	387,515	114,152	2,903,065
Breiseanna	1,410	818	24,479	63	185,361	212,131
Aistriú ó shócmhainní seasta críochnaithe	7,571	6,649	6,767	4,720	(25,707)	–
Aistriú le réadmhaoín infheistíochta (Nóta 12)	–	–	–	(3,010)	–	(3,010)
Aistriú go sócmhainní doláimhsithe	–	–	–	–	(3,974)	(3,974)
Diúscairtí/díscríobhanna	(425)	–	(5,105)	(1,044)	–	(6,574)
Cúlchiste aistrithe	–	–	801	–	–	801
Amhail an 31 Nollaig 2019	1,017,028	518,027	909,308	388,244	269,832	3,102,439
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2019	323,228	184,647	529,205	158,277	–	1,195,357
Muirear don bhliain airgeadais	31,571	18,349	56,559	13,789	–	120,268
Diúscairtí/díscríobhanna	(163)	–	(4,355)	(782)	–	(5,300)
Cúlchiste aistrithe	–	–	331	–	–	331
Amhail an 31 Nollaig 2019	354,636	202,996	581,740	171,284	–	1,310,656
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2019	662,392	315,031	327,568	216,960	269,832	1,791,783
Amhail an 31 Nollaig 2018	685,244	325,913	353,161	229,238	114,152	1,707,708

Grúpa	Olionaid & Piaráí chríochoirt €000	Tailte & aerpháirceanna €000	Gléasra & Innealra €000	Réadmhaoín eile €000	Sócmhainní atá á dtógáil €000	Iomlán €000
Costas						
Amhail an 1 Eanáir 2019	1,008,472	488,136	840,738	386,945	114,151	2,838,442
Breiseanna	1,410	818	18,828	63	185,014	206,133
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	7,571	6,649	6,767	4,720	(25,707)	–
Aistriú go sócmhainní doláimhsithe	–	–	–	–	(3,974)	(3,974)
Diúscairtí/díscríobhanna	(425)	–	(4,945)	(1,044)	–	(6,414)
Aistriú go réadmhaoín infheistíochta	–	–	–	(3,010)	–	(3,010)
Amhail an 31 Nollaig 2019	1,017,028	495,603	861,388	387,674	269,484	3,031,177
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2019	323,228	181,240	499,521	157,652	–	1,161,641
Muirear don bhliain airgeadais	31,571	18,349	52,530	13,789	–	116,239
Diúscairtí	(163)	–	(4,197)	(782)	–	(5,142)
Amhail an 31 Nollaig 2019	354,636	199,589	547,854	170,659	–	1,272,738
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2019	662,392	296,014	313,534	217,015	269,484	1,758,439
Amhail an 31 Nollaig 2018	685,244	306,896	341,217	229,293	114,151	1,676,801

Tá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid an Grúpa le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe, lena n-áirítear dímheas, caipitliú costas agus athbhreithnithe ar bhearnú, leagtha amach i Nóta 33.

Áirítear ar thailte agus aerpháirceanna tailte aerfoirt, ag costas €29.0 milliún (2018: €29.0 milliún). Áirítear ar bhreiseanna sócmhainní seasta costais maidir leis an ailtireacht inmheánach, leis an innealtóireacht agus le costas párolla gníomhaireachtaí de €16.9 milliún (2018: €14.6 milliún).

Áirítear ar chostas sócmhainní seasta ús carntha caipitlithe de €71.0 milliún (2018: €69.4 milliún).

Rinneadh ús €1.6 milliún a chaipitliú in 2019 ag ráta 2.2% in aghaidh na bliana (2018: €0.3 milliún ag ráta de 5.6% in aghaidh na bliana).

11. Sócmhainní doláimhsithe

Grúpa	Bogearraí €000	Cáilmheas €000	Cearta Deonaíochta €000	Iomlán €000
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2019	15,399	25,069	66,165	106,633
Breiseanna	8,025	–	–	8,025
Gluaiseacht aistrithe	100	–	956	1,056
Diúscairtí	(2,266)	(518)	–	(2,784)
Aistriú ó shócmhainní seasta inláimhsithe	3,974	–	–	3,974
Amhail an 31 Nollaig 2019	25,232	24,551	67,121	116,904
Amúchadh				
Amhail an 1 Eanáir 2019	13,356	13,565	27,961	54,882
Muirear don bhliain airgeadais	902	1,795	3,206	5,903
Gluaiseacht aistrithe	167	–	922	1,089
Diúscairtí	(2,266)	–	–	(2,266)
Amhail an 31 Nollaig 2019	12,159	15,360	32,089	59,608
Glanluach de réir na leabhar				
Amhail an 31 Nollaig 2019	13,073	9,191	35,032	57,296
Amhail an 31 Nollaig 2018	2,043	11,503	38,204	51,750
Cuideachta			Bogearraí €000	Iomlán €000
Costas				
Amhail an 1 Eanáir 2019			10,932	10,932
Aistriú ó shócmhainní seasta inláimhsithe			3,974	3,974
Diúscairtí			(2,167)	(2,167)
Breiseanna			6,522	6,522
Amhail an 31 Nollaig 2019			19,261	19,261
Amúchadh				
Amhail an 1 Eanáir 2019			10,700	10,700
Muirear don bhliain airgeadais			207	207
Diúscairtí			(2,167)	(2,167)
Amhail an 31 Nollaig 2019			8,740	8,740
Glanluach de réir na leabhar				
Amhail an 31 Nollaig 2019			10,521	10,521
Amhail an 31 Nollaig 2018			232	232

Is mar seo atá an t-iarmhéid cáilmheasa amhail an 31 Nollaig 2019:

- Baineann cáilmheas de €18.3 milliún leis an gceannachán a rinneadh in 2008, nuair a ceannaíodh Aer Rianta International (an Meánoirthear) WLL ('ARIME') Tá an cáilmheas a amúchadh ó 2013 thar dheich mbliana, arb é sin meansaolré an chomhaontaithe lamháltais atá sealbhaithe ag ARIME faoi láthair.
- Baineann cáilmheas de €6.1 milliún leis an dliteanas cánach iarchurtha a tuairiscíodh ar na cearta lamháltais caipitlithe a tharla mar gheall ar cheannachán an 50% CTC-ARI in 2014 glan ón tsócmhainn chánach iarchurtha atá tuairiscithe leis an gcoigeartú ar luach cóir de shuim infhála na hiasachta. Tá an cáilmheas seo á amúchadh ó 2014 thar thréimhse seacht mbliana déag, arb é sin saolré conraithe an chomhaontaithe lamháltais atá ag CTC-ARI faoi láthair.
- Ar an 1 Meitheamh 2018, fuair an Grúpa leas de 50% in PT Aura Cantik, cuideachta mhion-díoltóireachta Indinéseach Shaor-ó-Dhleacht. Is éard a bhí san infheistíocht ná infheistíocht cothromais de €0.8 milliún agus airleacan iasachta de €2.8 milliún. Bhí cáilmheas de €0.7 milliún i gceist leis an idirbheart. Rinneadh luach tugtha anonn an cháilmheasa a bhí fágtha a amúchadh ina iomláine in 2019.

Tá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid an Grúpa le haghaidh sócmhainní seasta doláimhsithe, lena n-áirítear amúchadh agus an caipitliú costais, leagtha amach i Nóta 33.

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

12. Réadmhaoin infheistíochta

Grúpa	Réadmhaoin infheistíochta €000	Réadmhaoin atá á tógáil €000	Iomlán €000
Luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2019	128,844	19,486	148,330
Breiseanna	–	23,914	23,914
Athluachálacha (Nóta 5)	29,881	–	29,881
Aistriú go réadmhaoin infheistíochta chríochnaithe	21,679	(21,679)	–
Aistriú ó shócmhainní seasta inláimhsithe	–	3,010	3,010
Amhail an 31 Nollaig 2019	180,404	24,731	205,135
Amhail an 31 Nollaig 2018	128,844	19,486	148,330

Grúpa	Réadmhaoin infheistíochta €000	Réadmhaoin atá á tógáil €000	Iomlán €000
Luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2019	122,259	19,486	141,745
Breiseanna	–	23,914	23,914
Athluachálacha	29,331	–	29,331
Aistriú go réadmhaoin infheistíochta chríochnaithe	21,679	(21,679)	–
Aistriú ó shócmhainní seasta inláimhsithe	–	3,010	3,010
Amhail an 31 Nollaig 2019	173,269	24,731	198,000
Amhail an 31 Nollaig 2018	122,259	19,486	141,745

Cuimsítear i réadmhaoin infheistíochta talamh agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Ghrúpa agus a thomhaistear ar luach cóir ag gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe sa bhrabús agus sa chailliúint ag luach cóir. Tá luach cóir na réadmhaoin infheistíochta bunaithe ar luacháil a dhéanann luachálaithe neamhspleácha ag a bhfuil cáilíocht aitheanta agus ghairmiúil agus a bhfuil taithí le déanaí acu i suíomh agus aicme na réadmhaoin infheistíochta a bhíonn á luacháil.

Déantar luachálacha maidir le fianaise mhargaidh inchomparáide a bhaineann le gach réadmhaoin faoi leith nó gach aicme réadmhaoin. Agus an luach cóir i leith gach réadmhaoin infheistíochta á mheasúnú, rinneadh ioncam reatha agus ioncam a d'fhéadfadh bheith ann amach anseo a chaipitliú ag baint úsáide as torthaí a baineadh ó fhianaise mhargaidh. Dhearbaigh na luachálaithe seachtracha, i bplé le lucht bainistíochta an Ghrúpa, na breithiúnais chuí a úsáideadh sna luachálacha bunaithe ar mhéid na réadmhaoin, luachanna cíosa, deisiú agus bail.

Níl srianta ar bith ar inréadúlacht na réadmhaoin infheistíochta nó ar chur ar aghaidh ioncaim agus fáltais diúscartha.

13. Sócmhainní seasta – infheistíochtaí

Grúpa	Amhail an 1 Eanáir 2019 €000	Breiseanna / méaduithe eile €000	Diúscairtí/ gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2019 €000
Gnóthais chomhfhiontair¹				
Gnóthais chomhfhiontair	8,327	2,733	(103)	10,957
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(7,266)	–	(2,956)	(10,222)
	1,061	2,733	(3,059)	735
Gnóthais ghaolmhara				
Ús cothromais ag costas	62,603	2,250	–	64,853
Sciar na mbrabús iar-éadála	318,973	14,133	–	333,106
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(282,728)	–	(15,722)	(298,450)
Cúlchiste aistrithe	5,270	235	–	5,505
	104,118	16,618	(15,722)	105,014
Sócmhainní airgeadais eile				
Infheistíochtaí liostaithe ²	9,295	455	(3)	9,747
Infheistíochtaí neamhliostaithe eile ³	12,087	762	(383)	12,466
Sócmhainní airgeadais eile ⁴	1,463	34	–	1,497
	22,845	1,251	(386)	23,710
Sócmhainní airgeadais iomlána	128,024	20,602	(19,167)	129,459

Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:

Grúpa	Amhail an 1 Eanáir 2018 €000	Breiseanna/ méaduithe eile €000	Diúscairtí/ gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2018 €000
Gnóthais chomhfhiontair¹				
Gnóthais chomhfhiontair	5,727	2,600	–	8,327
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(4,228)	–	(3,038)	(7,266)
	1,499	2,600	(3,038)	1,061
Gnóthais ghaolmhara				
Ús cothromais ag costas	63,785	–	(1,182)	62,603
Sciar na mbrabús iar-éadála	304,145	14,828	–	318,973
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(266,808)	–	(15,920)	(282,728)
Cúlchiste aistrithe	5,211	–	59	5,270
	106,333	14,828	(17,043)	104,118
Sócmhainní airgeadais eile				
Infheistíochtaí liostaithe ²	8,913	–	382	9,295
Infheistíochtaí neamhliostaithe eile ³	11,944	445	(302)	12,087
Sócmhainní airgeadais eile ⁴	784	1,019	(340)	1,463
	21,641	1,464	(260)	22,845
Sócmhainní airgeadais lomlána	129,473	18,892	(20,341)	128,024

	Amhail an 1 Eanáir 2018 €000	Breiseanna/ méaduithe eile €000	Diúscairtí/ gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2018 €000
Cuideachta				
Gnáthscaireanna i ngnóthas fochuideachta ag costas	7,862	–	–	7,862
Ranníocaíochtaí Caipitil go gnóthais ghaolmhara	–	6,135	(6,135)	–
Sócmhainní airgeadais eile ⁴	1,463	34	–	1,497
	9,325	6,169	(6,135)	9,359

Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:

	Amhail an 1 Eanáir 2018 €000	Breiseanna/ méaduithe eile €000	Diúscairtí/ gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2018 €000
Cuideachta				
Gnáthscaireanna i ngnóthas fochuideachta ag costas	12,102	–	(4,240)	7,862
Ranníocaíochtaí Caipitil go gnóthais ghaolmhara	260	12,101	(12,361)	–
Sócmhainní airgeadais eile ⁴	784	1,019	(340)	1,463
	13,146	13,120	(16,941)	9,325

- Baineann an gnóthas comhfhiontair le Cyprus Airports (F&B) Limited. Is éard atá léirithe sa ghluaiseacht sna gnóthais chomhfhiontair ná sciar 2019 den bhrabús gurb ionann agus €2.7 milliún (2018: €2.6 milliún) agus díbhinní de €3.0 milliún a fuarthas (2018: €3.0 milliún).
- Tugtar infheistíochtaí liostaithe, atá sealbhaithe ag Aer Rianta International (Middle East) ('ARIME'), gnóthas fochuideachta, anonn ar luach cóir agus aithnítear athruithe sa luach cóir sa bhrabús agus cailteanas. Sealbhaítear na hinfeistíochtaí i scaireanna atá luaite ar Stocmhalartán Bhairéin.
- Cuimsítear in infheistíochtaí eile stoc iasachta atá i seilbh ARIME, mar infheistíocht agus méid infhála iasachta atá dílte do CTC-ARI Airports Limited.
- Amhail an 31 Nollaig 2019, is ionann sócmhainní airgeadais eile agus creidmheasanna carbóin farasbairr, a thugtar luacháil dóibh ar luach cóir trí bhrabús agus cailteanas, agus fágann sé sin go bhfuil neartú luacha cóir ann de €0.0 milliún (2018: €1.0 milliún)

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

13. Sócmhainní seasta – infheistíochtaí ar leanúint

I dtuairim na Stiúrthóirí, níl glanluach inréadaithe na sócmhainní airgeadais níos lú ná na luachanna tugtha anonn. Tá an bonn lena ndéantar na sócmhainní airgeadais a thuairisciú leagtha amach i Nóta 33.

Tá príomhghnóthais fochuideachta, príomhghnóthais chomhlachaithe agus príomhghnóthais chomhfhiontair an Ghrúpa, a bhfuil siad ar fad cuimsithe i Ráitis Airgeadais an Ghrúpa, mar aon le sealúchas tairbhíuil an Ghrúpa de ghnáthscaireanna, glan ó ús mionlaigh, amhail an 31 Nollaig 2019, mar atá leagtha amach thíos:

Gnóthas	Oifig Cláraithe	Príomhghníomhaíocht	%
Gnóthais fochuideachta			
ARI Auckland Limited	Auckland, An Nua-Shéalainn	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	100.0
Aer Rianta International cpt	Baile Átha Cliath, Éire	Seirbhísí bainistíochta idirnáisiúnta agus infheisteoir aerfoirt	100.0
Aer Rianta International (Middle East) WLL	Al-Manamah, Bairéin	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	71.3
Aer Rianta International (North America) Inc.	Montréal, Ceanada	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	100.0
Siopadóireacht Shaor ó Dhleacht Mhontainéagró	Podgorica, Montainéagró	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	70.0
ASC Airport Services Consolidated Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Soláthar seirbhísi do daa cpt	100.0
daa Airport Services Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Fostaithe curtha chuig daa cpt ar iasacht	100.0
daa Finance plc	Baile Átha Cliath, Éire	Cuideachta maoinithe	100.0
daa Operations Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Forbairt réadmhaoine	100.0
daa International Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Seirbhísí Comhairleachta	100.0
CTC-ARI Airports Limited	An Niocóis, an Chipir	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	85.6
Gatland Property Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Forbairt réadmhaoine	100.0
Halamar Developments Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Forbairt agus láimhsiú réadmhaoine	100.0
SkyZone Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Infheistíocht réadmhaoine	100.0
Gnóthas comhfhiontair			
Cyprus Airports (F&B) Limited ¹	An Niocóis, an Chipir	Gníomhaíochtaí gaolmhar leis an mbia agus an deoch saor ó dhleachtan	35.6
PT Aura Cantik ²	Iacárta, an Indinéis	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	50.0
Gnóthais ghaolmhara			
Caribbean ARI Inc. ³	Bridgetown, Barbados	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	50.0
Oman Sales & Services LLC	Muscat, Óman	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	35.6
Phoenicia Aer Rianta Management SAL	Béiriút, an Liobáin	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	35.6
Delhi Duty Free Services Private Limited	Deilí, an India	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	33.1
Flughafen Düsseldorf GmbH	Düsseldorf, an Ghearmáin	Oibritheoir aerfoirt	20.0
Phoenicia Aer Rianta Co. SAL ⁴	Béiriút, an Liobáin	An tsiopadóireacht saor ó dhleacht & gníomhaíochtaí gaolmhara	8.7

sócmhainní agus na dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ag rátaí malairte dheireadh na bliana. Déileáiltear leis na brabúis agus caillteanais a eascraíonn as sin sa chuntas brabúis agus caillteanais le haghaidh na bliana.

Nuair is infheidhme aistrítear glaninfheistíocht an Ghrúpa i bhfochuideachtaí agus i ngnóthais chomhlachaithe thar lear ag an ráta a bhíonn i réim ar dháta an chláir chomhardaithe. Cuirtear torthaí na bhfochuideachtaí, na gcomhlachas agus na gcomhfhiontar thar lear, más infheidhme, san áireamh ag an meánráta malairte. Carntar na difríochtaí aistriúcháin a eascraíonn astu sa chothromas agus tuairiscítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

Léasanna

Léasanna Oibriúcháin

(i) Mar léasóir

Déantar léasanna, sa chás go gcoimeádann an Grúpa den chuid is mó na rioscaí agus na tairbhí a bhaineann le húinéireacht, a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Cuirtear costais dhíreacha tosaigh a thabhaítear nuair a dhéantar léas oibriúcháin a idirbheartú le luach tugtha anonn na sócmhainne léasaithe agus aithnítear iad thar an téarma léasaithe ar bhonn an ioncaim chéanna.

(ii) Mar léasaí

Gearrtar caiteachas ar léasanna oibriúcháin ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais de réir méid chothroim thar thréimhse an léasa, ach amháin sa chás go bhfuil méaduithe cíosa a bhaineann leis an mboilsciú ginearálta, agus sa chás go n-aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad.

Costais iasachtaí

Déantar costais iasachtaí atá inchurtha go díreach i leith mórthionscadail caipitil a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní sin. Cuirtear tús le tosach an chaipitil nuair atá na costais mhaoinithe agus na caiteachais don tsócmhainn á dtabhú agus nuair atá na gníomhaíochtaí is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid ar siúl. Cuirtear deireadh leis an gcaipitliú nuair a bheidh na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímhéas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag an gcostas (nó ag an gcostas measta), lúide dímhéas carntha agus caillteanais charntha bearnúcháin ar bith. Ríomhtar dímhéas chun an costas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh agus sócmhainní atá á dtógáil, a dhíscríobh de réir méid chothroim thar na saolréanna úsáideacha measta mar a leanas:

Foirgnimh críochoirt, píaraí agus sailtíle	20-50 bliain
Daingneáin agus Feistis Chríochoirt	4-30 bliain
Gléasra agus Trealamh Aerfoirt	5-30 bliain
Dromchlaí Rúidbhealaigh	10-15 bliain
Boinn Rúidbhealaigh	50 bliain
Bealaí tacsáí agus napruín	25-40 bliain
Mótarfheithiclí	5-15 bliana
Trealamh oifige	3-10 mbliana
Trealamh ríomhaireachta	3-7 mbliana

Aistrítear sócmhainní atá á dtógáil chuig sócmhainní críochnaithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó. Ní chuirtear dímhéas i bhfeidhm ar shócmhainní atá á dtógáil. Áirítear ar chostas talún agus foirgneamh agus oibre tógála atá ar siúl cionroinnt chostais na foirne a bhaineann go díreach le héadail agus forbairt na sócmhainní.

Tuairiscítear sócmhainní atá léasóir á dtógáil mar shócmhainní críochnaithe nuair atá na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó tugtha chun críche. Mar chúiteamh as aistriú teidil na sócmhainne sin, faigheann an léasóir cíós mhaolaithe do thréimhse an chonartha. Ar dtús, aithnítear an tsócmhainn ag luach reatha na sreafaí airgid amach anseo gurb ionann é agus an costas measta.

Nuair a bhíonn sócmhainn sheasta inláimhsithe le haistarraingt as úsáid, déantar an muirear dímhéasa don tsócmhainn sin a luathú chun teacht le saolré fhóna na sócmhainne atá fágtha bunaithe ar an tréimhse idir dáta an chinnidh maidir leis an tsócmhainn a aistarraingt agus an dáta tuartha ar a n-aistarraingeofar í.

Déantar athbhreithniú ar luach tugtha anonn na míreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh i gcomhair táscairí bearnúcháin ag gach dáta tuairiscithe agus tá siad faoi réir tástáil bhearnúcháin má thugann imeachtaí nó athruithe i gcúinsí le fios go bhféadfadh sé nach mbeifear ábalta na luachanna tugtha anonn a aisghabháil.

Déanann an Grúpa meastachán ar mhéid inaisghabhála a shócmhainní seasta inláimhsithe bunaithe ar a luach cóir lúide costais lena ndíol nó ar a luach-in-úsáid, cibé acu is airde, ina gcuimsítear luachanna reatha na sreafaí airgid thirim amach anseo a bhfuiltear ag súil leo óna n-úsáid. Chun críche an athbhreithnithe seo, meastar go gcruthaíonn aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí le chéile aonad giniúna airgid amháin bunaithe ar an sainordú reachtúil maidir leis an mbonneagar náisiúnta a oibriú, idirspéachas sreafaí airgid thirim na n-aerfort agus an struchtúr eagraíochtúil feidhmiúil lena mbainistítear na haerfoirt. Sa chás go sáraíonn an luach tugtha anonn an méid inaisghabhála measta (arbh é sin an luach cóir lúide costais lena ndíol nó an luach in úsáid, cibé acu is airde), aithnítear caillteanas bearnúcháin tríd na sócmhainní a dhíscríobh go dtí a méid inaisghabhála.

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

33. Beartas cuntasáíochta ar leanúint

Réadmhaoin infheistíochta

Réadmhaoin is ea réadmhaoin infheistíochta a shealbhaítear chun cíosanna, dímhéas caipitil nó an dá rud a thuilleadh, iad araon. Meastar go bhfuil sócmhainní atá á sealbhú faoi láthair d'úsáid neamhdhearbhaite amach anseo sealbhaithe le haghaidh dímhéas caipitil. Déantar maoin infheistíochta a shonrú ag luach cóir ag an dáta tuairiscithe. Áirítear gnóthachan nó cailteanas a eascraíonn as athruithe ar luach cóir réadmhaoin infheistíochta sa chuntas brabúis agus cailteanas le haghaidh na tréimhe ina neascraíonn siad. Ní dhéantar réadmhaoin infheistíochta a dhímheas. Rinneadh luachálacha maidir le fianaise mhargaidh inchomparáide a bhain le gach réadmhaoin faoi leith nó gach aicme réadmhaoin. Agus an luach cóir á mheasúnú, rinneadh ioncam reatha agus ioncam a d'fhéadfadh bheith ann amach anseo (i ndiaidh laghdú eisíocaíochtaí neamh-inaisghabhála) a chaipitliú ag baint úsáid as torthaí a baineadh ó fhianaise mhargaidh.

Aistrítear an réadmhaoin infheistíochta atá á dtógáil chuig an réadmhaoin infheistíochta atá críochnaithe nuair a bheidh na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó. Le linn na céime tógála, tuairiscítear an réadmhaoin ag costas, lúide aon chaillteanas charntha bearnúcháin atá ann. Tuairiscítear an réadmhaoin infheistíochta ag luach cóir nuair atá sé tugtha chun críche.

Sócmhainní doláimhsithe agus an cáilmheas

Déantar cáilmheas a eascraíonn as éadail gnó (arb ionann é agus barrachas luach cóir na comaoine a tugadh thar luach cóir na nglansócmhainní ar leith a fuarthas) a chaipitliú agus déantar é a amúchadh de réir méid chothrom thar a shaolré fhónta ionchais, an tréimhe ina bhfuiltear ag súil go dtabhófar na tairbhí.

Sa chás go bhfaightear smacht ar ghnóthais fochuideachta i gcéimeanna, de réir FRS 102, ag baint úsáid as an mbreis fhíorcheart, ríomhtar an cáilmheas mar shuim den cháilmheas a eascraíonn ar gach ceannach scaireanna, arb é sin an difríocht ag dáta gach ceanna-cháin idir luach cóir na comaoine a thugtar agus luach cóir na sócmhainní agus na ndlíteanas inaitheanta is inchurtha i leith an leasa a ceannaíodh. Léiríonn sé sin imeacht ó dhlí cuideachta na hÉireann, faoina ríomhtar cáilmheas mar an difríocht idir iomlán chostais cheannaigh na leasanna atá sealbhaithe agus luach cóir na sócmhainní agus na ndlíteanas inaitheanta ar an dáta a ndéantar gnóthas fochuideachta den eintiteas. Bheadh an ionramháil seo faoi dhlí na gcuideachtaí míthreorach i gcúinsí áirithe mar is é an éifeacht a bheadh aige go ndéanfaí scair brabús agus cailteanas an Ghrúpa agus gluaiseachtaí cúlchiste a chomhlachas a athaicmiú mar cháilmheas. Cloígh an Grúpa leis an reachtaíocht is infheidhme, ach amháin an t-athrú air sin maidir le cáilmheas ceannaithe chun cur i láthair cóir a bhaint amach.

Sa chás go bhfuil méadú ar leas i ngnóthas ar gnóthas fochuideachta é cheana, ní dhéantar na sócmhainní agus na dlíteanas a athluacháil chuig an luach cóir agus ní aithnítear níos mó cáilmheasa ag an dáta ar a méadaítear an leas rialaithe.

Tá an cáilmheas á amúchadh thar thréimhe an chomhaontaithe lamháiltais a rinneadh maidir leis an eintiteas a fuarthas.

Sa chás go bhfuil teagmhais nó cúinsí ann ina léirítear go bhféadfadh sé nach mbeifear ábalta suim ghlanluacha an cháilmheasa a aisghabháil, déanann an Grúpa meastachán ar an méid inaisghabhála bunaithe ar luach reatha na sreafaí airgid amach anseo a bhfuiltear ag súil leo ó úsáid na sócmhainne agus a diúscartha ar deireadh. I gcás go bhfuil an méid seo níos lú ná suim ghlanluacha na sócmhainne, aithneoidh an Grúpa cailteanas bearnúcháin.

Sa bhliain ina gcuirtear comhcheangal gnó i gcrích nó i gcás gur eascair cuid den cháilmheas nó an cáilmheas ar fad a leithroinneadh ar aonad giniúna airgid faoi leith maidir leis an gcomhcheangal sin, déantar measúnú ar an ionad giniúna airgid i gcomhair bearnú roimh dheireadh na tréimhe bliantúla ábhartha.

Taifeadtar sócmhainní doláimhsithe eile, ina gcuimsítear bogearraí agus cearta lamháiltais ag costas na héadála, arb é sin an luach cóir ag dáta na fála lúide na méideanna a amúchadh ar an gcuntas brabúis agus cailteanas. Déantar na sócmhainní doláimhsithe sin a amúchadh thar a saolréanna eacnamaíocha, arb iad sin téarmaí lamháiltais éagsúil arb ionann é sin faoi láthair agus idir trí bliana agus ceithre bliana déag nó fad na gceadúnas bogearraí arb ionann é sin faoi láthair agus idir trí bliana agus seacht mbliana.

Stoic

Tuairiscítear na stoic ag an gcostas nó an praghas díola measta lúide costais lena gcur i gcrích nó lena ndíol, cibé acu is ísle. Bunaítear an costas ar an bpraghas ar an sonrasc ar mheánbhonn nó ar bhonn is túisce isteach is túisce amach ag brath ar an gcatagóir stoic. Déantar lamháiltais ar bhonn bliantúil maidir le dif-heidhmeacht fhéideartha stoic. Tá sé bunaithe ar anailís aosaithe stoic.

Ní bhaineann an stoc cothabhála ach amháin le stoc a ngearrfar costas as nuair a úsáidtear é. Cuimsítear páirteanna spártha leis a úsáidtear chun críche cothabhála agus soláthairtí oifige.

Cánachas

Tuairiscítear an cháin reatha, lena n-áirítear cáin chorparáide na hÉireann agus cáin eachtrach, ag na méideanna a bhfuiltear ag súil go n-íocfar iad (nó go n-aisghabhfar iad) ag baint úsáid as na rátaí agus dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ag dáta an chlár chomhardaithe.

Tuairiscítear an cháin iarchurtha i dtaca le difríochtaí uainithe a tionscnaíodh ach nár aisiompaíodh ag dáta an chlár chomhardaithe sa chás gur tharla idirbhearta nó eachtraí ónar tháinig an oibleagáid tuilleadh cánach a íoc amach anseo nó an ceart chun níos lú cánach a íoc amach anseo ag dáta an

chláir chomhardaithe. Is ionann difríochtaí uainithe agus difríochtaí idir brabúis inchánach an Ghrúpa agus a thorthaí arna sonrú sna Ráitis Airgeadais a eascraíonn ó chuimsiú na ngnóthachan agus na gcaillteanas i measúnuithe cánach i dtréimhse atá difriúil ó na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna Ráitis Airgeadais.

Ní aithnítear caillteanais chánach neamhúsáidte agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach sa mhéid, ar bhonn na fianaise atá ar fáil, gur féidir a mheas go bhfuil sé níos dóchála go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha ann ónár féidir aisiompú amach anseo na ndifríochtaí uainithe a laghdú.

I gcás go bhfuil an méid is féidir a asbhaint i leith cánach do shócmhainn (seachas cáilmheas) a aithnítear i gcomhcheangal gnó níos lú (níos mó) ná an luach ag a aithnítear é, aithnítear dliteanas (sócmhainn) cánach iarchurtha don cháin bhreise a íocfar (a sheachnófar) maidir leis an difríocht sin. Mar an gcéanna, aithnítear sócmhainn (dliteanas) chánach iarchurtha don cháin bhreise a sheachnófar (a íocfar) i ngeall ar dhifríocht idir an luach ag a aithníteardliteanas agus an méid a measúnófar i gcomhair cánach. Déantar an méid atá inchurtha i leith cáilmheasa a choigeartú de réir méid na cánach iarchurtha a aithnítear.

Aithnítear dliteanais chánach iarchurtha le haghaidh difríochtaí uainithe a eascraíonn ó infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhlachais, ach amháin nuair is féidir leis an nGrúpa aisiompú na difríochta uainithe a rialú agus is dóigh nach n-aisiompófar í go ceann tamaill.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag baint úsáid as na rátaí agus na dlíthe cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach ag dáta an chláir chomhardaithe agus a mheasfar go mbeidh feidhm leo maidir le haisiompú na difríochta uainithe. Tomhaistear cáin iarchurtha a bhaineann le réadmhaoin, gléasra agus trealamh ag baint úsáid as an tsamhail athluachála agus tomhaistear an réadmhaoin infheistíochta ag baint úsáid as na rátaí agus liúntais chánach a bhaineann le díol na sócmhainne.

Léirítear an caiteachas cánach nó ioncam sa chuid chéanna d'ioncam cuimsitheach nó cothromas leis an idirbheart lena mbaineann sé.

Caitear le híocaíochtaí le haghaidh faoiseamh grúpa cánach corparáidí do chuideachtaí laistigh de Ghrúpa daa sa bhreis ar luach na cánach a géilleadh mar ranníocaíocht chaipitiúil.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh ach amháin sa chás go bhfuil ceart infhorfheidhmithe le dlí ann chun na méideanna a fhritháireamh a bhfuil sé ar intinn ag an nGrúpa a shocrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Soláthairtí

Aithnítear soláthairtí nuair atá oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ag an nGrúpa i ngeall ar eachtra san am atá imithe thart, is dóigh go dteastóidh eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimseofaí tairbhí eacnamaíocha chun an oibleagáid sin a shocrú agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh le haghaidh mhéid na hoibleagáide. Tomhaistear soláthairtí de réir an meastachán is fearr ar an gcaiteachais a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú ar dháta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú go dtí an luach reatha nuair a bhíonn an éifeacht ábhartha.

Déantar oibleagáidí reatha a eascraíonn faoi chonarthaí dochraideacha a aithint agus a thomhas mar sholáthairtí. Meastar go bhfuil conradh dochraideach ann má tá conradh ag an nGrúpa faoina sáraíonn na costais dhosheachanta chun na hoibleagáidí a íoc faoin gconradh na tairbhí eacnamaíocha a bhfuiltear ag súil lena bhfaoin gconradh.

Oibleagáidí sochair scoir

Déanann an Grúpa scéimeanna pinsean ranníocach, faoina gcumhdaítear formhór a fhostaithe, a fheidhmiú, é sin nó glacann sé páirt iontu. Riarann iontaobhaithe na scéimeanna agus tá siad neamhspleách ar an nGrúpa.

Maidir leis na scéimeanna ar a dtugtar cuntas mar scéimeanna ranníocaíochta sainithe, déantar ranníocaíochtaí a fhabhrú agus a aithint sa bhrabús oibriúcháin sa tréimhse ina dtuillteann na fostaithe ábhartha iad.

I ndáil leis na scéimeanna atá tuairiscithe mar scéimeanna le sochar sainithe:

- Déantar an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanais na scéimeanna ar a ndearnadh measúnú achtúireach, a ríomhadh ag baint úsáid as modh na n-aonad réamh-mheasta, a nochtadh mar shócmhainne/dhliteanas ar an gclár comhardaithe.
- Déantar an cháin iarchurtha ar an bpinsean a aithint (a mhéid is atá sé in-aisghabhála) agus a nochtadh mar chuid de na soláthairtí le haghaidh dliteanas.
- Is ionann an méid a gheartar ar an mbrabús oibriúcháin agus an costas a dearbhaíodh ar bhonn achtúireach maidir leis na dliteanais pinsean a gealladh d'fhostaithe a tuilleadh le linn na bliana móide feabhsuithe ar bith ar shochair a tugadh do chomhaltaí le linn na bliana.
- Tá an glanchostas úis ar an nglan dliteanas sochair shainithe áirithe sna costais airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais.
- Rinneadh an t-atomhas inar cuimsíodh gnóthachain agus caillteanais achtúireacha, i ngeall ar athruithe ar na boinn tuisceana achtúireacha nó i ngeall go raibh an taithí iarbhair le linn na bliana difriúil óna raibh glactha leis, agus an toradh ar shócmhainní scéime (gan méideanna sa ghlan-ús ar an nglan dliteanas sochair shainithe) a aithint in ioncam cuimsitheach eile.
- Taifeadtar an cháin maidir le costais seirbhíse, glanchostais úis, costais seirbhíse roimhe seo nó gnóthachain agus caillteanais ar chiorruithe agus ar shocraíochtaí sa chuntas brabúis agus caillteanais. Tuairiscítear an cháin ar atomhais faoin ioncam cuimsitheach eile.

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

33. Beartas cuntasaióchta ar leanúint

Tuairiscítear dliteanais sochair shainithe neamh-mhaoinithe mar shocraíochtaí sochair shainithe.

Aithnítear sochair iarfhostaíochta eile más rud é go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann agus is ag luach reatha oibleagáid an dlite-anais ag an dáta tuairiscithe a dhéantar iad a thomhas.

Aithnítear sochair foirceanta nuair atá oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ag an nGrúpa chun sochair foirceanta a sholáthar mar thoradh ar thairiscint a rinneadh chun iomarcaíocht dheonach nó luathscor a spreagadh. Tomhaistear sochair foirceanta ag meastachán is fearr an chaiteachais a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú ar dháta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú go dtí an luach reatha nuair a bhíonn na sochair foirceanta dlite níos mó ná 12 mhí i ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe.

Deontais chaipitil

Caitear le deontais chaipitil mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh thart shaolréanna ionchasacha na sócmhainní seasta gaolmhara.

Ionstraimí airgeadais

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Rangaítear dliteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir shubstaint na socruithe conarthacha a ndeachthas isteach iontu. Is éard is ionstraim chothromais ann conradh ar bith ina léirítear ús iarmharach i sócmhainní an Ghrúpa i ndiaidh a dhliteanais ar fad a asbhaint.

(i) Sócmhainní agus dliteanais airgeadais

Déantar na sócmhainní agus dliteanais airgeadais uile a thomhas i dtosach ag praghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), seachas na sócmhainní airgeadais a rangaítear mar luach cóir tríd an mbrabús nó caillteanas, a thomhaistear ar dtús ag an luach cóir (arb é sin praghas an idirbhirt gan costais an idirbhirt san áireamh de ghnáth).

Déantar ionstraimí fiachais a chomhlíonann na coinníollacha maidir leis na bunionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí bainc agus nótaí iasachta an Ghrúpa, ag a bhfuil íocaíochtaí seasta nó infhoirceanta, a thomhas ina dhiaidh sin ag an gcostas amúchta ag baint úsáid as an modh úis éifeachtaigh. Déantar na hionstraimí fiachais a aicmítear mar a bheith iníoctha nó infhála laistigh de bhliain amháin agus a chomhlíonann na coinníollacha maidir leis na bunionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí idirchuideachta a ghearrtar ar chlár comhardaithe na Cuideachta agus atá iníoctha ach é sin a iarraidh, a thomhas ag méid neamhlascainithe an airgid thirim nó comaoine ar bith eile a bhfuiltear ag súil go níoíofaí nó go ngeoífaí í, glan ó bhe-arnú.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag an gcostas amúchta, amhail infheistíocht neamhliostaithe i stoc iasachta agus infhála atá iníoctha ach iad a iarraidh, a mheasúnú i gcomhair fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Má bhíonn sócmhainn bearnaithe is é an caillteanas bearnúcháin an difríocht idir an tsuim ghlanluacha agus luach reatha na sreafaí airgid measta arna lascainiú ag bunráta úis éifeachtaigh na sócmhainne. Tá an caillteanas bearnúcháin tuairiscithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Má bhíonn laghdú sa chailteanas bearnúcháin a eascraíonn as eachtra a tharla i ndiaidh an bearnú a aithint, aisiompraithear an bearnú. Bíonn an t-aisiompú de chineál nach sáraíonn suim ghlanluacha reatha an tsuim ghlanluacha a bheadh ann dá mbá rud é nár aithníodh an bearnú roimhe sin. Aithnítear t-aisiompú bearnúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh sa chlár comhar-daithe sa chás go bhfuil ceart infhorfheidhmithe le dlí ann chun na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil sé ar intinn ag an nGrúpa iad a shocrú ar ghlanbhonn, nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Déantar sócmhainní airgid thirim a dhiaithint sa chás, agus sa chás seo amháin, (a) go mbíonn na cearta conarthacha maidir leis na sreafaí airgid thirim ón tsócmhainn airgeadais éagtha nó socraithe, (b) go n-aistríonn an Grúpa go substaintiúil na rioscaí agus na sochair uile a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) go ndearna an Grúpa, in ainneoin gur choinnigh sé cuid de rioscaí agus sochair shuntasacha na húnéireachta, ach ní iad ar fad, ceannas na sócmhainne a aistriú chuig páirtí eile.

Ní dhéantar dliteanais a dhí-aithint ach amháin nuair a bheidh an oibleagáid atá sainithe sa chonradh urscaoilte, curtha ar ceall nó éagtha.

(ii) Ionstraimí airgeadais díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí díorthacha airgeadais chun an neamhchosaint ar riosca malairte eachtraí a laghdú. Ní shealbhaíonn nó ní eisióinn an Grúpa ionstraimí díorthacha airgeadais chun críocha amhantracha.

Aithnítear díorthaigh ag an luach cóir i dtosach ar an dáta a dtéitear isteach i gconradh díorthaigh agus atomhaistear iad ina dhiaidh sin chuig a luach cóir ar gach dáta tuairiscithe. Aithnítear gnóthachan nó caillteanas mar thoradh air sin sa bhrabús nó sa chailteanas láithreach.

(iii) Tomhas luacha chóir

Is é an fhianaise is fearr ar luach cóir atá ann ná praghas luaite le haghaidh sócmhainn chomhionann i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, soláthraíonn praghas idirbheart le déanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann fianaise ar luach cóir fad is nár tháinig athrú ar chúinsí eacnamaíoch nó nach raibh achar ama suntasach ann ó rinneadh an t-idirbheart. Sa chás nach bhfuil an margadh gníomhach agus nach bhfuil idirbhearta le déanaí um sócmhainn chomhionann leo féin ina meastachán maith de luach cóir, déanann an Grúpa an luach cóir a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála.

(iv) Ús ioncaim agus caiteachais a aithint

Aithnítear ús ioncaim agus caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile ag baint úsáid as an modh úis éifeachtaigh. Is éard is an modh úis éifeachtaigh ann modh chun costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dlíteanais airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais nó dlíteanas airgeadais) a ríomh agus chun an t-ioncam úis agus an caiteachas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is éard is an ráta úis éifeachtaigh ann an ráta lena ndéantar íocaíocht nó fáiltais airgid thirim measta amach anseo a lascainíú go beacht trí shaolré mheasta na hionstraime airgeadais, nó nuair is cuí, tréimhse níos gairide do shuim ghlanluach na sócmhainne nó an dlíteanais airgeadais.

Airgead tirim agus a choibhéis

Is éard is coibhéis airgid thirim ann infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha is féidir a thiontú go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim agus atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach. Laistigh de ráiteas maidir le sreabhadh airgid an Ghrúpa, sainítear airgead tirim mar airgead tirim agus taiscí atá iníoctha ach iad a iarraidh.

Míreanna eisceachtúla

Is ionann míreanna eisceachtúla agus míreanna ábhartha ioncaim agus caiteachais nach mór, i ngeall ar a gcineál neamhghnách agus annamhacht na n-eachtraí as a n-eascaíonn siad, iad a chur i láthair ar leithligh ionas go dtuigfear feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. D'fhéadfadh gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt sócmhainní nó ar ghluaiseachtaí luacha chóir nó ar réadmhaoin infheistíochta, costais maidir le hatheagrú nó athstruchtúrú bunúsach bheith i gceist leis na heachtraí sin.

34. Breithiúnais chriticiúla cuntasaíochta agus príomhfhoinsí um neamhchinnteacht meastachán

Agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm, a bhfuil cur síos déanta orthu i Nóta 33, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana a dhéanamh faoi na suimeanna glanluacha a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dlíteanais amhail dáta an Chláir Chomhardaithe agus na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais sa tréimhse nach bhfuil chomh follasach ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na boinn tuisceana atá gaolmhar leo bunaithe ar thaithí roimhe seo agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. Ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh sé go mbeadh na torthaí iarbhrí difriúil ó na meastacháin sin.

Déantar athbhreithniú ar mheastacháin agus ar bhoinn tuisceana bhunúsacha ar bhonn leanúnach. Déantar leasuithe le meastacháin chuntasaíochta a thuairisciú sa tréimhse ina ndearnadh an leasú ar an meastachán más rud nach mbíonn tionchar aige ach amháin sa tréimhse sin, agus déantar é a thuairisciú i dtréimhsí sa todhchaí más rud go mbíonn tionchar aige sa tréimhse reatha agus i dtréimhsí todhchaíoch chomh maith.

Níl aon bhreithiúnais chuntasaíochta ann atá cáinteach. Áirítear an méid seo a leanas, ach ní iad sin amháin, ar phríomhfhoinsí um an neamhchinnteacht mheastacháin:

Measúnacht um laige

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní aerfoirt maidir leis an acmhainneach laige trí bhraithneoireacht a dhéanamh ar shraith táscairí seachtracha agus inmheánacha a bhaineann go sonrach leis na sócmhainní atá á n-athbhreithniú. Meastar aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí a bheith ina n-aonad giniúna airgid chun críche measúnachtaí um laige bunaithe ar an sainordú reachtúil maidir leis an mbonneagar aerfoirt a oibriú, idirspéachas sreafaí airgid thirim na n-aerfort agus an struchtúr eagraíochtúil feidhmiúil Ghrúpa daa. Tá leibhéal na hacmhainne ina fheidhm dhíreach maidir leis na breithiúnais agus na boinn tuisceana lena gcuirtear bonn agus taca faoin bplean straitéiseach agus tá sé spleách ar deireadh ar an ráta lascaine, ráta fáis na gcríochfóir agus an ráta fáis bliantúil comhcheangailte paisinéirí. Agus measúnú á dhéanamh ar an luach in úsáid, déantar na sreafaí airgid thirim measta amach anseo a lascainíú go dtí a luach reatha ag baint úsáide as ráta lascainithe roimh cháin a léiríonn amluach an airgid agus ar na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an aonad giniúna airgid thirim. Is ionann na príomhbhoinn tuisceana a dhéanann difear do mheastachán an luacha in-úsáid agus leanúint den chóras rialála reatha, fás na bpaisinéirí agus ráta fáis na bpaisinéirí agus an ráta lascainithe. Baintear na sreafaí airgid thirim ó réamhmheastacháin airgeadais fhadtéarmacha agus ó phlean rollach cúig bliana gnó agus airgid thirim an Ghrúpa agus ní áirítear leo gníomhaíochtaí athstruchtúraithe nach bhfuil an Grúpa tiomanta dóibh fós nó infheistíochtaí suntasacha amach anseo lena gcuirtear feabhas ar fheidhmíocht sócmhainne an aonaid giniúna airgid atá á thástáil.

Sa chás go bhfuil táscairí de bhearnú sócmhainní airgeadais nó doláimhsithe ann lena n-áirítear cáilmheas agus cearta lamháitais, déanann an Grúpa tástálacha bearnúcháin bunaithe ar an luach-in-úsáid. Dearbhaítear an luach-in-úsáid trí ghlanluach reatha na sreafaí airgid measta amach anseo a eascaíonn ón aonad giniúna ioncaim sin, a lascainíú ag fachtóir lascainithe cuí. Faightear na sreafaí airgid thirim ó phlean na réamh-mheastachán airgeadais.

Nótaí ar agus atá mar chuid de na ráitis airgeadais ar leanúint don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

34. Breithiúnais chriticiúla cuntasaíochta agus príomhfhoinsí um neamhchinnteacht meastachán ar leanúint Athluacháil réadmhaoine infheistíochta

D'fhostaigh an Grúpa speisialtóirí neamhspleácha luachála chun an luach cóir amhail an 31 Nollaig 2019 agus an 31 Nollaig 2018 a dhearbhu. Ullmhaíodh na luachálacha de réir FRS 102 agus de réir an bhreithmheasa agus an lámhleabhair luachála arna eisiúint ag Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte.

Tá sócmhainní réadmhaoine suntasacha ag an nGrúpa a úsáidtear i réimse leathan gníomhaíochtaí ar fud na n-aerfort amhail an pháirceáil, an fruilíú carranna, haingir agus spás oifige. Bhí breithiúnas de dhíth i gcomhthéacs oibríochtaí na n-aerfort, chun cad iad na réadmhaoine, más ann dóibh, ba cheart iad a aicmiú mar réadmhaoine infheistíochta faoi Roinn 16 ('Réadmhaoine Infheistíochta') a dhearbhu. Sa chás go sealbhaítear sócmhainní réadmhaoine chun seirbhísí riachtanacha a theastaíonn ag an aerfort a chur ar fáil, amhail fruilíú carranna, an pháirceáil agus saoráidí haingear, níor measadh go raibh siad sin á sealbhú mar réadmhaoine infheistíochta. Réadmhaoine eile a mheastar a bheith ina réadmhaoine infheistíochta ná réadmhaoine nó talamh a shealbhaítear chun cíosanna a thuilleamh le haghaidh luachmhéadú caipitil amhail láithreáin óstán agus foirgnimh oifige nach n-úsáidtear i gcoirí-oibríocht na n-aerfort.

Is tuairimí gairmiúla iad na luachálacha go léir ar bhonn sonraithe, mar aon le boinn tuisceana iomchuí nó speisialta ar bith. Ní fíric í luacháil, ach meastachán. Beidh méid na suibhiachtúlachta a bheidh i gceist éagsúil gan amhras ó chás go chás, mar a bheidh méid na cinnteachta, nó na dóchúlachta, go mbeadh tuairim an luachálaí maidir leis an luach margaidh ionann go díreach leis an bpraghas a gheofaí dá mba rud é go raibh díolachán iarbhír ag dáta na luachála.

Rinne na luachálaithe breithiúnais suibhiachtúla le linn a gcur chuige luachála agus iad ag teacht ar an luacháil agus cé go measann siad go bhfuil siad sin loighciúil agus cuí ní gá gurb ionann iad agus na breithiúnais chéanna a dhéanadh gach ceannaitheoir.

Soláthar do dhliteanais

Aithnítear soláthar sa chás go bhfuil oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ag an nGrúpa i ngeall ar eachtra san am a chuaigh thart, is dóigh go dteastóidh aistriú tairbhí eacnamaíochta chun an oibleagáid a shocrú agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh le haghaidh mhéid na hoibleagáide. Déanann an Grúpa soláthairtí le haghaidh éilimh tuairiscithe agus fhéideartha faoina chlár féinárachais agus le haghaidh dliteanas eile, lena n-áirítear éilimh dhlíthiúla. Déantar na soláthairtí sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, a choigeartaítear do threochtaí le déanaí nuair is cuí. Mar sin féin, léiríonn soláthairtí meastacháin de chostais airgeadais eachtraí nach gá go dtarlódh siad ar feadh na mblianta. Déantar athbhreithniú ar an mbonn le haghaidh na meastachán sin agus tugtar cothrom chun dáta iad gach bliain ar a laghad agus i gcás go mbíonn faisnéis ar fáil lena bhféadfaí athrú ábhartha teacht chun chinn.

Saolréanna eacnamaíochta fóna na sócmhainní inláimhsithe

Tá an muirear bliantúil dímhéasa i leith sócmhainní seasta inláimhsithe íogair i leith athruithe i saolréanna eacnamaíochta fóna ionchais agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Tá dearbhú saolréanna eacnamaíochta fóna cuí ina phríomhbhreithiúnas agus déantar na saolréanna eacnamaíochta fóna agus na luachanna iarmharacha a athmhéasúnú gach bliain. Leasaítear iad de réir mar is cuí chun teacht leis na meastacháin reatha, bunaithe ar dhul chun cinn teicneolaíoch, infheistíochtaí amach anseo, úsáid eacnamaíoch agus bail fhisiceach na sócmhainní. Féach Nóta 10 le haghaidh shuim ghlanluach na réadmhaoine, gléasra agus trealaimh, agus Nóta 33 le haghaidh shaolréanna eacnamaíochta fóna gach aicme sócmhainní.

Sócmhainní doláimhsithe agus an cáilmheas

Cruthaíonn an Grúpa meastachán iontaofa de shaolré fhóna na sócmhainní doláimhsithe agus an cháilmheasa a eascraíonn as comhcheangail ghnó. Tá an meastachán bunaithe ar thréimhse cúig bliana nó nuair a bhíonn sé níos faide, thar thréimhse an chomhaontaithe lamháiltais a rinneadh maidir leis an eintiteas a fuarthas.

Achoimre cúig bliana ar thorthaí airgeadais

	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000	2015 €000
Torthaí oibriúcháin					
Láimhdeachas	934,696	896,901	854,582	793,107	679,758
EBITDA (réamh-eisceachtúil)	301,831	289,005	270,901	247,476	206,042
Dímheas, amúchadh agus bearnú	(127,024)	(124,368)	(113,024)	(108,299)	(105,146)
Coigeartú ar an luach cóir ar réadmhaoin infheistíochta	29,881	5,655	6,804	4,115	19,661
Brabús oibriúcháin an Ghrúpa (réamh-eisceachtúla)	204,688	170,292	164,681	143,292	120,557
Sciar de bhrabúis na ngnóthas comhlachaithe agus na gcomhfhiontar	16,816	17,299	29,543	29,505	28,938
Ioncam/caiteachas airgeadais	(16,154)	(26,186)	(36,419)	(41,192)	(52,537)
Míreanna eisceachtúla an Ghrúpa	–	2,811	–	(37,088)	8,195
Brabús roimh cháin	205,350	164,216	157,805	94,517	105,153
Cánachas	(27,135)	(22,662)	(21,827)	(9,876)	(16,770)
Leas mionlaigh	(2,245)	(2,010)	(5,662)	(5,258)	(4,971)
Brabús don bhliain airgeadais	175,970	139,544	130,316	79,383	83,412
Brabús gan míreanna eisceachtúla san áireamh (i ndiaidh cháin)	150,167	132,628	125,114	107,512	61,481
Caipiteal a úsáideadh					
Sócmhainní inláimhsithe agus infheistíocht réadmhaoine	1,996,918	1,856,038	1,840,432	1,758,316	1,744,383
Sócmhainní seasta doláimhsithe	57,296	51,750	55,948	61,245	66,099
Infheistíochtaí	129,459	128,024	129,473	129,986	121,421
Glansócmhainní reatha	189,589	247,864	187,741	499,104	351,441
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha	2,373,262	2,283,676	2,213,594	2,448,651	2,283,344
Creidiúnaithe atá dlite i ndiaidh breis is bliain amháin	(723,085)	(770,310)	(817,510)	(1,155,439)	(1,063,780)
Deontais chaipitil	(7,361)	(8,016)	(8,705)	(10,156)	(9,898)
Forálacha i leith dliteanais	(107,967)	(106,956)	(94,102)	(82,643)	(74,836)
Glansócmhainní	1,534,849	1,398,394	1,293,277	1,200,413	1,134,830

Achoimre ar shreabhadh airgid thirim cúig bliana

	2019 €000	2018 €000	2017 €000	2016 €000	2015 €000
Achoimre ar shreabhadh airgid thirim					
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	304,759	286,696	255,723	245,483	210,823
Díbhinní ó gnóthais gaolmhara (glan)	17,859	18,921	26,481	22,808	24,098
	322,618	305,617	282,204	268,291	234,921
Glanús íoctha	(14,895)	(25,887)	(35,063)	(41,424)	(51,558)
Cáin íoctha	(26,134)	(3,421)	(3,807)	(3,559)	(2,018)
	281,589	276,309	243,334	223,308	181,345
Infheistíocht i sócmhainní seasta inláimhsithe, i réadmhaoin infheistíochta agus i mbogearraí	(222,012)	(134,686)	(171,194)	(118,273)	(111,563)
Íocaíochtaí i ndáil le hathstruchtúru eisceachtúil agus forálacha eile	(3,560)	(3,603)	(4,535)	(3,835)	(81,111)
Infheistíocht i/iasacht do ghnóthais chomhlachaithe agus do chomhfhiontair agus sócmhainní seasta	(2,696)	(630)	–	–	–
Éadail gnóthas fochuideachta glan ó airgead tirim a fuarthas	–	–	(4,759)	–	–
Glanfháltais ó dhiúscairt gnóthas fochuideachta/gnóthas comhlachaithe/ comhfhiontar	–	1,238	–	–	–
Díolachán sócmhainní inláimhsithe agus airgeadais	249	32	51	7	236
Deontais faighte	–	–	28	983	–
Aisiocaíocht sócmhainne airgeadais	365	302	442	–	–
	(227,654)	(137,347)	(179,967)	(121,118)	(192,438)
	53,935	138,962	63,367	102,190	(11,093)
Díbhinní a íocadh le scairshealbhóir	(40,000)	(37,400)	(29,100)	(18,300)	–
Díbhinní a íocadh le gnóthais mhionlaigh fochuideachtaí	(3,073)	(1,261)	(2,570)	(1,355)	(3,950)
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) roimh bhainistiú acmhainní leachtacha agus maoinithe	10,862	100,301	31,697	82,535	(15,043)
Glanfhiachas	429,656	440,773	540,619	571,501	616,240

Achoimre cúig bliana ar staitisticí paisinéirí (neamhiniúchta)

Paisinéirí	2019	2018	2017	2016	2015
Foriomlán					
Trasatlantach	4,003,989	3,819,410	3,302,033	2,734,502	2,396,684
An Ríocht Aontaithe	11,590,992	11,391,320	11,293,751	11,219,615	10,108,080
Mórtóir na hEorpa	18,558,369	17,332,628	16,151,160	15,144,817	13,631,772
Idirnáisiúnta Eile	1,005,480	991,293	841,776	767,534	797,932
Intíre	107,084	115,302	98,892	97,049	84,008
Idirthuras	235,575	238,472	203,203	174,431	102,053
	35,501,489	33,888,425	31,890,815	30,137,948	27,120,529
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+4.8%	+6.3%	+5.8%	+11.1%	+13.7%
Baile Átha Cliath					
Trasatlantach	4,003,713	3,790,970	3,285,618	2,733,975	2,396,416
An Ríocht Aontaithe	10,230,550	10,081,376	9,987,687	9,930,904	8,906,766
Mórtóir na hEorpa	17,333,001	16,282,380	15,170,341	14,208,822	12,768,193
Idirnáisiúnta Eile	1,005,477	991,285	841,769	767,324	797,932
Intíre	103,896	111,850	94,276	93,731	80,079
Idirthuras	234,590	237,743	202,617	172,628	99,933
	32,911,227	31,495,604	29,582,308	27,907,384	25,049,319
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+4.5%	+6.5%	+6.0%	+11.4%	+15.4%
Corcaigh					
Trasatlantach	276	28,440	16,415	527	268
An Ríocht Aontaithe	1,360,442	1,309,944	1,306,064	1,288,711	1,201,314
Mórtóir na hEorpa	1,225,368	1,050,248	980,819	935,995	863,579
Idirnáisiúnta Eile	3	8	7	210	–
Intíre	3,188	3,452	4,616	3,318	3,929
Idirthuras	985	729	586	1,803	2,120
	2,590,262	2,392,821	2,308,507	2,230,564	2,071,210
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+8.3%	+3.7%	+3.5%	+7.7%	-3.4%

Achoimre cúig bliana ar ghluaiseachtaí aerárthaí (neamhiniúchta)

	2019	2018	2017	2016	2015
Foriomlán					
Tráchtála					
– Sceidealaithe	243,693	236,431	224,862	217,513	199,064
– Neamhsceidealaithe	5,739	5,988	6,436	6,090	5,910
– Lastas	4,268	4,389	4,404	4,055	4,413
Gluaiseachtaí aeriompair tráchtála	253,700	246,808	235,702	227,658	209,387
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+2.8%	+4.7%	+3.5%	+8.7%	+8.0%
Eile	33,930	29,160	30,630	38,332	30,857
Iomlán na ngluaiseachtaí aerárthaí	287,630	275,968	266,332	265,990	240,244
Baile Átha Cliath					
Tráchtála					
– Sceidealaithe	222,492	216,199	205,372	197,925	181,735
– Neamhsceidealaithe	5,382	5,587	6,052	5,537	5,394
– Lastas	4,268	4,388	4,404	4,055	4,105
Gluaiseachtaí aeriompair tráchtála	232,142	226,174	215,828	207,517	191,234
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+2.6%	+4.8%	+4.0%	+8.5%	+10.0%
Eile	6,856	7,011	7,369	7,561	6,636
Iomlán na ngluaiseachtaí aerárthaí	238,998	233,185	223,197	215,078	197,870
Corcaigh					
Tráchtála					
– Sceidealaithe	21,201	20,232	19,490	19,588	17,329
– Neamhsceidealaithe	357	401	384	553	516
– Lastas	–	1	–	–	308
Gluaiseachtaí aeriompair tráchtála	21,558	20,634	19,874	20,141	18,153
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+4.5%	+3.8%	-1.3%	+10.9%	-9.2%
Eile	27,074	22,149	23,261	30,771	24,221
Iomlán na ngluaiseachtaí aerárthaí	48,632	42,783	43,135	50,912	42,374

Faisnéis aerloingseoireachta

Aerfort Bhaile Átha Cliath

Láithreán	Domhanleithead 532517T, Domhanfhad 0061612W (lárphointe an rúdbhealaigh 10/28)
Airde	242 troigh AMSL
Rúdbhealach	Rúdbhealach 10/28: Fad 2,637 méadar – Leithead 45 méadar móide colbha 7.5 méadar ar gach taobh de Dromchla Asfailt Catagóir III A (Rúdbhealach 10)/Catagóir III A (Rúdbhealach 28) Rúdbhealach 16/34: Fad 2,072 méadar – leithead 61 méadar Dromchla Asfailt Catagóir I (rúdbhealach 16)/Neamhchruinneas (rúdbhealach 34)
Athbhreoslú	JET A1
I mbun feidhme	24 uair
Seoladh poist	Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
Uimhir facs	(01) 814 1034 (09:00 – 17:00) (01) 814 5479 (24 uair)
Uimhir teileafóin	Náisiúnta (01) 814 1111 Idirnáisiúnta 353 1 814 1111
Gréasán	www.dublinairport.com
Sita	DUBRN7X (Riarachán an Aerfoirt) DUBYREI (Oibriochtaí)

Aerfort Chorcaí

Láithreán	Domhanleithead 515029N, Domhanfhad 0082928W
Airde	502 troigh AMSL
Rúdbhealach	Rúdbhealach 16/34: Fad 2,133 méadar – Leithead 45 méadar móide colbha 7.5 méadar ar gach taobh de Dromchla Asfailt Catagóir II (Rúdbhealach 16)/Catagóir I (Rúdbhealach 34) Rúdbhealach 07/25: Fad 1,310 méadar – Leithead 45 méadar Dromchla coincrét Athbhreoslú
neamhláitreach	Lánáiseanna athbhreoslaithe ar fáil
I mbun feidhme	24 uair
Seoladh poist	Aerfort Chorcaí, Co. Chorcaí, Éire
Uimhir facs	(021) 431 3442
Uimhir teileafóin	Náisiúnta (021) 431 3131 Idirnáisiúnta 353 21 431 3131
Gréasán	www.corkairport.com
Sita	ORKARXH

Faisnéis Ghinearálta Ghnó

daa cpt

Ceannoifig
Aerfort Bhaile Átha Cliath,
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
T. 353 1814 1111
F. 353 1 814 4120
www.daa.ie

Oifig chláraithe

Aerfort Bhaile Átha Cliath,
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire

Aer Rianta International cpt

Ceannoifig
Aerfort Bhaile Átha Cliath,
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
T. 353 1 944 4056
www.ari.ie

Aer Rianta International, An Meánoirthear

An 4ú hUrlár, Foirgneamh an Túir,
Limistéar Taidhleoireachta, Bosca Poist 10047
Manama, Ríocht Bairéin
T. 00 973 17537979
F. 00 973 17533741
www.ari.ie

DAA Finance cpt

Sean-fhoirgneamh Críochfort Lárnach
Aerfort Bhaile Átha Cliath,
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
T. 353 1814 1111

Iníúcháirí

Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Cuideachta Iníúchta
Reachtúil, Teach Deloitte & Touche
Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

Príomh-bhaincéirí

Grúpa Bhanc na hÉireann
Barclays Bank
Paribas BNP
Danske Bank A/S
Banc Infheistíochta na hEorpa
HSBC Bank plc
Banc Uladh Teo

Ráitis Réamhbhreathnaitheacha

Tá le fáil sa doiciméad seo ráitis réamhbhreathnaitheacha áirithe maidir le staid airgeadais, torthaí oibríochtaí agus gnólachtaí daa cpt. Tá i gceist leis na ráitis seo riosca agus neamhchinnteacht ós rud é go mbaineann siad le himeachtaí agus go mbíonn siad ag brath ar dhálaí a tharlóidh sa todhchaí. Is ann do roinnt fachtóirí arbh fhéidir leo spreagadh go mbeadh torthaí nó forbairtí iarbhír difriúla go hábhartha ón méid atá curtha in iúl nó atá tugtha le fios ag na ráitis réamhbhreathnaitheacha seo. Tá na ráitis bunaithe ar dhálaí reatha ionchais margaidh agus eacnamaíocha, ar an timpeallacht rialála ar ann di cheana, agus ar mhínithe a rinneadh ar Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais a chuirtear i bhfeidhm do thréimhsí san am atá thart, tréimhsí reatha agus sa todhchaí. Níor chóir aon rud sa tuairisc seo a fhorléiriú mar thuar brabúis.



The outer cover of this report has been laminated with a biodegradable film. Around 20 months after composting, an additive within the film will initiate the process of oxidation.



daa cpt
Príomhoifig
Aerfort Bhaile Átha Cliath,
Co. Bhaile Átha Cliath, Éire
T. 353 1814 1111
F. 353 1 814 4120
www.daa.ie
